



MICHAEL MORPURGO



An Fáth  
Ar Tháinig  
Na Míolta Móra

An Fáth  
Ar Tháinig  
**Na Míolta Móra**

**MICHAEL MORPURGO**

*Do Mark, Linda, Geoffrey agus Stewart*

Egmont UK Limited a chéadfhoilsigh an buneagrán Béarla in  
1985 faoin teideal *Why the Whales Came*

Egmont UK Limited, The Yellow Building, 1 Nicholas Road,  
Londain, W11 4AN

Cóipcheart téacs © Michael Morpurgo 1985

Dearbhaíonn an tÚdar a chearta morálta.  
Gach ceart ar cosaint.

An leagan Gaeilge © CCEA 2019

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a  
chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí,  
bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar  
thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón fhoilsitheoir  
agus ón tsealbhóir cóipchirt.

Pádraig de Bléine, ar Léachtóir Sinsearach é  
le Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire  
i mBéal Feirste, a d'aistrigh an t-úrscéal seo;  
CCEA a rinne an eagarthóireacht.

Mo bhuíochas le Marion agus Keith Bennet agus le Leonard Jenkins as Bryher, agus le Roy Cooper as Tresco fosta, as an chuidiú a thug siad agus mé ag scríobh an leabhair seo.



## CLÁR



1	Z.W.	1
2	Oileán Taibhsí	14
3	Teachtairachtaí ar an Ghaineamh	37
4	Fear na nÉan	53
5	Na Fir Chustaim	72
6	Scilling an Rí	90
7	Samson	106
8	Páistí Longbhriste	123
9	31 Deireadh Fómhair 1915	141
10	Ruathar Maidine	161
11	An Seans Deireanach	187
12	An Deireadh	207

Tógadh in Oileán Bryher mé. Is ceann de na Scillí é.  
Thig leat teacht ar na hoileáin ar léarscáil ar bith,  
oileáin bheaga atá scaipthe san Atlantach ar chósta  
theas na Breataine.

Bhí mé thart faoi dheich mbliana d'aois nuair a tharla  
sé. Aibreán 1914 a bhí ann.

*Gracie Jenkins, 1985*

*Scála i Milte*



MIONGHNÉITHE ó  
na SCILLÍ





## 1 Z.W.

‘FAN AMACH Ó FHEAR NA NÉAN, A GRACIE,’ arsa m’athair minic go leor liom. ‘Fan glan amach uaidh, an gcluineann tú mé?’ Agus is dócha nach rachadh muid in aice leis ar chor ar bith ach ab é gur chuir na healaí an ruaig orainn as an lochán ag bun Gweal Hill agus muid ag seoladh ár mbád beag air.

Thóg mé féin agus Daniel neart báid bheaga. Go dearfa, bhí ceithre cinn déag tógtha againn agus dath gealghorm orthu uilig agus stríoc bhán ar na taobhanna. Is maith is cuimhin liom an lá te earraigh sin a thug muid linn iad chuig an lochán i mbarra rotha a bhí ag Athair. Bhí cóir ghaoithe linn leis na báid a chur ag seoladh ar an lochán. Chuir muid iad ar an uisce ina gceann is ina gceann agus ansin rith muid chuig an

taobh eile le fanacht leo teacht isteach. Tharla agus muid ag fanacht leis na báid gur eitel dhá eala thart i gciorcail os ár gcionn agus ansin tháinig anuas go díreach i lár an locháin, rud a chuir tonnta móra ina rith ina ndiaidh. Leagadh dhá bhád dár gcuid. I ndiaidh tamaill, tháinig cuid de na báid isteach ar bhruach an locháin, ach b'éigean dúinn dul isteach san uisce leis an chuid eile a fháil. Rinne muid iarracht an ruaig a chur ar na healaí, chaith muid bataí ina dtreo; ach níor éirigh linn. Thug siad neamhaird orainn agus lean siad a mbealach go grástúil thart ar an lochán á bpiocadh agus á gcíoradh féin. Sa deireadh, b'éigean dúinne an áit a fhágáil. Chuir muid ár mbáid isteach sa bharr rotha ar mhullach a chéile. D'imigh muid linn. Shiúil muid abhaile go spadánta gruama don tae an lá sin.

Ar feadh roinnt laethanta ina dhiaidh sin, rinne muid iarracht ár mbáid a chur ag seoladh ar an lochán arís. Bhí an chuma ar an scéal, áfach, go raibh na healaí ag coinneáil súil ghéar orainn agus tháinig siad chugainn agus cuma bhagrach orthu. Ba léir dúinn go raibh na healaí ag iarraidh an ruaig a chur orainn as an áit agus nach raibh siad sásta an lochán a roinnt le duine ar bith.

Mar sin de, cé nach raibh muid róshásta, d'fhág muid an áit agus chuaigh muid chuig Popplestone Bay. Fuair

muid amach, áfach, go raibh sé iontach gaofar ansin, fiú ar an lá is fearr sa bhliain, agus bhí muid cinnte de go leagfaí na báid chomh luath agus a chuirfeadh muid ar bharr an uisce iad. Tharla lá gur imigh an bád is gasta dár gcuid, *Cormorant* an t-ainm a bhí air, d'imigh sé ar bharr na dtonnta agus ní fhaca muid ina dhiaidh sin é.

Ba é an radharc deireanach a fuair muid air ná an seol buí agus é ag bun na spéire. Ba é sin an buille marfach. Ina dhiaidh sin níor chuir muid ár mbáid ar an fharraige in Popplestone Bay. B'éigean dúinn áit éigin eile a aimsiú. Bhí foscadh san áit a raibh an trá, os comhair Tresco. Bhí sin foirfe cionn is go raibh an fharraige i gcónaí níos ciúine ansin, ach bhí an áit róghnóthach. Ba é Tresco croílár an oileáin. Bhíodh na báid iascaigh i gcónaí ag teacht isteach agus ag imeacht arís, rud a chuir tonnta móra a rith trasna na farraige a leagfadh ár mbáid; agus bhíodh na páistí i gcónaí ag iascaireacht ar an ché nó ag rith thart san uisce éadomhain. Bhíodh deartháireacha agus deirfiúracha Daniel ar an trá i gcónaí agus iad ag cóiriú eangach agus potaí gliomaigh nó ag péinteáil na mbád. Ba é Big Tim an deartháir is sine le Daniel, agus ba eisean an duine is mó a sheachain muid. Bhí sé ina chrá croí agus bhíodh sé i gcónaí ag cur isteach orainn, agus ar ndóigh,

bhíodh sé i gcónaí ar an trá. An t-aon uair amháin a rinne muid iarracht ár mbáid a chur a sheoladh ar an uisce ansin, nár tháinig seisean agus a chuid comrádaithe gur chaith siad clocha leis na báid? D'éirigh leo crann seoil a bhriseadh ar dhá bhád dár gcuid, ach níor éirigh leo iad a chur go tóin poill, rud a chuir áthas orainne agus díomá orthu. Mar sin féin, ní raibh muid ag iarraidh dul sa tseans arís. B'éigean dúinn áit a aimsiú nach mbeadh duine ar bith eile eolach air, agus áit éigin ina mbeadh an fharraige ciúin go leor leis na báid a chur ag seoladh ann. Ní raibh fágtha ach an t-aon áit amháin – Rushy Bay.

Ní raibh cead againn dul go Rushy Bay. Go dearfa, ní raibh cead againn dul áit ar bith ar an chósta thiar de Bryher. Ba iad an lochán faoi Gweal Hill agus an trá ar Popplestones na háiteanna is faide ar shiúl a raibh cead againn dul chucu sa treo sin. Níor thóg muid ceist ar bith; ní raibh orainn ceist a thógáil. Bhí a fhios againn go maith go raibh cósta thiar an oileáin iontach contúirteach, róchontúirteach do pháistí, ba chuma cén cineál aimsire a bheadh ann. Chuir Máthair agus Athair i gcuimhne dom i gcónaí go raibh sé contúirteach agus bhí an ceart acu. Bhí aillte dubha ag Shipman's Head agus ag Hell's Bay a d'éirigh na céadta troigh ar airde os

cionn na farraige, agus bhí an fharraige iontach garbh thíos fúthu. Fiú ar na laethanta is ciúine sa bhliain, thioctadh leis na tonnta tú a sciobadh de na carraigeacha agus isteach san fharraige. Is iomaí uair a bhí mé ann, ach bhíodh Athair i gcónaí liom. Ba ghnách linn dul ansin ar lorg adhmaid don tine. Bhailigh muid adhmaid raice agus thug muid isteach é lena thabhairt abhaile. In amanna bhailigh muid feamainn fosta agus líon muid an chairt léi gur thug muid abhaile í lena cur ar na prátaí agus ar na bláthanna le cuidiú leo fás. Ach ní dheachaigh mé liom féin riamh chuig an taobh sin den oileán; le fírinne, ní dheachaigh duine ar bith leis féin.

Ar ndóigh, bhí fáth eile, fáth a bhí níos tábhachtaí fós, nach raibh cead ag na páistí dul go Rushy Bay ná go Droppy Nose Point ná go cósta thiar an oileáin, agus is é an fáth a bhí leis sin ná gurbh iad sin na háiteanna is mó a mbíodh Fear na nÉan as Bryher le feiceáil. Ba eisean an t-aon duine a chónaigh ar an taobh sin den oileán. Chónaigh sé san aon teach amháin a bhí ar chósta thiar an oileáin, teach fada íseal ceann tuí ar Heathy Hill a bhí os cionn Rushy Bay féin. Ní dheachaigh duine ar bith in aice leis agus níor labhair duine ar bith leis. Dála na bpáistí eile ar an oileán, d'fhoghlaim mé féin agus Daniel ó bhí muid an-óg go raibh orainn Fear na nÉan a

sheachaint. Dúirt daoine áirithe go raibh Fear na nÉan as a mheabhair. Dúirt daoine eile gurbh é an diabhal féin é, go n-íosfadh sé madaí agus cait agus go gcuirfeadh sé mallachtaí ar dhaoine agus go gcuirfeadh sé faoi gheasa draíochta iad dá rachadh siad róchóngarach dó.

Ní fhaca mé Fear na nÉan ach cúpla uair, ach ba leor sin domsa leis na scéalta uilig a chuala mé faoi a chreidiúint. Bhí sé mar a bheadh ulchabhán ann, créatúr a bhain leis an oíche. Ní bhíodh sé le feiceáil taobh amuigh i rith an lae ach go fíorannamh, b'fhéidir ag dul thart ar an oileán ina bhád nó ina shuí ina chairt; agus fiú sna laethanta is teo i rith an tsamhraidh, bhíodh i gcónaí cóta fada dubh agus hata dubh báistí air. Thiocfadh leat é a chluinstin ag labhairt os ard leis féin i gcéin i nglór aisteach leadránach. B'fhéidir nach raibh sé ag labhairt leis féin ar chor ar bith, ach leis an fhaoileán sin a bhíodh i gcónaí ina shuí ar a ghualainn nó leis an asal bheag dhubh a tharraing a chairt cibé áit a ndeachaigh sé, nó b'fhéidir gur leis an mhadadh mhór lomrach a shiúil in aice leis a bhí sé ag labhairt. Níor chaith Fear na nÉan bróga ar bith; fiú sa gheimhreadh ní bhíodh bróga air. Bhí sé bacach cromtha agus é ag siúl. Is cuma cén áit a ndeachaigh sé, bhíodh i gcónaí scata faoileán ag eitilt os a chionn, ag amharc amach

faoina choinne, amhail is go raibh siad á chosaint. Is annamh a labhair sé le duine ar bith; go dearfa, is annamh a d’amharc sé ar dhuine ar bith.

Roimhe seo, níor rith sé liomsa ná le Daniel dul chuig an chuid seo den oileán ná dul in aice le teach beag Fhear na nÉan de bhrí gur dhúirt ár dtuismitheoirí nach raibh cead againn. I ndeireadh na dála, bhí an t-oileán breis agus míle ar fad agus leathmhíle ar leithead. Bhí cead ár gcinn againn ar leathchuid den oileán agus ba leor sin dúinne i gcónaí. Ach bhí áit éigin de dhíth ormsa agus ar Daniel leis na báid a sheoladh. Ba é sin an caitheamh aimsire is fearr a bhí againn agus bhí an-dúil againn ann. Ba é Rushy Bay an t-aon áit amháin a bhí fágtha a dtiocfadh linn é a chleachtadh. Mar sin féin, ní raibh mé ag iarraidh dul ann. Bhí sé i bhfad róchóngarach do theach Fhear na nÉan ar Heathy Hill. Ba é Daniel a thug orm é a dhéanamh. Bhí sé i gcónaí maith ag tabhairt ar dhaoine rudaí a dhéanamh.

‘Éist, a Gracie, má théann muid ar chúl Samson Hill, ní fheicfidh sé muid ag teacht, an bhfeicfidh? Ní fheicfidh, más rud é go gcoinníonn muid ár gcloigeann thíos.’

‘Is dócha nach bhfeicfidh,’ arsa mise. ‘Ach feicfidh má bhíonn sé ag amharc an bealach sin.’



‘Á, nach cuma má fheiceann?’ arsa Daniel. ‘Agus má fheiceann sé muid, nach dtig linn rith ar shiúl? Is seanduine é, a Gracie, an fear is sine ar an oileán, de réir m’Aunty Mildred. Agus tá sé bacach, agus mar sin de, is ar éigean a bheas sé ábalta rith inár ndiaidh agus breith orainne, nach fíor sin?’

‘Is fíor, is dócha, ach ...’

‘Is fíor go cinnte. Ní gá duitse a bheith buartha, a Gracie. Beidh Rushy Bay ar fad againn dúinn féin, an fharraige mhór chiúin agus gan Big Tim ann le cur isteach orainn. Ní thiochfaidh duine ar bith orainne ansin.’

‘Ach cad é a tharlóidh más rud é go mbéarfaidh Fear na nÉan orainn, a Daniel? Is é an rud atá mé ag iarraidh a rá gur chuala mé nach gá dó ach a lámh a leagan orainn agus go dtógfaidh muidne é.’

‘Cé a d’inis sin duit?’

‘Big Tim. Dúirt sé go raibh an galar tógálach. Dúirt sé nach gá d’Fhear na nÉan ach a lámh a leagan ort agus go dtógfaidh tú é. Mar a bheadh an bhruitíneach ann, a dúirt sé. Mar a bheadh fiabhras ann; agus ní hé sin an chéad uair a chuala mé sin ach oiread.’

‘Cad é atá tógálach?’ arsa Daniel. ‘Cad é atá tú a mhaíomh?’

‘Mire, tá sé as a mheabhair ar fad. Tá sí sin tógalach, is é sin an rud a dúirt Big Tim cibé ar bith. I ndáiríre, téann tú as do mheabhair, a dhála féin, má leagann sé a lámh ort.’

‘Amaidí,’ arsa Daniel. ‘Níl sé tógalach. Níl ann ach go bhfuil Big Tim ag iarraidh tú a scanrú. Nach bhfuil a fhios agat cén sórt duine atá ann faoin am seo? Tá sé lán scéalta, tá a fhios sin agat. Le fírinne, a Gracie, ní bheidh tú i do ghealt agus ní rachaidh tú as do mheabhair; ní tharlóidh a dhath. Geallaim duit. Níl sé fíor cibé ar bith, agus fiú más rud é go bhfuil sé fíor, ní bheidh sé ábalta coinneáil suas linne le lámh a leagan orainn, an mbeidh? Ó, bíodh ciall agat, a Gracie, is é Rushy Bay an t-aon áit amháin atá fágtha againn. Fanfaidh muid ag an taobh thall de, i bhfad ar shiúl óna theach, agus más rud é go dtiocfaidh sé amach, feicfidh muid ag teacht é agus thig linn imeacht linn. Maith go leor?’

‘Cad é a déarfaidh Athair?’ arsa mise de ghlór íseal.

‘Rud ar bith, ní déarfaidh sé rud ar bith mura bhfuil a fhios aige. Agus ní bheidh a fhios aige, ach go ndeir tú leis, ar ndóigh. Ní déarfaidh tú rud ar bith leis, an ndéarfaidh?’

‘Ní déarfaidh, ar ndóigh,’ arsa mise.

‘Maith go leor, tá sin ceart go leor, nach bhfuil? An

rachaidh muid amárach?’

‘Is dócha go rachaidh,’ arsa mise. Mar sin féin, ní raibh mé iomlán sásta leis an scéal.

An lá dár gcionn, áfach, thug muid Rushy Bay orainn féin leis an dá bhád is gasta a bhí againn a sheoladh ar an fharraige. *Shag* agus *Turnstone* na hainmneacha a bhí orthu. Maidin Dhomhnaigh a bhí ann, is cuimhin liom sin mar bhí mé thíos ar mo ghogaide i mo shuíochán san eaglais in aice le mo mháthair an mhaidin sin agus mé ag impí ar Dhia na Glóire mé a chosaint ar olc Fhear na nÉan. Nuair a tháinig sé go dtí na focail dheireanacha den Ár nAthair, ‘Ach saor sinn ó olc, Áiméan,’ dhruid mé mo shúile go teann agus ghuigh mé ar dhóigh nár ghuigh mé riamh roimhe.

Agus muid ag dul suas tríd an fhraoch ar Samson Hill ar na ceithre boinn an mhaidin sin, rinne mé iarracht tarraingt siar, ach ní raibh Daniel sásta ligean dom. Fuair sé greim ar mo lámh, rinne meangadh gáire liom, agus dúirt go mbeadh gach rud ceart go leor, go dtabharfadh sé aire dom. Más rud é go raibh Daniel agus Dia ag cuidiú liom, a shíl mé, an cara is fearr agam ar talamh agus an cara is fearr agam ar neamh, is cinnte go mbeadh gach rud ceart go leor. Bhí mé go fóill ag iarraidh an scéal sin a chur ina luí orm féin nuair a chuaigh muid

thar Samson Hill agus nuair a chonaic muid Rushy Bay thíos fúinn.

Ní raibh duine ná deoraí le feiceáil, go díreach mar a gheall Daniel. Thiocthadh liom an toit a fheiceáil ag éirí as an dá shimléar ag gach taobh de theach Fhear na nÉan agus a dhá ghabhar dhonna ag piocadh ar an fhraoch thall, ach ní raibh seisean le feiceáil in áit ar bith. Chuir muid *Shag* agus *Turnstone* ag seoladh go dtí go raibh am lóin ann. Bhí ghaoth aniar ann agus í an-mhaith don tseoladh agus na báid ag dul ar nós an gaoithe taobh le taobh ar bharr na farraige. Ba é *Turnstone* an bád is gasta – mar ba ghnách agus ní raibh rud ar bith eile ar m'intinn anois ach an rígin ar *Shag* a bhí scaoilte. Bhí dearmad iomlán déanta agam ar Fhear na nÉan.

Nuair a chuaigh muid abhaile ag am lóin, chuir muid na báid i bhfolach i measc na ndumhcha; ní bheadh orainn iad uilig a iompar abhaile agus ar ais i ndiaidh an lóin. Nuair a tháinig muid ar ais i ndiaidh an lóin, áfach, ní raibh na báid san áit ar fhág muid iad, ní raibh siad le feiceáil thíos ná thuas. Shíl muid ag an tús go mb'fhéidir go raibh dul amú orainn, go ndearna muid dearmad ar an áit ar chuir muid iad; ach de réir mar a chuardaigh muid, d'éirigh muid cinnte de go raibh siad imithe. Caithfidh sé gur thóg duine éigin iad. Bhí a fhios agam

go cinnte cérbh é an duine a thóg iad.

Thiontaigh mé le dul abhaile, agus mé ag impí ar Daniel teacht liom. Bhí seisean ina sheasamh agus a dhroim liom ar bharr na ndumhcha, a lámha ar a chromáin aige, a léine á séideadh sa ghaoth nuair a lig sé béic as go tobann agus rith sé thar na dumhcha agus as radharc. Bhí mo chroí i mo bhéal le heagla agus níor mhothaigh mé rómhaith faoi rudaí. Ach d'éirigh mé fiosrach agus lean mé é, fiú agus é ag rith ar an trá i dtreo Heathy Hill, i dtreo theach Fhear na nÉan. Bhí mé ag scairteadh air i rith an ama agus ag impí air teacht ar ais, ach ní thiocfadh sé.

Faoin am ar tháinig mé a fhad leis, bhí sé thíos ar a ghogaide ar an ghaineamh go díreach in aice leis an líne de shliogáin bhuí oráiste a d'fhág an lán mara ina dhiaidh. Bhí trí bhád ina luí ag a chosa ar an ghaineamh gheal bhán. D'aithin mé iad láithreach. Bhí *Shag* agus *Turnstone* ann agus bhí *Cormorant* ina luí in aice leo fosta. Thíos fúthu bhí dhá litir mhóra scríofa le sliogáin bhuí oráiste ar an ghaineamh: Z.W.

D'amharc muid beirt suas ag dúil le go bhfeicfeadh muid Fear na nÉan ina sheasamh os ár gcomhair, ach ní raibh duine ar bith ann. Bhí an toit ag éirí go fóill as na simléir ar an teach. Bhí na faoileáin a bhí ina seasamh

ar bhinn an tí ag scréachach orainn go bagrach. Go tobann chuala muid asal ag grágaíl go glórach ó na dumhcha. Ba leor sin, fiú do Daniel. Thóg muid na báid agus rith muid an méid a bhí inár gcraiceann; níor stad muid go dtí gur shroich muid an teach báid a bhí ag Daniel agus a fhios againn ansin go raibh muid slán sábháilte.

## 2 Oileán Taibhsí

NUAIR A BHÍ MÉ ÓG, BHÍODH I GCÓNAÍ IASC AGAM don dinnéar, iasc agus prátaí. Tharla an tráthnóna seo go raibh milléad ann, milléad dearg agus a shúil mharbh ina cheann ag stánadh orm ón phláta. Ní raibh goile ar bith agam. Ní raibh rud ar bith ar m'intinn ach an dá litir sin ar Rushy Bay. Bhí mé ag iarraidh a bheith cinnte de, bealach amháin nó bealach eile – bhí orm a bheith cinnte de gurbh é Fear na nÉan é.

Cé nach raibh goile ar bith agam, d'ith mé an t-iasc mar bhí a fhios agam go sílfeadh athair agus máthair go raibh rud éigin cearr mura n-íosfainn é de bhrí gurbh é an milléad an t-iasc is fearr liom. D'ith muid an dinnéar gan focal asainn. Bhí muid ag caitheamh cuid mhór ama ag roinnt an éisc agus á ithe agus thug sé sin cuid mhór

ama dom smaoinemh ar an dóigh is fearr leis an cheist a thógáil faoi na litreacha a bhí scríofa ar an ghaineamh gan amhras a tharraingt orm féin.

‘Chonaic mé Fear na nÉan inniu,’ arsa mise faoi dheireadh, ar nós cuma liom.

‘Tá súil agam gur fhan tú amach uaidh,’ arsa Athair, agus é ag brú a phláta uaidh. ‘An raibh tú leis an ghasúr óg sin Daniel Pender arís? Bíonn tú i gcónaí leis, nach mbíonn?’ Agus bhí an ceart aige, is dócha. Bhí Daniel Pender agus Gracie Jenkins i gcónaí i gcuideachta a chéile. Bhí sé mar sin riamh. Chónaigh sé ar an taobh eile den bhealach mhór os comhair ár ngeata ag Veronica Farm. Cibé rud a rinne muid, rinne muid le chéile é. Lean Athair ar aghaidh. ‘Deir a athair féin gur smuilcín gan mhúineadh é agus creidim sin. Bí cinnte de, a chailín, nach dtarraingíonn sé trioblóid ort. Tá sé mar a bheadh coileán mór ann an gasúr sin agus a lámha agus a chosa rómhór don chuid eile den cholainn. Bíonn a chuid gruaige i gcónaí ina seasamh ar a chloigeann amhail is go bhfuil sé díreach i ndiaidh éirí as an leaba. Tá an chuma air gur smuilcín gan mhúineadh é ceart go leor.’

‘Ní hé an chuma an rud is tábhachtaí i gcónaí,’ arsa Máthair go ciúin; agus ansin rinne sí miongháire agus



lean sí ar aghaidh, ‘ní hé go cinnte nó ní ghlacfaínn choíche tú mar fhear céile, an nglacfaínn?’

‘M’fhéasóg, b’fhéidir, a Clemmie,’ arsa Athair agus é ag gáire, agus chuir sé a mhéara fríd an fhéasóg agus chuimil sé a chroméal. Thug sé Clemmie uirthi i gcónaí nuair a bhíodh spion maith air. Ba ghnách leis Clem a thabhairt uirthi nuair a bhíodh drochspion air.

‘Ná habair rud ar bith faoi Daniel,’ arsa Máthair. ‘Is gasúr cliste é, iontach cliste lena lámha. An bhfaca tú na báid a thóg sé?’

‘Cuidím féin leis,’ a dúirt mise go teann. ‘Cuirim péint orthu agus déanaim na seolta.’

‘Is dócha go raibh sibh á seoladh an lá ar fad,’ arsa Athair. ‘Amuigh ag an lochán an raibh? Sin an áit a bhfaca sibh Fear na nÉan?’

‘Bhí, a Athair,’ arsa mise; agus ansin, ‘maidir le Fear na nÉan, a Athair; tugann gach duine Fear na nÉan air ach caithfidh sé go bhfuil ainm dílis air, dála gach duine eile, nach gcaithfidh?’

‘Woodcock,’ arsa Athair, agus é ag suí siar ina chathaoir agus ag scaoileadh an chreasa ar a bhríste, rud a rinne sé i gcónaí i ndiaidh an dinnéir. ‘Woodcock, sin an sloinne a bhí ar a mháthair ar scor ar bith. Thig leat sin a fheiceáil tú féin más maith leat – tá sí curtha thíos

i reilig na heaglaise áit éigin. Deirtear gurbh ise an duine deireanach a d'fhág Samson, ise agus a mac. Bhí siad lag le hocras, de réir dealraimh. Ar scor ar bith, tháinig siad a chónaí in Bryher agus thóg siad an teach ceann tuí sin thuas ar Heathy Hill i bhfad ar shiúl ó dhaoine eile. Fuair an tseanbhean bás cúpla bliain i ndiaidh domsa teacht ar an tsaol. Caithfidh sé go bhfuil sí marbh le breis agus tríocha bliain anois. Tá Fear na nÉan ina chónaí leis féin thuas ansin ó shin. Cluineann tú cuid mhór scéalta faoina mháthair. Deir daoine áirithe gur chailleach í agus deir daoine eile go raibh sí as a meabhair. B'fhéidir gur chailleach as a meabhair í. Tá an scéal mar an gcéanna le Fear na nÉan; níl a fhios agam cé acu atá sé as a mheabhair nó lán oilc. Pé scéal é, is fearr fanacht amach uaidh. Thiocfadh liom scéalta a insint duit ...'

'Ná cuir eagla uirthi anois le do chuid scéalta,' arsa Máthair. 'Níl ann ach ráflaí, ar scor ar bith, ráflaí agus cúlchaint. Ní chreidim a leath. Má tharlaíonn drochrud ar bith ar an oileán, cuireann siad an locht ar Fhear na nÉan. Mura bhfuil siad ábalta breith ar ghliomaigh – is airsean atá an locht. Má tá galar dubh ar na prátaí – is airsean atá an locht. Má thagann an fiabhras ar dhuine ar bith – is airsean atá an locht. Má bhíonn madadh cailte – deir siad gurbh eisean a bhí ann agus gurbh

eisean a d'ith é. Níl ann ach amaidí. Níl ann ach go bhfuil sé beagáinín simplí, b'fhéidir beagáinín as a mheabhair, ach sin a bhfuil de.'

'Simplí mhuisse,' arsa Athair agus é ag éirí agus ag dul anonn chuig a chathaoir in aice leis an tsorn. 'Agus lena chois sin, níl sé fíor a rá nach bhfuil ann ach ráflaí agus cúlchaint, a Clem. Tá a fhios sin agat.'

'Ní gá duit rud ar bith eile a rá,' arsa Máthair. 'A fhad agus go bhfanann sí amach uaidh, a fhad agus nach dtéann sí a fhad le Samson, sin na rudaí is tábhachtaí. Ní gá duitse a cloigeann a líonadh le do chuid scéalta.'

'Ach ní scéalta iad uilig, a Clemmie. An cuimhin leat cad é a tharla do Charlie Webber?'

'Charlie Webber? Cé hé sin?' a d'fhiafraigh mé.

'Ná buair do cheann faoi Charlie Webber,' arsa Máthair; agus labhair sí go láidir le hAthair.

'Is leor sin – cuirfidh tú eagla uirthi.'

Ach thug Athair neamhaird uirthi. Chrom sé chun tosaigh chugam ina chathaoir agus líon a phíopa le tobac. 'Ba é Charlie an cara is fearr agam nuair a bhí mé i mo ghasúr óg, a Gracie. Bhíodh an bheirt againn i gcónaí ag amaidí agus ag cleasaíocht le chéile, mé féin agus Charlie. Ní raibh rud ar bith faoin spéir nach n-inseodh muid dá chéile; agus ní inseodh Charlie bréag

dom, ní inseodh ar ór na cruinne. Níorbh é sin an cineál duine a bhí ann, arbh é, a Clemmie?’ Ach níor thug Máthair freagra ar bith air. D’imigh sí léi agus thosaigh sí a ní na soithí sa doirteal. Bhí Athair ag labhairt i gcogar anois, amhail is go raibh eagla air go gcluinfadh daoine eile é. ‘Bhíodh i gcónaí scéalta aisteacha ag dul thart faoi Samson, a Gracie. B’fhéidir, ar ndóigh, nár chreid daoine ach an leathchuid a bhí iontu, ach mar sin féin, d’fhan siad amach ó Samson i gcónaí, ar eagla na heagla. Ba é Fear na nÉan agus a mháthair an chúis a d’fhan daoine amach ó Samson agus an chúis nach raibh sé de mhisneach ag duine ar bith cos a leagan air. Ba iadsan a dúirt go raibh mallacht ar an áit. Bhíodh siad i gcónaí ag tabhairt rabhadh do dhaoine fanacht amach uaidh, agus d’fhan. D’inis siad do gach duine gur oileán taibhsí a bhí ann, agus go gcuirfeadh na taibhsí mallacht ar an duine a leagfadh cos ar an áit. Níor chreid duine ar bith na scéalta uilig faoi na taibhsí agus na mallachtaí; mar sin féin, d’fhan gach duine amach uaidh, gach duine seachas Charlie.’

Dhearg Athair a phíopa agus luigh siar ina chathaoir ag baint díoscáin aisti, rud a tharla i gcónaí nuair a bhog sé uirthi. ‘Ní dheachaigh mise anonn, ach chuaigh Charlie. Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá sin go lá mo

bháis – ní dhéanfaidh. Bhí an taoide amuigh, agus ní raibh uisce ar bith idir Bryher agus Samson. Thiocfadh leat siúl anonn. Smaoineamh s’agamsa a bhí ann, a Gracie, agus ceann nach bhfuil mé bródúil as. Mise a thug dúshlán Charlie Webber é a dhéanamh. Thug mé a dhúshlán siúl anonn go Samson. Bhíodh muid i gcónaí ag tabhairt dúshlán dá chéile rudaí amaideacha a dhéanamh, sin an dóigh a raibh muid; agus ní raibh Charlie Webber ábalta mo dhúshlán a dhiúltú. Sheas mise ar mhullach Samson Hill agus d’amharc mé air ag rith ar an ghaineamh i dtreo Samson, ag léim thar na poill uisce. Bhain sé deich mbomaite as, is dócha, agus bhí sé ansin ag léim suas agus síos ar an trá ag croitheadh láimhe agus ag scairteadh orm. Go tobann tháinig an fear seo a raibh hata dubh báistí air amach as cúl na ndumhcha; le fírinne, níl a fhios agam cá has ar tháinig sé. Thosaigh sé a scairteadh ar Charlie mar a bheadh fear mire ann agus rith Charlie an méid a bhí ina chraiceann. Rith sé chomh gasta le giorria trasna an ghainimh agus é ag titim ó am go ham. Faoin am ar tháinig sé a fhad liomsa bhí sé chomh bán le sneachta, a Gracie, bhí sé ar crith le heagla. Ach ní hé sin deireadh an scéil. An oíche chéanna, chuaigh teach Charlie le thine agus dódh go talamh é. Tá sé sin fíor, a Gracie.

D'éirigh le gach duine teacht slán as an teach agus ní bhfuair siad amach riamh cad é ba chúis leis an tine; bhí a fhios ag Charlie, áfach, agus bhí a fhios agamsa. An lá dár gcionn, tháinig an fiabhras dearg ar Charlie. Tháinig sé ormsa fosta, agus ina dhiaidh sin tháinig sé ar gach páiste ar an oileán. Bhí Aunty Mildred – tá a fhios agat Mildred atá ina haintín ag Daniel – ní raibh inti ach leanbh san am agus is beag nach bhfuair sise bás den fhiabhras.'

'An bhfuair Charlie Webber bás de?' a d'fhiafraigh mé.

'Is leor sin anois,' arsa Máthair go borb. 'Tá go leor ráite agat.'

'A Clem,' arsa Athair, 'tá sí deich mbliana d'aois agus ní leanbh anois í. Tá sí aosta go leor leis an chuid eile a chluinstin.' Dhearg sé a phíopa arís, agus bhain cúpla smailc dhomhain as sular mhúch sé an cipín. 'A Gracie, ní bhfuair Charlie bás, ach b'éigean dó an t-oileán a fhágáil. Ní raibh rud ar bith fágtha ag a theaghlach. Ní raibh go leor airgid acu leis an teach a atógáil. Ach d'inis Charlie scéal dom sular fhág sé an t-oileán, scéal nach ndéanfaidh mé dearmad air go lá mo bháis. An lá i ndiaidh na tine, bhí Charlie ina shuí ar an ché nuair a mhothaigh sé duine éigin taobh thiar de. Thiontaigh sé

thart agus chonaic sé Fear na nÉan. Ní raibh deis ag Charlie rith ar shiúl. Tháinig sé, a dúirt sé, lena chombhrón a dhéanamh le Charlie, lena mhíniú dó nárbh airsean a bhí an locht, lena rá nach raibh sé ábalta rud ar bith a dhéanamh an uair amháin a leag Charlie cos ar Samson. D’inis sé do Charlie go raibh mallacht ar an oileán, go raibh taibhsí na marbh ag siúl thart an t-oileán agus nach mbeadh suaimhneas ar a n-anamacha go dtí go dtiocfadh deireadh le mallacht Samson, cibé ciall a bhí leis sin. Agus nuair a chuir Charlie ceist air cad chuige a raibh mallacht ar Samson, cad chuige nach raibh suaimhneas ar anamacha na marbh – is é seo an scéal a d’inis sé dó. Gasúr beag a bhí ann nuair a tharla sé, níos óige ná Charlie a dúirt sé. Mhúscaíl muintir Samson an mhaidin áirithe seo agus chonaic siad long a bhí i dtalamh ar oitir ghainimh san farraige. Bhí sí ina suí ansin mar a bheadh long taibhsí ann. Bhí an fharraige ciúin, ní raibh ceo ná gaoth ann agus ní raibh míniú ar bith ar an long a bheith gafa ar oitir ghainimh. Chuaigh siad chuige i mbád beag agus scairt siad amach, ach freagra ar bith ní bhfuair siad; mar sin de, chuaigh siad ar bord. Ní raibh duine ná deoraí ann. Bhí an bád folamh. Ar ndóigh, má bhíonn deis ann, tapaíonn tú an deis, nach dtapaíonn? Nuair a chuir siad an long ar

snámh arís agus lán mara ann, bhí gach fear as oileán Samson, sé cloigne déag acu, ar bord na loinge. Sheol siad an long i dtreo Penzance leis an airgead tarrthálais a éileamh, ach níor bhain siad an áit amach. Chuaigh an long go tóin poill ar chósta Land's End, bhí gaoth éadrom ann maith go leor ach ní raibh ceo ar bith ann. Chuaigh sí go tóin poill i lár an lae ghil. Cailleadh gach fear a bhí ar bord na loinge. Chuaigh athair Fhear na nÉan go tóin poill leis an chuid eile, a Gracie.'

'Scéal uafásach atá ann,' arsa Máthair, 'uafásach ar fad. Gach uair a chluinim an scéal sin, cuireann sé critheagla orm.'

'Scéal fíor, mar sin féin, a Clemmie,' arsa Athair. 'Agus níorbh é sin a dheireadh. Tá an chuma ar an scéal gur éirigh an saol níos measa ar oileán Samson ina dhiaidh sin. Ó tharla nach raibh fear ar bith ann le dul a iascaireacht nó leis an talamh a shaothrú, níorbh fhada gur éirigh na mná agus na páistí lag le hocras. Ní raibh le hithe acu ach na bairnigh ar na carraigeacha. D'inis Fear na nÉan do Charlie go raibh orthu fiú na madaí a ithe. Is fíor sin, a Ghracie, sin an scéal a d'inis Charlie domsa. Tháinig fiabhras ar na daoine mar gheall ar an ocras, agus thosaigh na seandaoine agus na daoine óga a fháil bháis. D'fhág siad an t-oileán, gach teaghlach



ceann i ndiaidh a chéile, go dtí nach raibh fágtha ar an oileán ach Fear na nÉan agus a mháthair.’

Bhain athair smailc eile as a pháipéar agus mhothaigh sé go ndeachaigh sé as – bhí a pháipéar i gcónaí ag dul as. ‘Agus creidim gach focal a dúirt Charlie liom, a Gracie. Níl mé a rá go dtuigim gach rud, agus inseoidh mé lomchnámh na fírinne duit, níl a fhios agam cé acu atá an mhallacht ar Fhear na nÉan nó ar an oileán féin. Is é an t-aon rud a bhfuil mé cinnte de gur fearr fanacht amach ón bheirt acu – tá mé cinnte de sin. Mar sin de, fan glan amach uaidh, an gcluineann tú mé?’

Shuigh mé ar feadh tamaill gan focal asam agus scéalta Athar ag dul thart i mo chloigeann, agus neart ceisteanna agam. ‘Mar sin de, an dtig leis na daoine a chur faoi gheasa agus mallacht a chur orthu mar a deir siad?’ a d’fhiafraigh mé.

‘B’fhéidir,’ arsa Athair, ag bualadh a pháipéar in éadan an tsoirn. Agus tháinig crith orm nuair a rith sé liom cé chomh cóngarach agus a bhí muid dá theach an lá sin, agus go gcaithfidh sé go raibh Fear na nÉan ag amharc orainn ar Rushy Bay. Ansin smaoinigh mé ar na litreacha ar an ghaineamh. B’fhéidir gur thús litreacha iad, ach b’fhéidir gur gheasa agus gur mhallacht iad fosta. Bhí mé ag iarraidh a bheith cinnte de.

‘Cad é an t-ainm baiste atá air, a Athair?’ a d’fhiafraigh mé. ‘An bhfuil a fhios agat cad é an t-ainm baiste atá air?’ An uair amháin a bhí an cheist curtha agam, bhí aiféala orm mar mhothaigh mé go raibh Máthair ag amharc orm. Bhí mé ag cur barraíocht ceisteanna, bhí barraíocht suime agam ann agus d’éirigh sise amhrasach fúm.

‘Cad chuige na ceisteanna uilig seo faoi Fhear na nÉan, a Gracie?’ a d’fhiafraigh sí. ‘Níor léirigh tú suim ar bith ann riamh roimhe.’

‘Níl ann ach go bhfaca mé inniu é, mar a dúirt mé. Níl ann ach go bhfuil mé fiosrach, sin a bhfuil. Bhí mé féin agus Daniel fiosrach faoi.’

Tháinig Máthair anall gur sheas sí os mo chomhair. Chuir sí a lámh faoi mo smig agus dhírigh sí mo chloigeann ionas go raibh orm amharc idir an dá shúil uirthi. Rinne sí seo i gcónaí nuair a shíl sí go raibh mé ag déanamh an diabhair agus í ag iarraidh an fhírinne a fháil asam. ‘Ní raibh tú ag labhairt leis, a Gracie, an raibh? Ní raibh tú thall ar Heathy Hill, an raibh? Tá a fhios agat nach bhfuil cead agat dul an bealach sin, nach bhfuil?’

‘Ní raibh, a Mháthair, ní raibh, tá mé ag insint na fírinne.’ Is maith an rud é nach raibh orm bréag a insint

do Mháthair mar bheadh a fhios aici láithreach. Thiocfadh liom bréag a insint d'Athair agus fáil ar shiúl leis ach bhí aithne rómhaith ag Máthair orm. D'amharc sí síos orm agus a dhá shúil chineálta thuirseacha ina ceann, agus aoibh ar a haghaidh. D'amharc mé an bealach eile.

'Fág eisean ag na héin, a Gracie,' arsa Athair. 'Fan thusa glan amach uaidh mar a dúirt mé. Bí thusa i do ghirseach mhaith agus fan amach uaidh. An ngeallfaidh tú dom?'

'Geallaim duit,' arsa mise. 'Fanfaidh mé amach uaidh.'

Agus d'fhan, ar feadh lá nó dhó ar a laghad. Is é sin an méid ama a bhain sé as Daniel tabhairt orm dul in éineacht leis go Rushy Bay arís. Dúirt sé go raibh sé amaideach againn rith ar shiúl an lá sin cionn is gur chuala muid asal ag grágaíl. D'inis mé gach rud dó a d'inis Athair domsa faoi Fhear na nÉan, faoi Samson agus faoi Charlie Webber. D'éist sé ach ba léir nár chreid sé focal de. Dúirt sé gur chuala sé rud éigin faoin tine roimhe ach gur chuma cionn is nach raibh muid ag dul go Samson mar a chuaigh Charlie Webber. Bhí muidne ag dul go Rushy Bay go díreach. Dúirt sé go raibh seans ann go raibh Fear na nÉan as a mheabhair, ach nár chuma? Bhí sé díreach ag iarraidh bheith cairdiúil le daoine. Nár thug sé na báid ar ais dúinn? Nár fhág sé

teachtaireachtaí dúinn ar an ghaineamh? Ní raibh orainn dul cóngarach dó, an raibh? B'fhéidir gur shocraigh mé dul le Daniel de bhrí go raibh mé measartha cinnte de na pointí a rinne sé, nó b'fhéidir de bhrí go raibh mé fiosrach.

Nuair a chuaigh mé suas Samson Hill le Daniel an lá dár gcionn ar na ceithre boinn, choinnigh mé mo bholg cóngarach don talamh ar an fhraoch go dtí go raibh mé cinnte de nach raibh Fear na nÉan thíos ansin ar Rushy Bay ag fanacht linn.

Ní raibh Fear na nÉan ag fanacht linn, ach bhí rud éigin eile ann. Bhí éan ina luí ar a thaobh ar an ghaineamh go díreach san áit chéanna a bhfuair muid ár mbáid an lá roimhe; treathlach a bhí ann. Shíl muid ar dtús gur tháinig sé isteach marbh ar an fharraige mar bhí sé ina luí i measc an bhruscair eile ar mharc an lán mhara. Thiocfadh liom a fheiceáil go raibh sé beag, fiú d'éan óg, agus nach raibh na cleití chomh dubh agus ba chóir dóibh a bheith. Shíl mé go mb'fhéidir gur séideadh den charraig é sula raibh sé ábalta eitilt.

Go tobann fuair Daniel greim ar mo lámh agus dhírigh sé a mhéar ar áit níos faide thíos ar an trá. Bhí lorg cos le feiceáil ón áit a raibh an treathlach ina luí an bealach ar fad siar. Rithfinn ar shiúl an bomaite sin mar

a rith mé roimhe ach ab é go raibh greim daingean ag Daniel ar mo lámh agus shiúil sé chun tosaigh liom. Bhí na litreacha ‘Z.W.’ scríofa amach ar an ghaineamh le sliogáin oráiste agus caithfidh mé a rá gur mhothaigh mé go bhfeicfinn arís iad. Níorbh é go dtí go raibh mé thíos ar mo ghogaide in aice leis an treathlach gur mhothaigh mé nach raibh cleití an éin in aimhréidh mar ba chóir dóibh a bheith ag an ghaoth; ba é fírinne an scéil go raibh an t-éan déanta as adhmaid. Chonaic muid na sliogáin ina dhiaidh sin. Bhí focail déanta as na sliogáin agus bhí seo scríofa: ‘Fanaigí agus imrígí. Baineann an trá libhse a oiread céanna agus a bhaineann sí liomsa.’

D’amharc muid achan áit sna dumphcha ar lorg an hata dhuibh báistí i measc na bhfeagacha. Ní raibh Fear na nÉan le feiceáil thíos ná thuas. Ní raibh le feiceáil ach an líne faoileán ina suí ar a theach ag amharc orainn. Bhí ribíní beaga tanaí deataigh ag éirí aníos as na simléir ar gach taobh den teach agus d’imigh siad as radharc chomh luath agus a sciob an ghaoth ar shiúl iad. Shín Daniel amach a lámh gur thóg sé an treathlach. Bhí sé déanta as adhmaid. Bhí an treathlach ar charraig bheag a raibh bairnigh agus sliogáin uirthi. Bhí sé ina sheasamh ar an charraig ar a chosa móra fada, agus a cheann san

aer gan aird aige ar rud ar bith. Bhí sé cromtha chun tosaigh amhail is go raibh sé ag baint taca as an ghaoth. Bhí na cleití air chomh mín sin gur shíl mé go mbeadh siad bog nuair a leagfainn mo lámh orthu. Chuir Daniel an t-éan síos ar an ghaineamh fhliuch ionas go raibh sé ag amharc amach ar Samson agus shuigh sé siar ar a ghogaide.

‘An bhfaca tú a leithéid riamh?’ ar seisean agus é ag cuimilt chloigeann an éin. ‘Tá an chuma air go dtiocfadh leis eitilt suas san aer am ar bith, nach bhfuil?’

‘An síleann tú go bhfuil Fear na nÉan ag amharc orainn?’ arsa mise i gcogar.

‘Is dócha go bhfuil. Is cuma liom má tá. Amharc air seo, a Gracie. Ní fear mire é an fear a rinne na rudaí seo; ní fear mire é, ní thiocfadh leis a bheith ar mire. Nár thug sé ár mbáid ar ais dúinn? Tá sé mar a dúirt mé leat, a Gracie, tá sé ag iarraidh bheith cairdiúil linn. Tá mé ag dul a fhanacht anseo agus ár mbáid a sheoladh ar an fharraige, a Gracie, go díreach mar a dúirt sé, agus ar a bharr sin, tá mé ag dul a ghabháil buíochais leis.’

‘Bhuel, níl mise ag dul áit ar bith in aice leis an teach ceann tuí sin,’ arsa mise. Tháinig crith orm nuair a smaoinigh mé air. ‘Níl mé ag dul in aice leis ar ór na cruinne.’

‘Ní gá dúinn, a Gracie,’ ar seisean. ‘Amharc.’ Agus scríobh sé teachtaireacht le sliogáin in aice leis an teachtaireacht a scríobh Fear na nÉan. ‘Míle buíochas. Ó Daniel agus Gracie.’

‘Ná scríobh,’ a scairt mise chomh luath agus a chonaic mé m’ainm scríofa ar an ghaineamh. ‘Ná scríobh m’ainm, ná scríobh! Beidh a fhios aige cé muid má scríobhann tú, tiocfaidh sé inár ndiaidh agus cuirfidh sé faoi gheasa muid.’ D’ardaigh mé mo chos gur chiceáil mé an gaineamh agus gur scriosadh na litreacha ar an trá. Bhí mé ag caoineadh i m’ainneoin féin. ‘Deir Athair go gcuireann sé daoine faoi gheasa. Níor chóir dúinn labhairt leis. Níl cead againn.’

D’amharc Daniel suas orm agus bhí a fhios agam ón chuma a bhí ar a shúile go raibh díomá air liom. ‘Ach níl muid ag dul a labhairt leis, an bhfuil?’ ar seisean. ‘Éist, a Gracie. Dá mba mhaith le Fear na nÉan muidne a chur faoi gheasa, thiocfadh leis sin a dhéanamh roimhe seo, nach dtiocfadh? Thiocfadh leis, tabhair freagra orm, nach dtiocfadh?’ Ní thabharfainn freagra air cionn is nár mhaith liom é nuair a bhí an ceart aige, agus bhí a fhios agam i mo chroí istigh go raibh an ceart aige an iarraidh seo. Tháinig fearg agus náire orm agus chiceáil mé an treathlach agus rith mé i dtreo na trá ag Samson Hill.

Scairt Daniel orm teacht ar ais. Bhí fearg an domhain orm liom féin cionn is go raibh an oiread sin eagla orm agus phléasc mé.

‘Más rud é go bhfuil tusa chomh cróga sin, a Daniel Pender,’ a scairt mise air, ‘scríobh d’ainm féin ar an ghaineamh; ach ní bheidh mise ag teacht an bealach seo choíche arís, an gcluineann tú mé? Choíche. Thig leat na báid amaideacha agus an treathlach adhmaid sin a choinneáil, is cuma sa tsioc liomsa. Níl mise ag iarraidh amharc orthu arís ...’ agus bhí mé ag dul a rá tuilleadh drochrudaí ach go bhfaca mé madadh Fhear na nÉan ag rith ar an trá taobh thiar de Daniel, agus a theanga amuigh aige. Rinne mé iarracht a rá le Daniel go raibh sé ann, ach theip ar mo ghlór, ní thiocthadh liom labhairt mar ba cheart. Mar sin de, rith mé an méid a bhí i mo chraiceann le rabhadh a thabhairt dó.

Thug an madadh neamhaird orainn. Rith sé tharainn díreach go dtí an áit a raibh an treathlach ina luí gur bholaigh sé é. Thóg sé an t-éan go hiontach cúramach ina bhéal agus tháinig sé chugainn. Bhí cuma an-sásta ar an mhadadh leis féin agus a eireaball á luascadh aige ó thaobh go taobh.

Shílfeá le hamharc ar an mhadadh nach raibh súile ar bith aige agus iad clúdaithe le fionnadh a bhí chomh



dubh le fiach. ‘Tá sé á thabhairt duit,’ arsa mise. ‘Tá sé ag iarraidh ortsa greim a fháil air.’

‘Dúinne, an ea?’ arsa Daniel leis an mhadadh, agus bhain sé an treathlach as a bhéal. ‘Ar chuir seisean chugainn thú? Ar chuir Fear na nÉan chugainn thú?’ Ligh an madadh a liopaí agus chroith an gaineamh amach as a bhéal. Chuimil Daniel an madadh agus tharraing sé siar an fionnadh air go bhfaca sé dhá shúil mhóra dhubha. ‘Cad é mar is féidir leatsa rud ar bith a fheiceáil fríd an fhionnadh sin?’ ar seisean.

Chuir an madadh a chluasa in airde, sheas agus thiontaigh thart. Bhí sé ag amharc anois ar theach Fhear na nÉan. Sheas sé ansin ar feadh bomaite go dtí go bhfuair sé a anáil. Go tobann d’imigh sé leis ar cosa in airde agus d’imigh sé as radharc thar na dumhcha. Níor chuala ceachtar againn fead, ach ní raibh amhras ar bith orainn ach oiread gur ghlaigh duine éigin air theacht ar ais.

‘Caithfidh sé go raibh sé ag amharc orainn,’ arsa mise. ‘Caithfidh sé go bhfaca sé mise ag tabhairt cic don éan, nach gcaithfidh?’

Chuimil Daniel an gaineamh de cheann an treathlaigh. ‘Bhí an ceart agam, a Gracie, nach raibh? Níl ann ach go bhfuil sé ag iarraidh a bheith cairdiúil linn,

sin a bhfuil.’ Chuaigh sé síos ar a ghlúine ar an ghaineamh. ‘Goitse. Caithfidh muid ár mbuíochas a ghabháil leis, nach gcaithfidh?’

Níor labhair muid focal ina dhiaidh sin. Bhí an bheirt againn thíos ar ár nglúine ag bailiú na sliogán a bheadh de dhíth orainn. Ansin scríobh mé abairt amach leis na sliogáin: ‘Míle buíochas as an treathlach.’ Agus shínigh an bheirt againn ár n-ainmneacha leis na sliogáin faoin abairt.

D’fhan muid an lá ar fad ag seoladh ár mbád ar Rushy Bay agus nuair a dúirt Daniel go raibh an fharraige ag éirí garbh, d’iarr mé air fanacht tamall eile go díreach lena chur in iúl dom féin, dósan agus d’Fhear na nÉan nach raibh eagla ar bith orm roimhe. Is fíor gur choinnigh mé súil ar Heathy Hill, ach faoin am seo bhí mé chóir a bheith ag súil go dtiocfadh Fear na nÉan chuig an trá lena mhadadh. Níor tháinig sé, áfach, agus ní raibh orm an misneach úr a bhí agam a chruthú, ní raibh go fóill cibé ar bith. Agus muid ag fágáil na trá, chuir Daniel a lámha timpeall ar a bhéal agus ghlaigh sé amach os ard, ‘Slán,’ i dtreo theach Fhear na nÉan, agus chroith mé lámh leis mar bhí mé cinnte de go raibh Fear na nÉan ag amharc orainn.

Thiar i dteach na mbád an tráthnóna sin sheas muid

ag an bhinse oibre agus d’amharc muid go géar ar an treathlach. ‘Lá éigin, a Gracie,’ ar seisean, ‘lá éigin, tá mise ag dul a bheith ábalta rud éigin mar sin a dhéanamh.’

‘Cad é a tharlóidh má thagann duine éigin air?’ a d’fhiafraigh mé de. ‘Cad é atá muid ag dul a rá?’

‘Inseoidh muid dóibh gur mise a rinne é,’ ar seisean ag gáire. ‘Ach seans maith nach gcreidfidh siad muid; mar sin de, is fearr i bhfad mura dtagann duine ar bith air. Níl seomra leapa de mo chuid féin agam le hé a chur i bhfolach ann agus is beag áit phríobháideach atá agam le rud ar bith a chur i bhfolach. Tá seomra leapa de do chuid féin agat, a Gracie, coinnigh tusa é. Beidh sé slán agatsa. Má thagann Athair air beidh sé ag iarraidh a fháil amach cá has ar tháinig sé agus coinneoidh Big Tim ag gabháil dom go n-inseoidh mé dó.’ Agus shín sé an treathlach go cúramach chugam. Bhí áit agam dó cheana féin. Ní raibh mé cinnte, áfach, cad é mar a bhí mé ag dul a thabhairt ann gan duine éigin ag teacht orm.

‘Tá mé ag déanamh mo mhachnaimh air seo, a Gracie,’ arsa Daniel. ‘Thug sé an treathlach seo dúinn lena thaispeáint dúinn cé chomh cairdiúil agus atá sé, nár thug? Mar sin de, caithfidh muidne an rud céanna a dhéanamh, nach gcaithfidh? Caithfidh muidne rud éigin

a thabhairt dósan ionas go mbeidh a fhios aige go bhfuil muidne ag iarraidh a bheith cairdiúil leis chomh maith. Tá mé ag déanamh mo mhachnaimh air seo. An síleann tú go mbeadh sé buíoch dínna dá dtógfadh muid bád dó?’

Thiocfadh linn *Woodcock* a thabhairt air, nach dtiocfadh?’ arsa mise. ‘Caithfidh muid ainm éin a thabhairt air, dála na mbád eile. Sílim gur cineál éin é woodcock, nach ea?’

‘Ní fhaca mise ceann riamh,’ arsa Daniel, ‘ach sílim gur cineál éin é maith go leor.’

Mar sin de chuaigh mé abhaile an tráthnóna sin agus treathlach adhmaid Fhear na nÉan i bhfolach agam faoi mo bhlús. Ní fhaca Máthair mé agus mé ag teacht isteach; bhí sise róghnóthach ag an tsorn agus bhain mé mo sheomra leapa amach agus gan a fhios ag duine ar bith.

Thóg an bheirt againn *Woodcock* an t-earrach sin, ach ba bheag nach raibh an samhradh ann sula raibh muid réidh le hé a chur ag seoladh. Níor chuir muid riamh an oiread sin stró orainn féin le bád a thógáil agus a chuir muid le *Woodcock*. Bhí ar gach rud a bheith foirfe. Thug muid linn é go Rushy Bay le triail a bhaint as, agus chuir muid é a sheoladh i dtreo Samson. Léim sé thar na tonnta faoi lánseol agus é ag scinneadh ar an fharraige.

Sílim go mb'fhéidir go rachadh sé an bealach ar fad go Samson ach go ndeachaigh muidne isteach san uisce ina dhiaidh gur thug muid ar ais é. Bád den chéad scoth a bhí ann. Bhí cabhail an bháid gealghorm, bhí stríoc bhán air agus dath fíondearg ar an tseol. Bhí Daniel iontach sásta leis. Mar sin de, d'fhág muid an bád in áit thuas go maith ar an trá; d'fhág muid teachtaireacht ar an ghaineamh leis na sliogáin d'Fhear na nÉan. Seo a leanas an teachtaireacht: 'Tugaimid *Woodcock* ar an bhád seo. Go mbeannaí Dia dó agus do gach duine a sheolann ann'; agus shínigh muid é, 'Daniel agus Grace'.

D'fhan muid ar an fhraoch ar Samson Hill go dtí go raibh luí gréine ann lena fháil amach an dtiocfadh Fear na nÉan ar an bhád, ach níor tháinig. Ní thiocfadh linn fanacht níos faide mar bhí Máthair i gcónaí ag dúil go mbeinn sa bhaile sula mbeadh sé dorcha. An chéad rud an mhaidin dár gcionn, áfach, chuaigh muid ar ais go Rushy Bay agus bhí an bád imithe. Bhí teachtaireacht ann ina áit: 'Go raibh maith agaibh. Galánta.' Agus thíos faoin teachtaireacht bhí 'Zachariah Woodcock' scríofa ar an ghaineamh.

### 3 Teachtaireachtaí ar an Ghaineamh

NÍ RAIBH FONN RIAMH ORM DUL AR SCOIL. CRÁ croí a bhí ann de bhrí go raibh orm an baile agus na caithimh aimsire a raibh an oiread sin dúile agam iontu a fhágáil i mo dhiaidh. Má chuir sé isteach orm roimhe seo, is mó a chuir sé isteach orm an samhradh seo. Chuir sé olc orm go mb'éigean dom dul ar scoil agus fonn millteanach orm dul go Rushy Bay. Lig mé orm go raibh tinneas orm roinnt uaireanta, agus chreid Máthair mé go dtí go bhfuair sí amach go raibh an chuma ar an scéal go mbíodh tinneas ar Daniel ar an lá chéanna, agus chuir sin deireadh leis. In amanna, áfach, bhí mé ábalta a chur ina luí ar Athair go dtiocfadh liom cuidiú leis ar an bhád dá mbeinn saor ón scoil, agus d'éirigh liom lá nó dhó a fháil saor ón scoil ar an dóigh sin. Bhí a fhios agam go

mbíodh Athair amuigh ar an fharraige ar maidin ar lorg gliomach agus go bhfágfadh sé sin saor mé san iarnóin le dul go Rushy Bay le Daniel. Ní raibh sé doiligh tabhairt ar Athair lá saor ón scoil a thabhairt dom de bhrí go raibh dúil aige sa chuideachta, agus bhí mé ábalta cuidiú leis an bád a láimhseáil a fhad agus a bhí sé ag tógáil na bpoatá gliomach, go mór mór nuair a bhíodh an fharraige garbh in aice le Northern Rocks.

Ní raibh sé chomh doiligh céanna do Daniel lá saor a fháil ón scoil cionn is gur chuma lena thuismitheoirí cé acu a chuaigh sé ar scoil nó nach ndeachaigh, agus bhíodh a athair an-sásta cuidiú a fháil i dteach na mbád. Cibé rud a tharla, áfach, dá mbeinn féin saor, bheadh Daniel saor, agus dá mbeinn féin ar scoil, bheadh Daniel ar scoil. Níor dhúirt muid lena chéile riamh gur sin an socrú a bhí ann; is é sin go díreach an rud a tharla – thuig muid a chéile go hiontach maith.

Bhí an scoil ar an taobh eile den fharraige in Tresco. Chuaigh thart faoi chúig cloigne déag againn anonn ar an bhád gach lá ó Bryher, agus is minic a bhí orainn dul amach as an bhád agus é a bhrú nuair a chuaigh sé i dtalamh ar oitir ghainimh nuair a bhí an t-uisce amuigh. Agus mé i mo shuí ag an deasc ar scoil, bhí mé ag dúil go mór le deireadh na gceachtanna nuair a

thiocfadh liom dul ar ais go Rushy Bay. Níorbh iontas ar bith é mar sin go mbíodh mo mhúinteoir, An tUasal Aengus Wellbeloved, ag tabhairt amach dom de bhrí nár thug mé aird air. Bhí ribí fada bána gruaige ag fás i gcluasa an Uasail Wellbeloved, nó i gcluasa Welly Belly mar ba ghnách linne a thabhairt air. Bhíodh sé i gcónaí ag casadh na gruaige ina chluasa agus é ag léamh scéil dúinn. Bhí a mhalaí ag bualadh lena chéile thar a shrón agus shílfeá le hamharc orthu gur croiméal as áit a bhí iontu. Ón uair a bhí mé an-óg, ba ghnách leis an Uasal Wellbeloved a rá go raibh mé mínéata míbhanúil agus gur dhoiligh dó mé a theagasc cionn is nach raibh mé rómhaith ag an mhata. Ba é an mata an critéar a d'úsáid an tUasal Wellbeloved le carachtar duine a thomhas. Níor thuig mé riamh figiúirí, suimeanna ná rud ar bith bainteach leis an mhata agus, le fírinne, bhí eagla orm roimh an mhata. Chuir an mata fearg orm de bhrí nár thuig mé é, agus ní thuigim go fóill é.

Ba é Daniel a chuidigh liom teacht slán as na ranganna mata. Shuigh muid in aice lena chéile ar scoil agus chuidigh sé sin linn cur suas leis. Ní raibh dúil ar bith ag Daniel san Uasal Wellbeloved ach oiread. Bhí Daniel cliste go leor, áfach, agus bhí sé an-mhaith ag an mhata agus ba eisean peata beag an mhúinteora dá



thairbhe sin. D'éirigh liom go leor dá chuid suimeanna a chóipeáil, rud a chuidigh liom teacht slán as na ranganna, agus chuidigh mise leisean sna scrúduithe litrithe mar chúiteamh. Bhí mé ar dóigh ag an litriú agus iontach bródúil as sin. Mar sin de, agus Daniel ina shuí in aice liom, bhí mé i mo dhalta measartha maith, maith go leor le nár coinníodh istigh mé i ndiaidh na scoile, agus ba é sin an rud is tábhachtaí.

Dúirt mé cheana féin nach raibh dúil agam san Uasal Wellbeloved – is beag duine a raibh dúil aige ann – ach le bheith féaráilte dó, caithfidh mé a rá gurbh eisean a d'inis dúinn go luath an samhradh sin go mbeadh cogadh ann leis an Ghearmáin roimh i bhfad. Chuir mé ceist ar Athair faoi agus d'inis sé dom nach raibh i gcuid cainte an Uasail Wellbeloved ach amaidí, agus ba chuma do mhuintir Bryher cibé ar bith cé acu a bheadh cogadh ann nó nach mbeadh. Thug mé faoi deara gur bhrúigh Máthair a liopaí ar a chéile agus nár dhúirt sí focal, rud a chiallaigh nár aontaigh sí leis ar chor ar bith.

Nuair a bhíodh deireadh leis an lá scoile, bhíodh ormsa agus ar Daniel obair a dhéanamh sa bhaile sula mbeadh muid ábalta dul go Rushy Bay. Chuidigh Daniel lena athair i dteach na mbád agus b'éigean domsa éisc bheaga a fháil d'Athair a d'úsáid seisean mar bhaoite do

na gliomaigh, agus ar ndóigh, bhíodh i gcónaí potaí gliomach le cóiriú. In amanna bhíodh an tráthnóna ann sula mbeadh muid ábalta imeacht. Mar sin féin, gach lá gan teip, d'éirigh linn Rushy Bay a bhaint amach, ní leis na báid a chur ag seoladh ar an fharraige, ach lena fháil amach ar fhág Fear na nÉan teachtaireacht ar bith ar an ghaineamh dúinn.

In amanna, ní bhíodh a dhath ar bith ann seachas carn feamainne agus raic mhara, rud a chuirfeadh díomá an domhain orainn. An chuid is mó den am, áfach, bhain muid Samson Hill amach agus chonaic muid madadh Fhear na nÉan ag fanacht linn ar an trá thall. Nuair a chonaic muid an madadh, bhí a fhios againn go mbeadh teachtaireacht scríofa ar an ghaineamh in aice leis, nó a raibh fágtha den teachtaireacht cibé ar bith. In amanna bhí an madadh ina shuí chomh cóngarach sin don teachtaireacht go mbeadh sí scriosta aige agus é ag luascadh a eireabaill ó thaobh go taobh ar an ghaineamh.

Nuair a tharla sé seo bhí fadhb againn mar bhí sé iontach doiligh an rud a bhí scríofa ar an ghaineamh a dhéanamh amach. Bhíodh i gcónaí lorg chosa Fhear na nÉan le feiceáil ar an ghaineamh in aice leis an teachtaireacht. Bhí lorg chosa Fhear na nÉan iontach

difriúil le lorg chosa dhuine ar bith eile. Bhí an chos dheis trom leathan ar an ghaineamh, agus níor fhág an chos chlé ach lorg éadrom ar an ghaineamh – na méara coise agus an tsáil. Tharraing sé a chos chlé ina dhiaidh fríd an ghaineamh agus d’fhág sin a lorg féin ar an ghaineamh.

Bhí na teachtaireachtaí ar an ghaineamh mar a bheadh comhrá mór fada ann. Bhain sé cuid mhaith ama asainn na teachtaireachtaí a scríobh agus, mar sin de, choinnigh muid iad chomh gairid agus a thiocfadh linn. Rinne muid ár ndícheall an méid is mó agus a thiocfadh linn a fháil amach faoi Fhear na nÉan, ach ní raibh móran ar eolas againn faoi agus deireadh an tsamhraidh ag teacht. Fuair muid amach, áfach, go raibh ceithre scór bliain aige, gur tháinig éin an oileáin chuige cionn is gur thug sé bia dóibh, cionn is go raibh a fhios acu go raibh dúil aige iontu agus cionn is go raibh a fhios acu nach ndéanfadh sé dochar ar bith dóibh. D’fhoghlaim muid go raibh sé ag déanamh éan as adhmaid le fada, gurbh é a athair a theagasc é. Dúirt sé gur choinnigh an obair adhmaid a mhéara aclaí agus nach mbeadh siad righin mar a bhí an chuid eile de. Mhothaigh sé mar a bheadh Dia ann de bhrí go dtiocfadh leis rud ar bith a dhéanamh as adhmaid. Ní raibh de dhíth air ach an t-adhmaid, agus bhíodh i gcónaí go leor adhmaid raice

ina luí ar an trá. Is é sin an méid eolais a fuair muid amach faoi. Rinne sé neamhaird ar na ceisteanna a chuir muid air sna teachtaireachtaí; sin nó scrios eireaball an mhadaidh iad sula raibh deis ag Fear na nÉan iad a léamh. Bhí muid measartha cinnte de, áfach, gur roghnaigh sé na ceisteanna a bhí sé sásta a fhreagairt.

Bhí an chuma ar an scéal, áfach, go raibh sé sásta a insint dúinn faoina chuid ainmhithe, agus bhí a fhios againn níos mó faoi na hainmhithe ná faoi Fhear na nÉan féin. Friend an t-ainm a bhí ar an asal, a d'inis sé dúinn. Bhí pianta ina chosa agus bhíodh drochspion air, cionn is go raibh sé sean. Ba iad na meacáin dhearga na rudaí is tábhachtaí don asal, agus d'fhás Fear na nÉan iad sa ghairdín don asal amháin. Scríobh Fear na nÉan go raibh a fhios aige go raibh créatúr níos measa as ná é féin nuair a d'amharc sé ar an asal. Agus d'inis sé cuid mhór dúinn faoina mhadadh, Prince, faoin dóigh ar tháinig sé air ina luí ar an trá ar Hell Bay lá. 'Tá sé liom le fada anois,' a scríobh sé. 'Níl a fhios agam cad é a dhéanfainn gan é.'

Le himeacht ama, tháinig athrú ar na cineálacha ceisteanna a chuir muid ar a chéile. Ba léir go raibh sé ag iarraidh ceisteanna a chur, ach nach raibh sé sásta ceisteanna a fhreagairt. Ar dtús, bhí sé ag iarraidh gach

rud a fháil amach fúinne agus faoinár dteaghlaigh. Bhí sé ag iarraidh a fháil amach cén aois a bhí ag gach duine sa teaghlach, cad é an chuma a bhí orthu, cén áit ar chónaigh siad agus cad é a rinne siad. ‘Tógann Athair báid.’ Scríobh Daniel an abairt sin ar an ghaineamh lá.

‘Cén cineál bád?’

‘Báid bheaga rámhaíochta. Lugair. Bád ar bith.’

‘Ag tógáil báid anois?’

‘Lugar iascaireachta – 14 troithe.’

‘Barra maithe bláthanna i mbliana?’

‘Measartha’

‘Na prátaí? Galar dubh ar bith?’

‘Mall i mbliana, gan galar ar bith.’

Nuair a tharla go raibh na teachtaireachtaí fada, bhain Fear na nÉan úsáid as píosaí adhmaid agus fiú feamainn leis na litreacha a dhéanamh. Shínigh sé na teachtaireachtaí ‘Z.W.’ i gcónaí le sliogáin oráiste, áfach.

Chuir sé an-suim sa chur síos a rinne muid ar rudaí. Bhí sé amhail is go raibh mé féin agus Daniel ag cur síos ar an tsaol d’fhear dall. Bhí sé ag iarraidh a fháil amach cad é a dúirt na daoine agus cad é a rinne na daoine. Níor fhreagair sé mórán ceisteanna go dtí gur inis muid dó faoi Big Tim agus faoin dóigh a raibh fuath againn air. Nuair a léigh sé an teachtaireacht sin scríobh sé, ‘Ná

bíodh fuath agat ar dhuine ar bith. Déanann fuath dochar mór d'anam an duine.' Nuair a scríobh muid tráthnóna amháin gur inis an tUasal Wellbeloved dúinn go mbeadh cogadh ann leis an Ghearmáin, bhí teachtaireacht againn an mhaidin dár gcionn. Níor scríobh sé ach: 'Tá brón orm inniu.'

Ní raibh an t-am againn báid a thógáil anois cionn is go raibh Daniel gnóthach ag déanamh puifín as adhmaid. Thosaigh sé amach mar sheaga, é ina sheasamh agus é ag triomú a chleití, ach ba chuma cad é a dhéanfadh sé, ní thiofadh leis an cloigeann a dhéanamh mar is ceart. Mar sin de bhain sé na sciatháin de go feargach agus rinne sé puifín ramhar de a bhí níos cosúla le hulchabhán, le fírinne, ach ní raibh sé de mhisneach agam rud ar bith a rá. Mar a tharla sé, níor ghá dom mar ba ghairid gur chuir sé ar leataobh é agus gur thosaigh sé ar cheann eile.

Bhí sé iontach te an samhradh sin, níos teo ná samhradh ar bith a bhfuil cuimhne agam air. Bhí an gaineamh ar Rushy Bay chomh te sin nach dtiofadh leat seasamh air fiú ag meán lae agus b'éigean dúinn dul ar foscadh sna dumdha mar gheall air sin. Shuigh Daniel ar an ghaineamh, a chosa trasna ar a chéile agus é ag snoí a phuifín adhmaid, agus scuab mise fionnadh

Prince agus phioc mé na síolta amach as an fhionnadh ar chúl a chluas. Nuair a d'éirigh an gaineamh níos fuaire tráthnóna, tháinig Prince linn cois na farraige agus bhíodh sé ag súgradh sna tonnta. Bhíodh sé ag snámh i dtreo Samson ar lorg na mbataí a chaith muid amach dó. Nuair a d'éirigh sé tuirseach de sin, tháinig sé gur shuigh sé in aice linn ar an trá, agus muid ag scríobh teachtaireachta ar an ghaineamh dá mháistir. Nuair a bhí am baile ann, áfach, níor lean sé muid in am ar bith. Thiocfadh linn é a fheiceáil ó bharr Samson Hill ina shuí leis féin ar an trá ag amharc orainn, nó ag rith ar na dumhcha chuig teach Fhear na nÉan.

Ó am go ham fuair muid spléachadh ar Fhear na nÉan, ach bhíodh sé i gcónaí i bhfad ar shiúl. Chonaic muid é ag teacht amach as an teach le titim na hoíche le bia a thabhairt do na cearca nó leis na gabhair a bhleán. Chonaic muid é fosta ó am go ham ina bhád ag dul suas agus síos ar na tonnta ar a bhealach go Samson, nó go luath tráthnóna ag dul suas lena chairt agus a asal go Hell Bay. Bhíodh Prince i gcónaí in aice leis; ach ba é an lá sin ag deireadh an tsamhraidh an seans is fearr a fuair muid le bualadh leis.

D'fhág muid an trá níos moille ná mar ba ghnách agus bhí muid ag dul ar ais thar Samson Hill nuair a

chonaic muid é ag rámhaíocht thart ar Droppy Nose Point agus isteach chuig Rushy Bay féin. Bhí an scata faoileán ag eitilt go hard os a chionn agus iad ag scréachadh mar ba ghnách. Bhí Prince ina shuí ar an trá thíos mar ar fhág muid é. Scairt muid agus chroith muid lámh ach bhí droim Fhear na nÉan linn agus níor thiontaigh sé thart. Bhí muid cinnte de go raibh sé ábalta muid a chluinstin cionn is gur chuala muid an fhead a rinne sé ar Prince go soiléir agus go bhfaca muid Prince ag rith síos an trá agus isteach san fharraige. Bhí Prince ag lapadaíl i dtreo an bháid agus a cheann beag dubh ag dul suas agus síos leis na tonnta. D’amharc muid agus chonaic muid Fear na nÉan ag cur na rámhaí ar leataobh agus ag tógáil Prince isteach sa bhád. Bhí Prince á chroitheadh féin lena thriomú agus chuala muid Fear na nÉan ag gáire agus ag labhairt agus é ag tógáil na rámhaí arís. Sheas Prince go díreach ag tosach an bháid mar a bheadh dealbh ann agus Fear na nÉan ag déanamh a bhealaigh go malltriallach go Samson. Bhí scata faoileán ag eitilt os a gcionn. I rith an ama thioctadh linn glór Fhear na nÉan a chluinstin anois agus arís ón áit a raibh muid. Bhí sé rófhada ar shiúl leis na focail a chluinstin go soiléir, ach d’éist muid mar sin féin, agus muid ag déanamh ár ndícheall ciall a bhaint astu thar



fhuaim na farraige.

‘Cad chuige, i do bharúil, a dtéann sé anonn go Samson?’ arsa Daniel. ‘Níl a dhath ar bith ann seachas tithe folmha agus gaineamh.’

‘Is féidir go mbíonn sé ag iascaireacht thall ansin,’ arsa mise.

‘Ní bhíonn sé ag iascaireacht,’ arsa Daniel. ‘Ní fhaca mé é ag iascaireacht riamh. Agus tá sé aisteach, a Gracie, ní fheiceann tú é amuigh ach amháin nuair a bhíonn drochaimsir ann. Níl an chuma air go gcuireann an drochaimsir isteach air. Ar mhothaigh tú sin? Chonaic mé é amuigh agus gálaí gaoithe ann. Téann sé amach is cuma cén cineál aimsire atá ann. Tá sé sin aisteach, nach bhfuil?’

D’amharc mé anonn i dtreo Samson agus an t-oileán ina luí faoi scamail mhóra dhorcha. Bhí borradh mór ar an fharraige agus dath dearg uirthi faoi ghrian an tráthnóna. ‘Oileán taibhsí,’ arsa mise. ‘Is cuma cad é a deir tú, a Daniel. Tá mé ag insint duit go bhfuil taibhsí in Samson go díreach mar a dúirt Athair. Ní gá ach amharc air. Tá mallacht air, a Daniel, mothaím i mo chroí istigh é go bhfuil mallacht air.’

‘Ní chreidim sna taibhsí,’ arsa Daniel go drochmheasúil, agus thiontaigh sé thart. ‘Agus ní chreidim sna mallachtaí

ach oiread.'

'Bhuel, creidim iontu,' arsa mise go borb leis, agus shiúil muid ar aghaidh fríd an fhraoch gan focal asainn.

Thosaigh sé a chur fearthainne agus bhí na braonta chomh mór sin go raibh siad nimhneach nuair a bhuail siad mo chloigeann. Thosaigh muid a rith. Bhí sé ag stealladh fearthainne an bealach ar fad abhaile. Bhí sé nimhneach ar na súile agus ar na cluasa chomh maith. Faoin am ar bhain muid an teach amach, bhí muid fliuch go craiceann. Ní raibh solas ar bith lasta i dteach ar bith in aice linn, rud a shíl muid a bhí aisteach. Ní raibh ach solas beag amháin lasta i bhfuinneog na cistine s'againne. 'Aisteach', arsa Daniel, 'níl lampa ar bith lasta sa teach s'againne. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil gach duine amuigh. Níl duine ar bith thart, an bhfuil? Níl barúil agam cén áit a bhfuil siad uilig. Níl an chuma ar an scéal go bhfuil duine ar bith i dteach na mbád ach oiread. An dtig liom teacht isteach leatsa go dtiocfaidh siad ar ais?'

Bhí a fhios agam go maith go raibh eagla ar Daniel roimh an dorchadas. Bhí sé iontach cróga faoi gach rud seachas an dorchadas, agus mhothaigh mise go maith cionn is nár chuir an dorchadas isteach ná amach orm. Chroith muid muid féin sa phóirse agus shiúil muid

isteach le chéile.

Bhí Máthair ina suí ar a cathaoir luascáin sa chistin. Bhí an lampa ar an tábla in aice léi, agus bhí a cuid fuála ina luí ar a glúine. Shíl mé go raibh sí ag dul a thabhairt amach dom cionn is go raibh mé amuigh chomh mall sin, ach d’amharc sí orainn agus í ar nós cuma liom agus muid ag siúl isteach. Bhí an chuma uirthi nach raibh sí míshásta ná crosta linn de bhrí go raibh muid mall.

‘Bhuel,’ ar sise, agus miongháire lách uirthi. ‘Tá sibh ar ais.’ Agus ansin, ar sise, ‘Is oth liom a rá go raibh an ceart ag an Uasal Wellbeloved i ndeireadh na dála, a Gracie. Shíl mé go mbeadh, maith go leor. Ní raibh mé ag iarraidh é a chreidiúint, ní raibh duine ar bith ag iarraidh é a chreidiúint, d’athair san áireamh; ach is fear léinn é an tUasal Wellbeloved, chonaic sé ag teacht é.’

‘Cad é faoi a raibh an ceart aige, a Mháthair?’ a d’fhiafraigh mise. ‘Cad é a tharla?’

‘Cá bhfuil gach duine?’ a d’fhiafraigh Daniel. ‘Níl duine ar bith sa teach s’agamsa.’

‘Tá siad uilig ag freastal ar chruinniú san eaglais, a Daniel. Tá Athair ag freastal air fosta, a Gracie. D’eagraigh siad cruinniú do mhuintir an oileáin uilig chomh luath agus a chuala siad an scéal inniu.’

‘Is é an cogadh atá ann, nach é?’, arsa Daniel. ‘Tá tús

curtha leis an chogadh, a Gracie, go díreach mar a dúirt Welly Belly a bheadh.’ Chlaon Máthair a ceann agus chuir a lámha lena ceann.

Tháinig stoirm an-mhór an chéad oíche sin den chogadh. Tháinig oíche gaoithe móire agus shílfeá, le fírinne, go raibh sí ag dul a scriosadh an oileáin. Chuala muid tormán na gaoithe móire fríd an teach agus chuir sé uafás orainn. Las an tintreach an spéir taobh amuigh d’fhuinneog mo sheomra leapa, agus shílfeá go raibh an mhaidin ann bhí sí chomh geal sin, agus chuala muid clagarnach thoirní ina diaidh.

Bhí mé go fóill i mo dhúiseacht nuair a tháinig Athair isteach go mall an oíche sin. Chuala mé é ag labhairt ar aghaidh agus ar aghaidh faoin chogadh agus faoin dóigh a raibh sé tuillte go maith acu. Dúirt sé go raibh siad rómhór astu féin agus gurbh fhearr muidne ná iadsan maidir le cúrsaí seoltóireachta de bhrí gur tógadh ar oileán muid. Dúirt sé go mbeadh an bua againn sa chogadh agus go ndéanfadh muidne in Bryher ár gcuid den obair. Bheadh i gcónaí duine éigin ar Watch Hill i rith an lae ag faire amach do na fomhuireáin; agus san oíche bheadh na soilse uilig as agus na cúirtíní uilig druidte agus an t-oileán uilig faoi dhorchadas. Níor labhair Máthair focal i rith an ama. Níorbh é an cogadh

ná an stoirm, áfach, a choinnigh múscailte mé. Lé fírinne, ní raibh barúil agam cad é an rud cogadh. Shíl mé go raibh an cogadh cosúil le stoirm agus go mbeadh deireadh leis taobh istigh d’am gairid. Níor smaoinigh mé ar rud ar bith eile i rith na hoíche ach ar Fhear na nÉan agus Prince amuigh ar an fharraige ar bhád beag, agus ghuigh mé agus ghuigh mé nach raibh siad amuigh ansin nuair a tháinig an stoirm.

## 4 Fear na nÉan

BHÍ DANIEL AG FANACHT LIOM TAOBH AMUIGH DE mo gheata tosaigh an mhaidin dár gcionn. Is beag codladh a fuair seisean ach oiread. Bhí sé féin buartha faoi Fhear na nÉan agus faoi Prince chomh maith. ‘Tá súil agam gur bhain sé Samson amach agus gur chaith sé an oíche istigh ann; tá súil agam go bhfuil sé féin agus Prince ceart go leor,’ ar seisean. ‘Ní bheadh an t-am aige an t-oileán a bhaint amach agus teacht ar ais. Tá a fhios agam nach mbeadh. Tá mé ag déanamh go mb’fhéidir go bhfuil sé ceart go leor. I ndeireadh na dála, caithfidh sé go bhfuil sé níos eolaí ar an chuid sin den fharraige ná duine ar bith eile. Goitse, a Gracie, déanaimis deifir.’ Agus rith muid an bealach ar fad thar Samson Hill agus níor stop muid lenár n-anáil a tharraingt go dtí go

dtiocfadh linn Rushy Bay a fheiceáil thíos fúinn.

Bhí an stoirm thart faoin am seo agus ní raibh sé chomh gaofar céanna. Bhí an fharraige tógtha go fóill, áfach, agus cuma fheargach uirthi. Bhí na tonnta ó Samson ag teacht isteach agus ag briseadh ar an chladach. D'éirigh siad mór agus iad ag teacht cóngarach don chladach sular thit siad as a chéile nuair a bhain siad an gaineamh amach. Bhí an trá folamh. Ní raibh Prince ag fanacht linn ar an ghaineamh agus ní raibh teachtaireacht ar bith scríofa ar an ghaineamh ach oiread. Thiocfadh linn a fheiceáil gur fhág an stoirm cuid mhór bruscair ina diaidh thuas ar na dumhcha, agus dá mba rud é go raibh teachtaireacht ar bith scríofa ag Fear na nÉan dúinn, bheadh sí imithe leis an stoirm. Mar sin féin, bhí orainn a bheith cinnte de, agus rinne muid cuardach ar an chuid sin den ghaineamh a bhí tirim faoi na dumhcha, ar eagla na heagla. Ba é sin an dóigh ar tháinig muid ar an mhaide rámha, a bhí leath i bhfolach faoin fheamainn.

Chuidigh Daniel liom an maide rámha a tharraingt amach as an fheamainn agus d'iompair muid é chuig áit a dtiocfadh linn radharc níos fearr a fháil air. 'Ní thig linn a bheith cinnte cé leis é, an dtig?' arsa mise, ach níor labhair Daniel focal. Rinne muid mionchuardach ar

an trá le chéile. Thóg muid adhmaid raice agus muid ag súil le Dia nach bhfeicfeadh muid bád briste Fhear na nÉan ina luí ar an trá. Tháinig muid ar chuid mhór adhmaid raice ach bhí dath bán air agus é caite ag na tonnta. Ní raibh a bhád ná an maide rámha eile le feiceáil thíos ná thuas. Bhí an oiread sin áthais agus faoisimh orm faoin am seo gur shamhlaigh mé go mbeadh gach rud ceart go leor, gur cinnte gur tháinig muid ar mhaide rámha ar le duine éigin eile é. Ní shásódh rud ar bith Daniel, áfach, ach go rachadh muid anonn go Great Par, an trá ar an taobh eile de Heathy Hill, áit ar choinnigh Fear na nÉan a bhád.

‘Má tá siad slán sábháilte mar a deir tú,’ arsa Daniel, ‘is é rud a bheas an bád ansin! Agus ní gá dúinn a bheith buartha ina dhiaidh sin, an gá?’

D’fhág muid an maide rámha ina luí ar bharr na ndumhcha agus rinne muid ár mbealach siar fríd na feagacha i dtreo Great Par. Shiúil muid ar aghaidh le chéile gan focal asainn, agus bhí mo chroí i mo bhéal an t-am ar fad ar eagla nach mbeadh an bád ann, agus go dtarlódh an rud is mó a raibh eagla orm roimhe. Agus muid ag teacht go barr na ndumhcha, thiocthadh linn níos mó den trá a fheiceáil, agus go fóill ní raibh an bád le feiceáil thíos ná thuas. Bhí muid ag siúl thart le teach



Fhear na nÉan nuair a fuair Daniel greim tobann ar mo lámh. ‘Níl toit ar bith ag teacht amach as an tsimléar, a Gracie,’ ar seisean, agus a ghuth íseal mar a bheadh cogar ann. ‘Amharc, nach bhfeiceann tú, níl toit ar bith ag teacht amach as na simléir. Bhíodh i gcónaí toit ann roimhe, tá a fhios agam go mbíodh. Agus níl faoileáin ar bith le feiceáil ach oiread, níl faoileáin ar bith ar an díon.’ D’amharc mé suas ar an teach a bhí doiligh a fheiceáil mar gheall ar an fhraoch ar Heathy Hill, agus ba léir go raibh an ceart ag Daniel, go raibh an áit folamh. Bhí an doras tosaigh ar oscailt agus é ar luascadh isteach is amach leis an ghaoth, agus ní raibh duine ar bith ag teacht amach leis an doras a dhruidim. Bhí cuid den tuí ar an díon imithe leis an stoirm agus í ina luí anois ar ghort na bprátaí. Ní raibh an chuma ar an scéal go raibh rud ar bith beo ar an chnoc seachas an dá ghabhar a bhí ag dreapadh fríd na carraigeacha ag barr Droppy Nose Point. Leis sin, d’éitil faoileán amháin os ár gcionn agus shnámh sé ar an ghaoth os cionn an tí. D’éitil sé thart i gciorcail os ár gcionn agus ansin as go brách leis os cionn na farraige i dtreo Samson.

Bhí a fhios agam ag an bhomaite sin cad é air a raibh Daniel ag smaoineamh agus b’éigean dom an smaoineamh sin a chur amach as a cheann. ‘Níl duine

ar bith istigh ansin, a Daniel,’ arsa mise go gasta. ‘Is léir nach bhfuil duine ar bith istigh ansin. Téimis go bhfeicfidh muid an bhfuil an bád in Great Par. Ní fiú dúinn dul níos cóngaraí don teach, an fiú? Bhuel níl mise ag dul isteach ann, tá mé cinnte de sin’, agus mhothaigh mé an eagla uilig a bhí orm roimh Fhear na nÉan ag teacht ar ais orm.

‘Thig leatsa fanacht anseo más maith leat,’ arsa Daniel agus é ag déanamh neamhaird ar na rudaí a dúirt mise, ‘ach tá mise ag dul isteach lena fháil amach an bhfuil sé istigh ann. Cad é atá cearr leat, a Gracie? Cad é a rinne seisean riamh le cur isteach orainn? Tá mé ag rá go bhfuil a fhios againn anois nach bhfuil sé as a mheabhair. Goitse, a Gracie, beidh gach rud ceart go leor.’

I m’ainneoin féin lean mé é suas an cnoc, fríd an fhraoch agus an raithneach a bhí iontach ard, agus isteach sa gharraí glasraí. Bhí cuma iontach maith ar an gharraí chéanna. Go dearfa, ba é an garraí glasraí is fearr dá bhfaca mé riamh. Shiúil muid thart le dhá choirceog a bhí suite ar gach taobh an chosáin mar a bheadh gardaí iontu. Bhí cearca dearga ag rith amach as an fhraoch inár dtreo agus iad ag scréachach os ard. Lean siad muid suas an bealach ach choinnigh siad bearna

mhaith eadrainn. Shiúil muid níos moille agus muid ag dul i dtreo an dorais, sa dóigh go raibh muid chóir a bheith ag siúl ar na barraicíní. Druideadh an doras de phlab le séideadh gaoithe nuair a bhain muid é amach. Bhuail Daniel cnag amháin ar an doras. Níor fhreagair duine ar bith. Bhuail sé cnag eile ar an doras.

‘An bhfeiceann tú?’ arsa mise, á tharraingt siar. ‘Níl sé ann. Dúirt mé leat, nár dhúirt? Dúirt mé leat nach mbeadh sé ann.’ Ach níor thug Daniel lá airde orm. D’ardaigh sé laiste an dorais, fuair greim daingean ar mo lámh, agus shiúil muid isteach sa teach dhorcha le chéile.

Ní raibh ann ach seomra mór fada amháin ina raibh leaba nach raibh cóirithe ag taobh amháin, agus sorn dubh ornáideach ag an taobh eile. Agus bhí *Woodcock*, an bád gealghorm a rinne muid dó, ar an mhatal. Bhí carn luathrigh ina luí sa tinteán agus d’éirigh sé fríd an seomra nuair a osclaíodh an doras. Dhruid Daniel an doras inár ndiaidh ionas nach dtiocfadh na cearca isteach. Is beag nár líon an tábla mór fada an seomra ar fad. Bhí an tábla clúdaithe le píosaí oibre a bhí snoite as adhmaid. Bhí cuid mhór éan snoite as adhmaid, cuid acu críochnaithe agus cuid acu le críochnú. Bhí sceitsí pinn luaidhe greamaithe den tábla le biorán in aice le gach píosa oibre. Bhí cuid de na sceitsí stróicthe ag séideadh

na gaoithe agus bhí cuid de na píosaí oibre ina luí ar an urlár. Bhí an t-urlár féin clúdaithe le slisíní adhmaid agus min sáibh. Bhí seilfeanna in airde ar na ballaí cloiche agus bhí na seilfeanna ag lúbadh faoi mheáchan na bpíosaí oibre. Stán na héin orainn gan smid astu. Ina measc siúd bhí faoileáin, saidhbhéir, guairdill, gainéid, meirliúin, puifíní agus feadóga ann. Bhí cuid acu ag tumadh, cuid eile á bpiocadh féin ach bhí an chuid is mó acu ag stánadh anuas go fíochmhar orainn ó na seilfeanna amhail is gur chuir muid isteach ar chruinniú príobháideach éigin de scata éan a raibh olc éigin á bheartú acu.

Bhí ceithre sheilf ar thaobh amháin den tsorn ornáideach nach raibh éan ar bith orthu. Ina áit sin, bhí ceithre bhuilín aráin orthu. Thug mé faoi deara nach raibh mórán fágtha den bhuilín ar an tseilf íochtair. Bhí mé breá sásta go raibh greim agam ar lámh Daniel agus ní scaoilfinn lena lámh ar ór ná ar airgead. Shiúil mé leis a fhad leis an tsorn agus mhothaigh sé é. ‘Fuar,’ arsa Daniel. ‘Níor tháinig siad ar ais ó bhí inné ann. Ní thiocfaidh muid ar a bhád in Great Par, a Gracie; ní thiocfaidh muid air áit ar bith.’

‘Thiocfadh leo bheith in Samson go fóill,’ arsa mise i gcogar. ‘Nach dtiocfadh? Is é sin an rud a dhéanfainn

féin; d'fhanfainn ansin go dtí go mbeadh an fharraige ciúin agus go mbeadh sé slán teacht ar ais. Nach é sin an rud a dhéanfá féin?'

Chlaon Daniel a cheann. 'An maide rámha, a Gracie. Cá hás ar tháinig an maide rámha más rud é go bhfuil siad fós ar Samson?'

'Ach tá seans ann nach leosan é, nach bhfuil?' arsa mise. 'Seans gur le duine éigin eile é?' Níor labhair Daniel. Tháinig séideán gaoithe fríd an teach a bhain gliogarnach as na fuinneoga agus tháinig sé anuas an simléar. D'éirigh an luaith a bhí sa ghráta fríd an teach. Bhog mé níos cóngaraí do Daniel a thóg píosa aráin den tseilf íochtarach gur mhothaigh sé é.

'Níl a fhios cén fáth a gcoinníonn sé ceithre bhuilín aráin?' ar seisean. Ansin thosaigh na héin a bhí ar na seilfeanna a scréachach agus a scairteadh amhail is go raibh siadsan ag tabhairt freagra d'aon ghuth. Ní thiocfadh liom é a sheasamh níos mó. Rith mé i dtreo an dorais agus mé ag tarraingt Daniel i mo dhiaidh. Chomh luath agus a bhain muid an doras amach, osclaíodh é. Go tobann bhí Prince ag rith thart ar ár gcosa, ag léim agus á chroitheadh féin; agus sheas Fear na nÉan ag an doras idir muidne agus an solas taobh amuigh. Bhí a chochall dubh ar a cheann agus saidhbhéar ina sheasamh ar a

ghualainn. Bhí an spéir os a chionn bán le faoileáin a bhí ag scréachadh agus ag scairteadh. Ghlac mé féin agus Daniel cúpla coiscéim siar i dtreo an tsoirn. Leag muid cathaoir agus muid ag dul siar. Lean Prince muid agus é ag smúrthacht thart ar an arán a bhí i lámh Daniel.

‘An bhfuil ocras oraibh?’ arsa an guth a tháinig amach as an hata báistí. ‘Nearth aráin, bácáil neart aráin i gcónaí. Bácáil builín in aghaidh an lae. Bíonn i gcónaí neart aráin i dtaisce agam ar eagla go n-éireoinn tinn. Coinním an builín is úire go dtí an deireadh, ar an tseif uachtarach – thig libh cuid de a ithe más mian libh.’ D’éitil an saidhbhéar óna ghualainn agus leaindáil sé go ciotach ar an tábla i measc na n-éan admhaid agus leag sé ceann acu. Bhí sé ag léim ar chos amháin; bhí an chuma ar an chos eile go raibh sí bacach agus ní bhainfeadh sé úsáid aisti. Dhruid Fear na nÉan an doras ina dhiaidh, bhain de a hata báistí, agus chroith é lena thriomú.

‘Tá mé ag insint daoibh go bhfuil sé iontach gaofar amuigh ansin,’ ar seisean. Ní raibh sé soiléir ina chuid cainte agus níor chríochnaigh sé cuid de na focail. Bhí an chuma air go raibh sé ag labhairt agus ag méanfach ag an am chéanna agus gur tháinig na focail ó bharr a bhéil. Bhain sé a chlóca dubh dá ghuailí agus tháinig

strainc ar a aghaidh agus é á bhaint de. D’fhill sé an clóca go cúramach agus chuir ar an urlár é. Bhog sé go hiontach mall agus bhí an chuma air go raibh sé an-righin. Rinne sé fead ghéar agus d’imigh Prince uainn láithreach gur shuigh sé ar an chlóca. Bhí Prince ag amharc orainne agus ansin ar Fhear na nÉan amhail is go raibh sé ag fanacht le duine againn labhairt, ach níor labhair duine ar bith.

Caithfidh sé gur chaith muid bomaite iomlán ag amharc ar a chéile. Ní raibh an seandúine a bhí ina sheasamh os mo chomhair cosúil leis an duine a raibh mé ag dúil leis i m’intinn. Is é an bharúil a bhí agam i gcónaí go mbeadh cuma bhagrach aisteach air nuair a bhainfeadh sé a hata báistí de. Bhí mo bharúil go hiomlán mícheart. Ba é an dóigh ar sheas sé agus an craiceann rocach ar a lámha na comharthaí a thug le fios go raibh sé anonn in aois. Bhí dath donn ar a aghaidh mar a bheadh buatais chaite shnasta ann. Bhí an craiceann ar a aghaidh rocach ach bhí an chuma ar Fhear na nÉan go fóill go raibh sé aclaí óg – an méid de a bhí le feiceáil taobh thiar den fhéasóg agus den fholt bhán gruaige. Ach ba iad a shúile a thug le fios dom go raibh sé difriúil le fear ar bith eile a chonaic mé riamh, agus ba iad na súile a mheall thú agus a choinnigh thú ag

amharc air.

‘Bhuel, buaileann muid lena chéile sa deireadh thiar thall,’ ar seisean, ag briseadh an chiúnais eadrainn. ‘Tá mé sásta gur tháinig sibh. Bhí eagla orm nach dtiocfadh sibh choíche. Ar ndóigh thiocfadh liomsa dul síos chuig an trá, ach dá bhfeicfeadh sibh mé, rithfeadh sibh ar shiúl, nach rithfeadh? Caithfidh sibh fanacht amach uaim? “Fan amach uaidh” – an é sin an rud a d’inis siad duit? Ní orthu atá an locht. Ritheann gach duine ar shiúl uaim. Tá mé breá cleachta leis anois; ach ní raibh mé ag iarraidh dul sa tseans, ní libhse. Is é sin an fáth ar chuir mé Prince síos chugaibh. Bhí mé ag dúil go dtiocfadh sibh abhaile leis lá éigin, ach níor tháinig. Smaoinigh mé ar chuireadh a chur oraibh, ar theachtaireacht a fhágáil ar an ghaineamh ag iarraidh oraibh teacht ar cuairt chugam; ach shíl mé go gcuirfeadh sé sin eagla oraibh agus nach dtiocfadh sibh ar ais.’

Níor labhair mé féin ná Daniel go fóill. Bhí an saidhbhéar ar an tábla ag stánadh orainn go fíochmhar. ‘Tá drochdhóigh ar an teach, nach bhfuil?’ ar seisean. ‘Ar ndóigh dá mbeadh a fhios agam go raibh sibh ag dul a theacht inniu, ghlanfainn an áit. Ba ghnách le mo mháthair a rá go raibh mé iontach mínéata, ach ní raibh duine ar bith sa teach seo ó fuair sise bás beagnach



tríocha bliain ó shin. Ní fiú an áit a ghlanadh mura mbíonn cuairteoirí agat, an fiú? Is é an rud atá mé a rá gur cuma leo siúd, nach cuma?’ Rinne sé gáire agus d’amharc sé ar na héin ar na seilfeanna. ‘Caithfidh sé gurbh í an ghaoth a d’oscail an doras; tá an luaith gach áit. Mar sin féin, níl mórán dochair déanta. Deiseoidh mé an laiste sin ar an doras lá éigin. Bhí mé leis sin a dhéanamh cúpla uair, ach tagann rud éigin eile aníos i gcónaí. Ní bhíonn go leor uaireanta an chloig sa lá.’

Sheas sé ag amharc orainn agus tháinig aoibh an gháire ar a aghaidh. Ní raibh mórán fiacla aige. ‘A leithéid de ghaoth agus a bhí ann inné! Bhí sé iontach gaofar ar fad, nach raibh? Tá mé ag insint daoibh go raibh an t-ádh dearg orm. Bhí mé leath bealaigh go Samson nuair a d’éirigh an ghaoth. Bhí sí níos láidre agus níos gasta ná mar a shíl mé a bheadh sí. Is ar éigean a bhain muid an t-oileán amach. Tháinig an madadh liom, ar ndóigh – tagann i gcónaí, nach dtagann a mhadaidh? Is breá leis dul anonn go Samson. Is breá leis na coiníní, agus tá neart acu thall ansin, cinn mhóra dhubha. Ó, is breá leis na coiníní. Ar ndóigh, ní minic a théim amach ar an bhád na laethanta seo; ní théim anonn go Samson ach nuair is gá dom. Ní thig liom tarraingt in éadan na gaoithe mar a tharraing mé na

blianta ó shin – ag éirí sean, tá a fhios agat. Chaith mé an oíche thall mar a chaithim de ghnáth. Níl ach an t-aon teachín amháin fágtha anois a bhfuil díon air, níl sé mar ba ghnách leis a bheith, tá mé ag insint daoibh. Las mé tine le muid a choinneáil te, nár las, a Prince?’

Nuair a chuala an madadh a ainm, stad sé de bheith ag ní a lapa agus d’amharc sé suas. Bhuaile sé an balla lena eireaball fliuch taobh thiar dín. ‘Ansin ar maidin, le héirí na gréine, agus an ghaoth ar ár gcúl, agus an chuid is measa den stoirm thart, shíl mé go ndéanfadh muid iarracht teacht ar ais ar an bhád. Agus mé ag smaoineamh air anois, is dócha gur chóir dom fanacht uair nó dhó eile, ach b’éigean dom na gabhair a bhleán agus bia a thabhairt do na cearca. B’éigean dom teacht ar ais le haire a thabhairt do na créatúir sin. Agus más rud é go bhfágaim Friend rófhada, imíonn sé leis ar fud an oileáin ar mo lorg. Téann sé an bealach ar fad go Shipman’s Head agus tá sé iontach contúirteach thuas ansin, fiú d’asal. Mar sin de, b’éigean dom teacht ar ais. Tá mé ag insint daoibh, ní raibh orm tarraingt ar na maidí rámha chomh láidir sin riamh roimhe, an raibh a Prince? Agus nár éirigh mo lámh iontach nimhneach?’ D’ardaigh sé a lámh chlé agus lúb sé a mhéara cranraithe go mall. ‘Tháinig pian inti agus ní thiocfadh liom í a

úsáid, agus ní thioctadh liom rud ar bith a dhéanamh faoi. Ní thioctadh liom greim a choinneáil ar an mhaide rámha ina dhiaidh sin, bhí mo lámh rólag. Is é sin an rud is measa faoi éirí sean, ní éistfidh do chorp leat níos mó. Tharla sé go díreach ag an chósta amuigh ansin. Is beag nár fágadh muid ar na carraigeacha ina dhiaidh sin, nach fíor sin, a Prince? Bhí orm bheith ag rámhaíocht chomh maith agus a thioctadh liom le maide rámha amháin. Níl a fhios agam cad é mar a d'éirigh linn an trá a bhaint amach, ach d'éirigh linn, agus tháinig muid isteach go maith ar na tonnta go Popplestones. D'amharc mé suas agus cé a bhí ina sheasamh ag fanacht liom ach Friend, amhail is go mbeadh a fhios aige go mbeinn ann ag fanacht leis ar an trá. Mar sin de, tháinig mé ar ais ar Friend agus seo anois mé. Agus inseoidh mé é seo daoibh, ní mise an t-aon rud a tháinig i dtír ar an trá. Ní fhaca mé a leithéid riamh. Tá adhmaid ina luí achan áit ar an trá, cláir adhmaid, cláir mhóra giúise, an t-adhmaid is fearr a chonaic mé riamh; gan iomrá ar bith ar longbhriseadh. Ní fhaca mé ach an t-adhmaid.'

'Tháinig Gracie ar an mhaide rámha,' arsa Daniel, ach níor chuala Fear na nÉan é. D'ardaigh sé a ghuth. 'Tháinig sí ar an mhaide rámha, a Uasail Woodcock, an ceann a chaill tú. Tá sé thíos ar na dumhcha go fóill;

d'fhág muid ansin é. Shíl muid go raibh tú marbh, nár shíl, a Gracie?'

Go tobann, bhí an chuma ar Fhear na nÉan go raibh sé buartha. D'imigh an aoibh dá aghaidh, agus thiontaigh sé thart agus Daniel go fóill ag labhairt leis. Chuaigh sé síos ar a ghlúine go cúramach cois na tine agus thosaigh a bhriseadh cipíní beaga. D'amharc Daniel agus mé féin ar a chéile. 'Is é sin an fáth ar tháinig muid anseo, a Uasail Woodcock,' arsa Daniel, ag leanúint ar aghaidh, 'lena fheiceáil an raibh tú féin agus Prince ceart go leor, mar bhí a fhios againn go ndeachaigh sibh anonn go Samson inné. Chonaic muid thú amuigh ag rámhaíocht ar an fharraige. Ansin nuair a tháinig an stoirm aréir shíl muid ...' Ní raibh Fear na nÉan ag amharc orainn go fóill ach bhí an chuma air go raibh sé ag iarraidh an tine a lasadh. Chuaigh an páipéar le thine agus chrom sé le séideadh air go dtí go raibh na bladhairí ag rith fríd na cipíní agus suas an simléar. Shuigh sé siar ar a ghogaide agus d'amharc ar an tine. Thug mé broideadh do Daniel, ag impí air leanúint ar aghaidh ag labhairt, ach chroith sé a cheann. 'An cogadh, inis dó faoin chogadh,' arsa mise faoi m'anáil.

Chlaon Daniel a cheann agus rinne iarracht eile. Faoin am seo bhí Fear na nÉan ina shuí ar choirnéal a

leapa agus a lámha sínte amach aige os comhair na tine le hiad a théamh. ‘A Uasail Woodcock,’ a thosaigh Daniel, níos airde fós an iarraidh seo le bheith cinnte go gcluinfadh sé é, ‘an cuimhin leat cad é a d’inis Welly Belly dúinn? An cuimhin leat gur inis sé dúinn go mbeadh cogadh ann roimh i bhfad? Bhuel, chuir siad tús leis an chogadh, a Uasail Woodcock, go díreach mar a dúirt Welly Belly. Chuir siad tús leis inné. Tá sé maith go leor, áfach, mar tá an chuma ar an scéal go síleann gach duine go mbainfidh muid go measartha gasta. Mar sin féin, caithfidh muid súil a choinneáil amach do longa agus fhomhuireáin agus a leithéidí ar eagla na heagla – is é sin an rud a d’inis m’athair dom. Agus níl cead againn soilse ar bith a thaispeáint. Caithfidh muid na dallóga a dhruidim.’

D’ardaigh Fear na nÉan a cheann, agus an chuma air nár thuig sé focal. Chuir sé a lámha ar a ghlúine agus bhrúigh sé é féin go dtí go raibh sé ina sheasamh arís os ár gcomhair. ‘Thig leat labhairt go dtí amárach, a Daniel, ach ní chluinfidh mé focal de. Níl na seanchluasa seo ag obair mar ba cheart, níl siad ag obair ó bhí mé i mo ghasúr. Dúirt mo mháthair i gcónaí gurbh é an fiabhras ba chúis leis, an fiabhras a tháinig orm an lá a d’fhág muid Samson. Níl cuimhne agam ar rud ar bith seachas

an gliogar i mo chluasa, agus an chuma air go raibh an ghaoth ag séideadh i mo cheann. Thiocfadh liom rudaí a chluinstin nuair a tháinig mé as an fhiabhras, ach ní raibh mo chuid éisteachta chomh soiléir céanna ina dhiaidh sin. Le himeacht na mblianta, d'éirigh sí níos measa, agus le cúpla bliain anuas ní thig liom fiú mo chuid faoileán a chluinstin. Níl le cluinstin agam ach ciúnas folamh. Tá mé chomh bodhar agus atá na héin adhmaid thall ansin, a Daniel. Thig liom léamh, áfach – rinne Máthair cinnte de sin – ach tá a fhios sin agat cheana féin, nach bhfuil? Mar sin de, má tá rud agat le hinsint dom, beidh ort é a scríobh síos nó pictiúr a tharraingt. Tá neart páipéir agam – coinním é le pictiúir de na héin a tharraingt air.' D'oscail sé tarraiceán an chófra cois leapa, bhain sé peann luaidhe agus páipéar amach as, agus chuir ar an tábla in aice linn iad.

'Tá tusa níos fearr ag an litriú,' arsa Daniel, ag síneadh an phinn luaidhe chugam. 'Inis dó.' Mar sin de, thosaigh mé a scríobh chomh maith agus a thiocfadh liom: 'Chuir siad tús leis an chogadh inné.' Thiontaigh Daniel an píosa páipéir thart ionas go raibh Fear na nÉan ábalta é a léamh. Nuair a d'amharc sé orainn, bhí fearg ina shúile.

'Níl sé ceart,' ar seisean. 'Níl sé ceart ná cóir. Níl sé

ceart ná cóir duine ar bith a mharú, tá mé ag insint daoibh. Tá a fhios agam níos fearr ná duine ar bith. Tá a fhios agam.’ Agus go tobann, amhail is go raibh a sháith aige, thiontaigh sé chugainn. ‘Tá sé in am daoibh imeacht. Caithfidh mé na gabhair a bhleán agus an bia a thabhairt do na cearca, agus is fearr daoibhse dul abhaile agus dul go gasta. Caithfidh sé go raibh na cláir adhmaid sin ar snámh ar an fharraige le tamall fada anois, an chuid is mó den oíche, is dócha. Ní dhéanann sé maitheas ar bith dó bheith san fharraige rófhada. Mar sin de, imígí libh agus insígí dóibh teacht go Popplestones chomh gasta agus is féidir leo. Tá moll mór adhmaid anseo, tá mé ag insint daoibh, go leor le deich dteach a thógáil. Beidh oraibh deifir a dhéanamh nó beidh sé rómhall. Chomh luath agus a chluineann na Fir Chustaim faoi – agus cluinfidh – beidh an t-oileán dubh leo. Imígí libh anois.’

Bhí muid chóir a bheith amach ar an doras nuair a scairt sé orainn teacht ar ais. ‘A pháistí,’ ar seisean, agus é ag labhairt níos ciúine anois. ‘Caithfidh sé go bhfuil an treathlach sin a thug mé daoibh ag éirí uaigneach. Sílim gur chóir dom éan eile a thabhairt daoibh le cuideachta a choinneáil leis – mar bhronntanas i gcuimhne ar bhur gcéad chuairt.’ Thóg sé ceann de na héin a bhí déanta

aige as adhmad ón tábla agus d’amharc go géar air. Faoileán a bhí ann agus an chuma air go raibh sé ag scréachach. Bhí a sciatháin leathoscailte agus bhí iasc faoina chosa aige. ‘Ní dóigh liom go dtig liom mórán eile a dhéanamh leis an cheann seo. Ar mhaith libh é a thabhairt libh?’

Thóg Daniel an t-éan uaidh go cúramach agus d’amharc sé ar Fhear na nÉan. Chuir sé a mhéar lena liopaí agus dúirt faoina anáil go malltriallach soiléir, ‘Tá sé galánta, go raibh maith agat.’

‘Go raibh maith agat,’ arsa mise fosta. Thuig Fear na nÉan muid agus rinne sé gáire os ard.

‘Tabharfaidh sibh cuairt orm amárach más féidir?’ ar seisean. ‘Imígí anois agus faighigí greim ar an adhmad sin sula dtiocfaidh na Fir Chustaim air.’



## 5 Na Fir Chustaim

CHUIR MUID FAOILEÁN FHEAR NA NÉAN I bhfolach faoi charnán seanéadaí ar an bhinse oibre i dteach na mbád – ní thiocfadh linn smaoineamh ar áit ar bith eile dó – sular rith muid ar ais chuig an teach le hinsint dóibh faoin adhmaid a tháinig i dtír ar Popplestones. Chuaigh an scéal thart go hiontach gasta agus, taobh istigh de roinnt bomaití, bhí gach cairt agus trucail ar an oileán ceangailte agus ag deifriú go Popplestones. Smaoinigh mé agus mé i mo shuí thuas ar an chairt in aice le Máthair agus Athair go mb’fhéidir gur chóir domsa agus do Daniel dul go Popplestones ar dtús le bheith cinnte nach raibh Fear na nÉan ag dul thar fóir faoin méid adhmaid a bhí ann, ach chuir sé ar mo shuaimhneas mé nuair a fuair mé mo chéad spléachadh

ar an trá. Thiocfadh liom bád beag Fhear na nÉan a fheiceáil ina shuí ar an ghaineamh thirim agus bhí adhmaid le feiceáil achan áit ar an trá. Briseadh cuid de na cláir adhmaid ar na carraigeacha agus bhí an chuid sin ina smidiríní ar snámh ar an fharraige, ach bhí an chuid is mó de ina luí ar an trá agus an chuma air go raibh sé go maith. Thall i gcoirnéal na bá in aice leis na carraigeacha, bhí an fharraige clúdaithe le cláir adhmaid mar a bheadh blaincéad mór ann agus iad ag déanamh tormáin ar na tonnta.

Rinneadh dearmad ar an chogadh agus bhí sceitimíní an domhain ar gach duine anois. Níor chuimhin le duine ar bith a leithéid de bhronntanas ón fharraige, agus do mhuintir an oileáin, bronntanas mór a bhí ann. Ní raibh saol an oileáin furasta. Ní raibh againn ach na barra a d'fhás muid, an t-iasc as an fharraige agus na rudaí a d'aimisigh muid ó am go chéile ar an trá. Ba linne rud ar bith a tháinig i dtír ar an trá go díreach mar ba linne na barra a d'fhás muid agus an t-iasc a fuair muid as an fharraige. Ba é sin an t-aon dóigh ar mhair muid, ní raibh dóigh ar bith eile againn. Go díreach mar a bhí sé leis an fheamainn agus an adhmaid raice, ba leis an chéad duine a tháinig ar an longbhriseadh a thug abhaile na rudaí a tháinig i dtír. Seantraidisiún a bhí ann

agus bhí sé de cheart againn seilbh a ghlacadh ar thaisce ar bith a tháinig isteach, dar linne. Ach bhí a fhios ag gach duine go raibh na Fir Chustaim thall in St. Mary's agus go ndéanfadh siad a seacht ndícheall an éadail ón trá a choimeád uainn. Agus ní raibh rud ar bith eile a thug muintir an oileáin le chéile níos mó ná cuairt ó na Fir Chustaim. Bhí a fhios ag gach duine an mhaidin sin ar Popplestones go mbeadh na Fir Chustaim ag teacht gan mhoill.

Mar sin de, lódáil muid na cláir adhmaid ar na cairteanna agus ar na trucaílí an lá ar fad agus chuaigh siadsan siar is aniar ar an chosán faoi Gweal Hill chuig gach feirm agus chuig gach teach ar an oileán. Bhí cuid de na fir, Athair ina measc, amuigh san fharrage go dtí an muineál agus iad ag cur rópa thar na cláir adhmaid chun iad a tharraingt isteach. Ansin fuair muidne greim orthu agus tharraing muid iad amach as an uisce agus isteach ar an trá. Níor stop duine ar bith le bia a ithe ag meán lae. Níor stop duine ar bith do rud ar bith, seachas cuid de na páistí is óige a d'éirigh tuirseach den obair roimh i bhfad agus a thosaigh a shúgradh ar mhaide corrach a rinne siad as clár adhmaid. Ba chuma leis na daoine fásta, mar, le fírinne, bhí siad róbheag le cuidiú agus ar a laghad choinnigh sé as an bhealach iad. Ní

raibh clár ar bith fágtha ar an trá tráthnóna agus níor fhan ach scaifte beag againn le glanadh suas agus leis an chuma a chur ar an scéal nár tharla a dhath. Bhain muid úsáid as feamainn leis an trá a scuabadh ó thaobh go taobh, agus muid ag siúl siar i líne ionas gur chlúdaigh muid an lorg a rinne ár gcosa féin ar an trá. Scuab muid na loirg a rinne muidne, na cinn a rinne na capaill agus na cinn a rinne na cairteanna agus na trucaílí ar an ghaineamh. Ní raibh muid iomlán réidh nuair a chonaic duine sa túr faire ar Watch Hill bád, agus na Fir Chustaim istigh ann. Faoin am ar bhain siad an ché amach, áfach, bhí muid réidh faoina gcoinne.

Caithfidh sé go raibh seisear Fear Custaim ann, iad uilig gléasta ina n-éide dhúghorm – na cnaipí druidte go dtí an smig orthu. Tháinig an caipín anuas go dtí an tsrón orthu ionas nach dtiocfadh leat a súile a fheiceáil. Bhí croiméal mór fada ar an chuid is mó acu, amhail is gur cuid den éide féin é. Níor labhair siad le duine ar bith. Thosaigh siad ag cuardach an oileáin ó Shipman's Head go Rushy Bay; agus ansin thug siad cuairt ar gach teach ar an oileán, rud a raibh muid ag dúil leis.

Níorbh fhada gur tháinig siad a fhad leis an teach s'againne agus chonaic muid duine acu ag oscailt ár ngeata agus ag teacht aníos an cosán. Bhuail Athair leis

an Fhear Custaim ag doras an tí agus bhí mé sásta go raibh sé níos airde agus níos leithne ná an fear eile. Mhothaigh mé iontach bródúil as Athair, mar a mhothaigh mé i gcónaí. Bhí mé iontach sábháilte nuair a bhí seisean do mo chosaint. Thiocthadh liom a fheiceáil ón dóigh a raibh lámh Máthar ar crith nár mhothaigh sise chomh sábháilte céanna. D’fhan mé léi ag an doirteal ag baint craiceann de na prátaí, mar a bhí leagtha amach againn, agus d’éist mé.

‘An tUasal Jenkins?’ arsa an Fear Custaim. ‘Is mé,’ arsa m’athair. ‘An bhfuil tú ar lorg rud éigin?’

‘Is rud dáiríre é seo, a Uasail Jenkins, ná bí ag iarraidh a bheag a dhéanamh de. Tarlaíonn sé go raibh cláir adhmaid, cláir mhaithe adhmaid a bhí iontu, tarlaíonn sé gur tháinig siad isteach ar an taoide ar an chósta thiar de St. Mary’s tráthnóna, cláir giúise ón Cholóim. Cláir mhaithe adhmaid atá iontu, thart faoi chúig troithe déag ar fad, troigh ar leithead agus trí horlaí ar doimhneacht. Tá an chuma ar an scéal gur tháinig siad aniar le linn na stoirme aréir. Caithfidh sé gur tháinig, nach gcaithfidh?’ Thiocthadh liom a aithint óna ghlór go raibh a fhios aige go raibh a fhios againn go raibh a fhios aige. Cineál cluiche a bhí ann, ach cluiche dáiríre.

‘Má deir tú é,’ arsa Athair.

‘Deirim, a Uasail Jenkins, deirim. Agus táimid den bharúil go bhfuil seans maith ann gur tháinig tuilleadh adhmaid isteach ar chósta thiar Bryher. Bheadh sé sin le ciall, nach mbeadh?’

‘Bhuel,’ arsa Athair, ‘ní bheadh a fhios agam rud ar bith faoi sin. An bhfuil a fhios agat, is annamh a théim an bealach sin – is annamh a théann duine ar bith an bealach sin – tá sé contúirteach thall ansin, bíodh a fhios agat. Is dócha gur chuardaigh sibh an áit go maith cibé, nár chuardaigh?’

‘Chuardaigh go deimhin, a Uasail Jenkins.’

‘Ar tháinig sibh ar rud ar bith?’

‘Níor tháinig, a Uasail Jenkins.’

Chroith Athair a cheann agus lig osna. ‘Is trua sin,’ ar seisean. ‘Is mór an trua é sin. B’fhéidir nach raibh ann ach an méid a tháinig i dtír ar chósta St. Mary’s.’

‘Níl mé cinnte de sin, a Uasail Jenkins, ach tá sé de dhualgas ormsa a chur i gcuimhne duit gur leis an Choróin adhmaid ar bith a thagann isteach agus go mbeifeá ag briseadh an dlí dá dtabharfá leat é, nó dá gcuirfeá i bhfolach é ar na húdaráis chearta. Coir a bheadh ann, a Uasail Jenkins, cion coiriúil, agus is muidne na húdaráis chearta.’

‘Ach níl cláir adhmaid ar bith ann, an bhfuil? Is é an

rud atá mé ag iarraidh a rá go bhfeicfeá cláir mhóra adhmaid dá mbeadh siad ann.'

'D'fheicfeá, a Uasail Jenkins.' Dhírigh an Fear Custaim a ghuailí agus sheas go díreach sular lean sé ar aghaidh. 'Caithfidh mé ceist fhoirmiúil a chur ort, a Uasail Jenkins: ar tháinig tú ar adhmaid ar bith ar an chósta?'

'Ba mhian liom go dtiocfainn, agus dá dtiocfainn, is tusa an chéad duine a labharfainn leis, tá a fhios sin agat. Is duine mé atá umhal don dlí – tá muid uilig umhal don dlí in Bryher.'

'Ar ndóigh, a Uasail Jenkins, ní raibh mé riamh in oileán a raibh na daoine ann chomh humhal don dlí agus atá ar an oileán seo – más féidir leat gach rud a chuala mé sna tithe ar thug mé cuairt orthu a chreidiúint. Ní fhaca duine ar bith ar labhair mise leis rud ar bith. Ach ní fheadar an dtig le do ghirseach bheag cuidiú linn? Tá súile chomh géar sin ag páistí. Nach bhfuil, a Uasail Jenkins? B'fhéidir go bhfaca sise rud éigin nach bhfaca tú féin. Goitse, a ghirseach bheag, ná bíodh inní ort.'

Chuir Máthair a lámha ar mo ghuailí agus thiontaigh mé thart ionas go raibh mé ag amharc air. Bhí an Fear Custaim measarta ramhar agus dath corcra ar a aghaidh; ní raibh a fhios agam cé acu fearg nó strus ba

chúis leis an dath sin air. Bhí imní orm cinnte, ach ní raibh eagla orm de bhrí go raibh Athair ina sheasamh taobh thiar de ag déanamh meangadh gáire liom thar a cheann, agus bhí mé muiníneach go n-imreoinn mo ról ceart go leor agus go dtiocfadh liom bréag a insint. Ní raibh le déanamh agam ach aghaidh dhíreach a choinneáil agus ligean orm nár thuig mé rud ar bith. Go díreach ag an bhomaite sin, chonaic mé salachar bán éin ar a chaipín agus cuid de ag titim ar a ghualainn chlé. Bhí an chuma ar an scéal go raibh ar a laghad éan amháin ann nach raibh dúil ar bith aige san Fhear Custaim. Rinne mé iarracht gan gáire a dhéanamh, ach níor éirigh liom. Tháinig scréach bheag mhúchta amach in ionad gáire, ach bhí sí cosúil le gáire agus ba leor sin le cur isteach air.

‘An bhfuil rud éigin greannmhar, a ghirseach bheag?’

‘Níl, a dhuine uasail,’ arsa mise. Níorbh é salachar an éin amháin nár lig dom srian a choinneáil ar an gháire, ba é an smaoinemh go raibh na céadta clár adhmaid ina luí faoi na cosáin i bpáirceanna na mbláthanna agus na bprátaí ar fud an oileáin. Smaoinemh iontach a bhí ann a bhuail Athair agus caithfidh sé gur éirigh leis, nó ní bheadh na Fir Chustaim ag cuardach na háite go fóill. Bhí na bláthanna curtha i línte sa gharraí. Fágadh spás i



ndiaidh gach séú líne sa dóigh go mbeadh cosán ann trí na bláthanna. Ba san áit sin a fágadh na cláir taobh le taobh agus clúdach orthu. Bhí na garraithe clúdaithe le lustan an t-am seo den bhliain agus chuir siad an lustan ar bharr na gclár adhmaid leis an chuma cheart a chur air. Ba é seo an chéad uair agus an uair dheireanach, a dúirt Máthair, a dhéanfadh sí a leithéid.

Bhí dath níos corcra ar aghaidh an Fhir Chustaim anois. ‘Is rud dáiríre é seo,’ ar seisean. ‘Ní cúis gháire í ar chor ar bith.’ Agus é ag cur stró air féin, chrom sé síos os mo chomhair ionas go raibh sé ag amharc orm idir an dá shúil. Chuir sé brú air féin le meangadh gáire a dhéanamh; ach bhí an chuma air gur dreach feargach a bhí air seachas dreach sásta. ‘Thig leatsa a insint dom cén áit ar cuireadh i bhfolach iad, nach dtig, a ghirseach bheag?’

Arís eile ní éistfeadh mo liopaí liom agus phléasc mé amach ag gáire. D’éirigh a aghaidh iontach feargach. Ba í Máthair a labhair agus a chuidigh liom.

‘Is é do chaipín é,’ ar sise go lách. Bhain an Fear Custaim a chaipín de agus ba léir nach raibh sé róshásta nuair a chonaic sé an salachar, ach ba léir fosta gur leor é lena mhíniú dó an fáth a raibh mé ag gáire. Rinne Máthair iarracht an scéal a réiteach agus bhain sí an

caipín de gur chuimil sí le ceirteach fhliuch é. Bhí fearg ar an fhear, áfach, agus ní raibh sé réidh linn go fóill.

‘Bhuel, mura bhfuil a dhath i bhfolach agat, a Uasail Jenkins, ní miste leat má chuardaím an teach?’ Agus thóg sé a chaipín ó Mháthair agus chuir ar a cheann arís é.

‘Cad é a deir tú? Tá tú ag dul a chuardach mo theachsa ar lorg cláir adhmaid cúig troithe déag ar fad?’ arsa Athair. ‘Cá háit faoin spéir a bhfuil muid ag dul a chur rudaí den mhéid sin sa teach seo?’

‘Ó, bheadh iontas ort, a Uasail Jenkins,’ ar seisean. ‘Bheadh iontas ort faoi na háiteanna a bhfuair mise rudaí i bhfolach. Thig liom sin a insint duit. Tosóidh mé mar a thosaím i gcónaí, tosóidh mé san áiléar agus oibreoidh mé mo bhealach anuas. Tá neart fairsinge agat faoin cheann tuí, nach bhfuil?’

‘Bhuel ní bhfaighidh tú a dhath thuas ansin,’ arsa Athair, ‘seachas cúpla luchóg agus éan marbh. Gheobhaidh tú luchóga maith go leor. Ach tá fáilte romhat dul suas más maith leat. Níl rud ar bith i bhfolach agamsa. Tá an chomhla i seomra m’ínine, go díreach os cionn a leapa. Is é sin an t-aon bhealach isteach san áiléar. Níl a dhath againn le cur i bhfolach, a Gracie, an bhfuil?’ Agus rinne Athair meangadh gaire liom le mé a chur ar mo shuaimhneas agus é ag siúl roimh an fhear

suas an staighre.

Ach ní raibh mise ag gáire anois. Go dtí gur luaigh siad an t-áiléar níor smaoinigh mé go mbeadh an Fear Custaim ag iarraidh an áit sin a chuardach. Ba é an t-áiléar an t-aon áit rúnda sa teach, an t-aon áit nár chuardaigh duine ar bith, an t-aon áit a raibh mé ábalta rud ar bith a chur i bhfolach ann, agus bheith cinnte de nach dtiocfadh duine ar bith air. Is é sin an fáth ar chuir mé treathlach Fhear na nÉan i bhfolach ann. Ba é sin an áit ab fhearr dó, i bhfolach ach ar fáil ag an am chéanna. Gach oíche sula rachainn a luí, rachainn suas ar bharr mo leapa agus thógfainn an chomhla. Thógfainn an treathlach amach go n-amharcfainn air agus go leagfainn mo lámha air; agus nuair a thiocfadh Daniel chun tí, thógfadh muid an treathlach anuas agus bhainfeadh muid sásamh as an obair adhmaid go rúnda i mo sheomra.

Thiocfadh liom iad a chluinstin anois ag siúl ar urlár an áiléir os mo chionn. Baineadh díoscán as an urlár agus iad ag siúl air agus bhí a fhios agam go díreach an áit a raibh siad. ‘Tá sé ceart go leor, a Gracie,’ arsa Máthair agus í ag tabhairt croí isteach dom. ‘Is gairid go mbeidh sé imithe.’ Ag an bhomaite sin chuala mé an chomhla á hoscailt agus d’fhan mé go dtí gur aimsigh

siad an treathlach. Ní raibh orm fanacht rófhada.

‘Bhuel, cad é atá againn anseo, a Uasail Jenkins?’ arsa an Fear Custaim. ‘Nár dhúirt tú nach raibh a dhath thuas ansin?’

Bhí ciúnas ann ar feadh tamall fada agus ansin thosaigh Athair a labhairt i nguth chomh híseal sin nach dtiocfadh liom focal ar bith a dhéanamh amach. Labhair siad le chéile ar feadh tamall fada thuas ansin sular chuala mé an chomhla á druidim agus na cosa troma acu ag teacht anuas. Tháinig Athair ar dtús, an treathlach ina lámha aige agus é ag gáire agus é ag teacht isteach sa tseomra. ‘Bhuel, dúirt mé nach raibh ach éin a bhí marbh thuas ansin, nár dhúirt. Amharc an rud a fuair muid, a Clemmie,’ ar seisean. ‘Ábhar iontais dom i ndiaidh na mblianta seo uilig, nach ea? Tá sé cailte chomh fada sin, gur beag nach ndearna muid dearmad go raibh sé againn ar chor ar bith. Tá a fhios ag Dia amháin cá mhéad bliain atá sé thuas ansin san áiléar, agus mura dtiocfá anseo inniu ar lorg na gclár adhmaid sin, ní thiocfadh muid air ar chor ar bith. Tá mé iontach buíoch díot, a dhuine uasail. Ní fhaca tú é seo roimhe, an bhfaca, a Gracie? Rinne m’athair, do sheanathair, rinne seisean é níos mó ná caoga bliain ó shin. Níor shíl mé go bhfeicfinn choíche arís é, níor shíl

le fírinne. Tá cuimhne agatsa air, a Clemmie, nach bhfuil?’ Bhí an chuma ar Mháthair gur baineadh siar aisti ar feadh bomaite. Ní raibh sí ábalta rud ar bith a dhéanamh ach miongháire agus a cloigeann a chlaonadh rud beag. Thiontaigh mé uaithi ansin ar eagla go n-amharcfadh sí idir an dá shúil orm.

Ina dhiaidh sin ní dhearna an Fear Custaim ach lagiarracht eile an áit a chuardach. Ansin, agus an chuma air go raibh an mórtas ar ais ann, d’fhág sé muid. Dhruid Athair an doras ina dhiaidh agus thiontaigh gur amharc sé orm. D’amharc mé ó Athair go Máthair agus ar ais arís. Shíl mé go raibh cuma níos feargaí ar Athair, ach chuirfeadh ciúnas Mháthair níos mó eagla orm ná mar a chuirfeadh Athair agus é ag scairteadh orm.

‘Bhuel?’ ar seisean, agus an treathlach ina láimh aige os mo chomhair. ‘Agus cá has ar tháinig sé seo, a Gracie Jenkins? Inis an fhírinne dom agus ná bí ag cumadh scéalta.’

‘Daniel agus mé féin, rinne muidne é,’ arsa mise.

‘Rinne sibhse é seo?’ arsa Athair, agus é ag scairteadh orm anois. ‘Agus an síleann tú go gcreidfidh mise sin?’

‘Le fírinne,’ arsa mise ag impí air. ‘Rinne muidne é, rinne. Cuir ceist ar Daniel más maith leat. Inseoidh

seisean duit.’

Bhain Máthair an treathlach as lámha Athar agus d’amharc go géar air. Láimhseáil sí go han-chúramach é. ‘A Gracie,’ ar sise go deas séimh, ‘cad é mar a thig leat a leithéid de dhrochrud a rá? Tá a fhios agat nach dtiocfadh le Daniel é sin a dhéanamh. Tá a fhios agam go bhfuil sé cliste lena lámha ach níl sé chomh cliste sin. Is ceardaí a rinne é seo. Ní thiocfadh le Daniel é seo a dhéanamh.’

‘Agus cibé ar bith,’ arsa Athair ag leanúint ar aghaidh, ‘cad chuige a raibh sé i bhfolach san áiléar? Freagair an cheist sin, a Gracie Jenkins, más féidir leat.’ Chuir Athair grainc air féin agus thiocfadh liom a fheiceáil go raibh sé ag éirí níos feargaí.

Bhí mise ag caoineadh faoin am seo agus níor dheacair dom na deora a chur ag sileadh. ‘Maith go leor mar sin; mura gcreideann sibh mé, inseoidh mé daoibh. Bhí sé le bheith ina bhronntanas Nollag agus chuir mé i bhfolach thuas ansin é ionas nach bhfeicfeadh sibh é agus ionas go mbeadh sé ina ábhar iontais agaibh. Ba mhian liom anois nach ndearna mé sin agus ní dhéanfaidh mé choíche arís é agus ní thabharfaidh mé rud ar bith eile daoibh.’ Rith mé suas an staighre agus mé ag caoineadh go fras. D’fhág mé mo mháthair agus

m'athair i mo dhiaidh gan focal astu.

D'fhág siad mé i mo sheomra agus mé ag smeacharnach go hard ar an leaba. Ansin chuala mé an doras tosaigh á oscailt agus á dhruidim chóir a bheith ag an am chéanna agus chuala mé coiscéimeanna Athar ag dul síos an cosán. Thioctadh liom é a fheiceáil amach ar fhuinneog mo sheomra leapa agus é ag siúl taobh leis an chlaí i dtreo theach na mbád. Sháigh mé mo cheann sa cheannadhairt arís agus a fhios agam gurbh é seo deireadh an scéil, agus a fhios agam go mbeadh orm gach rud a insint dóibh faoi Fhear na nÉan agus faoi Rushy Bay. Nuair a thuigfeadh siad go raibh mé ag insint bréag, ní bheadh rogha ar bith eile agam. Is ar éigean a thioctadh liom doras an bhotháin a fheiceáil ón áit a raibh mé féin. Luigh mé ansin ar an leaba ag fanacht le hAthair teacht amach. Nuair a tháinig, bhí Daniel leis agus bhí Athair ag iompar an fhaoileáin a thug Fear na nÉan dúinn ina dhá lámh.

'Níl Clemmie ag dul a chreidiúint,' a chuala mé Athair a rá. 'Níl sí ag dul a chreidiúint nuair a fheicfidh sí é seo. A Clemmie, a Clemmie!' a scairt sé agus tháinig Máthair amach as an teach gur bhuail sí leis leath bealaigh síos an cosán. Shín Athair amach an faoileán ina lámh agus bhain sí de é go cúramach agus thiontaigh

é arís agus arís eile ina lámha. ‘Rinne sé é seo fosta, a Clemmie,’ arsa Athair. ‘Rinne Daniel an ceann seo fosta.’

‘An tú féin a rinne é seo, a Daniel?’ a d’fhiafraigh sí de.

Chlaon Daniel a cheann. ‘Ní thig liom puifíní a dhéanamh, áfach,’ ar seisean go deas. ‘Déanaim iarracht puifín a dhéanamh. Chuir mé tús le sé cinn acu anois ach ní thig liom iad a chríochnú mar is ceart. Amharc.’ Agus shín sé amach an puifín leathdhéanta ina lámh. Chuir sé an chuma air féin nár thuig sé cad é ba chúis leis na ceistanna uilig.

‘Agus an tú féin a rinne an ceann eile, a Daniel, an treathlach?’ a d’fhiafraigh Máthair. Thiocfadh liom a chluinstin ina guth nach raibh sí iomlán cinnte den scéal go fóill.

‘Bhuel, ní mé féin a rinne é; chuidigh Gracie liom ar ndóigh,’ arsa Daniel. ‘Tá a fhios agaibh, ar an dóigh chéanna agus a chuidíonn sí liom leis na báid.’

‘Shíl mise gur fusa i bhfad puifín a shnoí ná treathlach nó faoileán,’ arsa Máthair. ‘Agus cé a theagasc thú an dóigh leis an rudaí seo a shnoí cibé?’

‘Theagasc mé mé féin,’ arsa Daniel.

‘Sin an dóigh a mbíonn siad nuair a bheireann siad ar



iasc agus iad ag iarraidh á choinneáil dóibh féin,’ arsa Athair agus é ag slíocadh sciathán ardaithe an éin. ‘An bhfaca tú a leithéid riamh, a Clemmie?’ Ach níor fhreagair Máthair é.

‘An bhfuil cead ag Gracie dul amach anois?’ a d’fhiafraigh Daniel. ‘Tá gach duine ag dul síos chuig an ché le slán a fhágáil ag na Fir Chustaim.’

‘Cuirfidh mé glooch uirthi,’ arsa Athair. ‘A Gracie,’ a scairt sé orm. ‘Tá Daniel anseo.’

Tháinig mé síos an staighre go malltriallach. Bhí mé ag cuimilt mo shúl agus ag smeacharnach chomh maith agus a thioctadh liom. Bhí Athair ag fanacht liom ag an doras. Chuir sé a lámh thart orm agus é ag siúl amach as an teach liom. ‘Tá an chuma ar an scéal, a Gracie, go raibh míthuiscint ann,’ ar seisean. ‘B’fhéidir gurbh fhearr duit an treathlach sin agat a chur ar ais san áiléar. Ligfidh muid orainn féin nach bhfaca muid é, an ligfidh? Agus beidh sé againn don Nollaig faoi mar a leag tú amach é. Ní chreidfinn choíche go dtiocfadh leis an bheirt agaibhse rud éigin mar sin a dhéanamh. Maith dom, le bhur dtoil.’ Agus leis sin thug sé croí isteach mór dom agus nuair a thug sé póg dom, chuir an fhéasóg s’aige coigilt ionam agus fuair mé boladh an éisc dheataithe agus an tobac uaidh.

Níor labhair mé focal le Daniel an bealach ar fad síos chuig an ché. Is ar éigean a bhí sé de dhánacht ionam amharc air mar bhí a fhios agam go raibh Máthair amhrasach go fóill, agus go n-aithneodh sí é dá mbeadh muid ag gáire lena chéile ar an bhealach. Ina ainneoin sin, ní thiocfadh liom gan sracfhéacaint amháin a thabhairt air. D’amharc Daniel ar ais orm gan gáire ar bith air ach d’aithin mé an lúcháir ina shúile. Chaoch sé a shúile orm in áit súil amháin a chaochadh orm – ní raibh sé ábalta súil amháin a chaochadh in am ar bith.

Nuair a bhain muid an ché amach, bhí bád na bhFear Custaim ag tógáil an ancaire agus bhí leathchuid de mhuintir an oileáin ann le slán a fhágáil leo agus muid sásta go raibh turas in aisce acu. Sheas muid i lár an scaifte. D’fhan muid inár dtost go dtí go raibh an bád i bhfad ar shiúl amach san fharraige agus ansin lig gach duine liú áthais astu agus níor stop muid go dtí go raibh a fhios againn nach dtiocfadh leo muid a chluinstin níos mó. Sílim gur lig mise an liú áthais is airde amach asam; agus, ar ndóigh, bhí cúis mhór áthais agamsa.

## 6 Scilling an Rí

NÍOR MHAIR AN TÁTHAS A THÁINIG ORAINN nuair a fuair muid na cláir adhmaid ar Popplestones i bhfad. De réir mar a chuaigh an t-am thart, chuala muid níos mó faoi scéal an chogaidh agus tháinig sé níos cóngaraí don oileán féin, rud a chuir isteach ar shaol gach uile dhuine. Chuala muid trácht ar an Fhronta sa Fhrainc chomh minic céanna agus a chuala muid trácht ar philséir, ar ghliomaigh, ar chráifisceanna agus ar phrátaí. D'éirigh scéal an chogaidh chomh tábhachtach céanna le scéal na haimsire féin.

Sa bhaile chuala muid faoi thuilleadh long a chuaigh go tóin poill agus faoi thuilleadh saighdiúirí ag cúlú ó láthair an chatha sa Fhrainc. D'éirigh Athair iontach buartha agus d'éirigh sé níos feargaí de réir a chéile.

Chaill sé a mhisneach agus ní raibh sé chomh cairdiúil céanna sa chéad bhliain den chogadh. Is annamh a rinne sé meangadh gáire liom agus níor iompair sé mé abhaile ar a ghuaillí i ndiaidh lá iascaireachta le chéile, mar a rinne sé roimhe. Déanta na fírinne, is annamh a chuaigh mé amach leis ar chor ar bith. Dúirt sé go raibh sé róchontúirteach agus fomhuiréain na Gearmáine i bhfolach amuigh ansin san Atlantach – agus is fíor go bhfaca daoine iad cóngarach do na hoileáin – ach níorbh é sin an fáth, agus bhí a fhios sin agam. Is é rud a bhí sé ag iarraidh bheith leis féin. Is beag a labhair sé linn sa bhaile tráthnóna agus, nuair a labhair, is le Máthair a labhair sé agus é iontach míchineálta. Níor chuala mé é ag labhairt léi ar an dóigh sin roimhe. Shuigh sé cois tine gan focal as, ag cogaint ar a phíopa, ag stánadh ar bhladhairí na tine, agus d'éirigh an teach iontach gruama nuair a bhí sé ann. Rinne Máthair a dícheall cian a thógáil de agus é a shuaimhniú, ach níor éirigh léi. Níor éirigh le duine ar bith.

Is ón Uasal Wellbeloved, an múinteoir scoile, a d'fhoghlaim mé faoi scéal an chogaidh ar an Fhronta sa Fhrainc. Is minic a d'úsáid sé an clár dubh le pictiúr a tharraingt de láthair an chatha ar an Fhronta Thiar. Bhain mé sult as na ceachtanna seo ar an chogadh cionn

is go gcaillfeadh muid ceacht uimhearthachta dá mbarr. Bhrúigh sé airm an dá thaobh trasna an chláir dhuibh le píosa cailce mar a bheadh dia Gréagach mórchumhachtach ann, agus an tuairim láidir aige go mbeadh an bua againn. Dúirt sé linn go mbeadh an bua againn de bhrí go raibh Dia ar an taobh s’againne. Labhair an tUasal Wellbeloved go bródúil ar dhíograis agus ar chrógacht an airm s’againne ag seasamh an fhóid in éadan Arm na Gearmáine a bhí ag réabadh tríd an Fhrainc. Dúirt sé go dtiocfadh linn cuidiú lenár gcuid saighdiúirí dá ndéanfadh muid blaincéid agus stocaí dóibh; rud a rinne muid. Is cuimhin liom gur scríobh sé teachtaireachtaí spreagúla ar pháipéir a sháigh sé isteach sna stocaí a rinne muid, sular chuir sé chuig na saighdiúirí ar an Fhrona iad. Dúirt sé nár leor na stocaí, áfach. Bhí orainn a bheith airdeallach chomh maith, agus rud ar bith amhrasach a chonaic muid a lua leis na húdaráis. Bhí seans ann i gcónaí, dar leis, go dtiocfadh na Gearmánaigh chuig an oileán. Bhí orainn a bheith réidh.

Níl a fhios agam cé acu a spreag focail an mhúinteora na cluichí cogaidh nó nár spreag, níl mé cinnte; ach tá a fhios agam gurbh é Big Tim a d’eagraigh iad ar Watch Hill. Lena gcuid raidhfíilí agus beaignítí déanta as adhmaid

raice, bheadh an dá arm, Arm na Breataine agus Arm na Gearmáine, ar gach taobh an chnoic. Shéid Big Tim ar an bhuabhall bhrúite a thug uncail leis abhaile ó Chogadh na mBórach, agus ba é sin an comhartha a chuir an dá arm a screadaíl agus a rith ionsar a chéile thar an fhraoch. Níor mhair an cath a lean é i bhfad, agus bhíodh an toradh céanna i gcónaí air. Ar ndóigh, ba é Big Tim a roghnaigh na hairm agus a rinne cinnte de gurbh é Arm na Breataine a bhainfeadh i gcónaí. D'imigh na Gearmánaigh leo nó thit siad sa chath agus iad ag fáil bháis ar an talamh bhog fhéarmhar, áit a raibh an coinicéar ag bun an chnoic. Bhíodh Big Tim i gcónaí ina sheasamh ansin. Bhíodh clogad a uncail air agus é ag croitheadh Bhratach Shasana go caithréimeach ag deireadh an chatha.

Ar ndóigh, rinne siad iarracht muidne a tharraingt isteach sa chath, ach níor mhian linne a bheith ag dul amach le bás a fháil i gcluiche cogaidh Big Tim, agus ar aon nós, bhí muid róghnóthach ag tógáil ár gcuid bád agus á gcur chun seoil ar an fharraige – is é sin an rud a d'inis muid dóibh cibé ar bith agus is cosúil gur chreid siad muid. Le fírinne, is é rud a d'imigh muid linn chomh minic agus ab fhéidir chuig teach Fhear na nÉan ar Heathy Hill.

Bhí teach Fhear na nÉan mar a bheadh baile eile ann dúinn i rith an chéad bhliain den chogadh. Bhí mise sásta go leor bheith ag spraoi le Prince ar an trá ar Rushy Bay, nó ag cuidiú le Fear na nÉan a chuid aráin a dhéanamh cionn is go raibh a mhéara ró-righin agus róphianmhar. Níor iarr sé cuidiú riamh. Ba é an cineál duine é ar mhaith leat cuidiú a thabhairt dó. Is dócha gurbh é sin an fáth ar bhligh mé na gabhair dó. Bhí an chuma air go raibh sé furasta go leor agus, i ndiaidh an iomláin, bhí bó blite agam roimhe. Tá an gabhar níos lú ná an bhó, agus mar sin de, shíl mé go mbeadh sé níos fusa. Nach mise a bhí contráilte? Tá na gabhair cliste. Tá siad iontach cliste. Is léir óna súile go bhfuil siad an-chliste ar fad. Bhí siad cliste go leor lena fhios a bheith acu nach raibh cleachtadh ar bith agam, agus rinne siad an obair chomh casta agus a thiocfadh leo ina dhiaidh sin. Shiúil ceann acu léi, Bertha a bhí ann, shiúil sise i gcónaí léi agus mé i lár na hoibre; agus ba ghnách le Betsy tiontú thart agus tosú a chogaint mo chuid gruaige nuair a bhí mé á bleán. B'éigean dom stopadh cionn is go raibh sé chomh nimhneach sin. Níor scaoil sí an greim a bhí aici orm go dtí gur stop mé. Rinne mé iarracht an lámh in uachtar a fháil ar ghabhair Fhear na nÉan; ach bhí a fhios sin acu fosta agus ní bhfuair riamh. Rinne mé iarracht an

samhradh ar fad. Rinne mé iarracht iad a mhealladh le focail dheasa, rinne mé iarracht iad a mhealladh le bia, ach obair chrua a bhí ann, agus níor éirigh liom riamh é a dhéanamh mar is ceart.

In amanna tháinig Daniel agus Prince liom síos go Rushy Bay áit ar chuir muid ár gcuid bád ag seoladh ar an fharraige le chéile mar a rinne muid roimhe. Is minic, áfach, a d’fhan sé i dteach Fhear na nÉan an lá ar fad ag obair ar na héin a dhéanamh as adhmaid. D’fhág mé iad ina suí le chéile ag an tábla mhór fhada ar feadh uaireanta fada agus iad ag baint úsáid as siséal le gainéad nó feadóg nó roilleach a dhéanamh as adhmaid raice. Meiteamorfóis mhíorúilteach a bhí ann. Bhíodh siad ag obair le chéile go dian díograiseach. Bhí Daniel iontach díograiseach ag iarraidh an cheird a fhoghlaim, agus bhí Fear na nÉan chomh díograiseach céanna ag iarraidh an cheird a theagasc dó. Is cuimhin liom Fear na nÉan a rá: ‘Ba mhaith liom na scileanna uilig a theagasc m’athair domsa a theagasc duit nuair atá mo mhéara go fóill ábalta aige mar ní fada a bheas siad ábalta.’ Mar is mó a d’éirigh Daniel níos fearr, mar is mó a bhain sé sult as an am a chaith sé ag obair le Fear na nÉan. Bhíodh Fear na nÉan i gcónaí ag labhairt agus iad ag obair le chéile. Dúirt sé go raibh sé ag fáil cúitimh ar na blianta uilig



nuair nach raibh aige ach na héin agus na hainmhithe le comhrá a dhéanamh leo.

Ní raibh mé riamh ar mo shuaimhneas ag déanamh comhrá leis sna laethanta tosaigh sin cionn is go mbíodh sé ag stánadh orm ar dhóigh aisteach agus mé ag labhairt leis, ag déanamh iarracht na focail a bhí ag teacht amach as mo bhéal a léamh. Nuair a tharla seo, thiontaigh mé ar úsáid a bhaint as peann luaidhe agus páipéar lena shúile géara a sheachaint. Níor bhain Daniel úsáid astu in am ar bith. Ón tús, bhain sé úsáid as a bhéal agus é ag lúbadh a liopaí le focail a rá. Rinne sé litreacha lena mhéara agus litrigh sé focail leo. Tharraing sé cruthanna san aer; go deimhin rinne sé na rudaí seo uilig le chéile in amanna agus labhair sé os ard san am chéanna. Mura mbeadh Fear na nÉan ábalta é a thuiscint ag an tús – agus is minic nár thuig – choinnigh Daniel ag dul gan stad gan staonadh go dtí gur thuig. In amanna bhí air dráma beag casta a dhéanamh leis an rud a mhíniú, agus fágadh an bheirt acu sna tríthí gáire ag an gheaitsíocht agus ag an chleasaíocht nár thuig ceachtar acu sa deireadh.

Ghlac sé am agus tharla sé de réir a chéile, ach chum Daniel teanga iomlán nua an bhliain sin a bhain úsáid as comharthaí láimhe, pictiúir agus teachtaireachtaí eile a

thuig Fear na nÉan láithreach. Le fírinne, bhí Fear na nÉan chomh maith sin ag an teanga nua seo gur thuig seisean an rud a bhí Daniel a rá sular thuig mé féin é. Is cuimhin liom ag pointe amháin gur mhothaigh mé fágtha amach, fiú gonta, nuair a tharla seo; ach bhí an chuma ar an scéal gur thuig Fear na nÉan nach raibh mé ar mo shuaimhneas agus theagasc sé an teanga nua dom, rud a chuir áthas mór air. D'éirigh muid chomh cleachta sin leis an teanga nua go raibh mé féin agus Daniel ábalta cumarsáid iomlán a dhéanamh lena chéile gan focal a rá. Bhain muid úsáid as an teanga seo sa bhaile anois in áit a bheith ag cogarnach nuair a bhí muid ag iarraidh bheith ag labhairt ar Fhear na nÉan nó ar Rushy Bay. De réir a chéile, áfach, d'éirigh le Fear na nÉan ár liopaí a léamh agus thuig sé an chuid is mó de. Bhí orainn labhairt go mall ar ndóigh agus a bheith cinnte de go raibh sé ag amharc orainn sular thosaigh muid. Bhain muid úsáid as ár dteanga nua go fóill, ach ní chomh minic céanna le himeacht na míonna.

Fuair muid amach luath go leor go raibh rudaí ann nár labhair tú orthu le Fear na nÉan. Nuair a labhair muid ar an chogadh, ar an ionsaí nó ar an uafás is déanaí ar inis an tUasal Wellbeloved dúinn fúthu, is é rud a thiontaigh sé gur shiúil sé leis. Bhí an chuma air

gur chaill sé a mhisneach nuair a chuala sé faoi scéal an chogaidh agus níor labhair muid air ina dhiaidh sin. Fuair muid amach fosta nár labhair sé riamh air féin. Dá gcuirfeadh muid ceist air faoina athair nó faoina mháthair, thiontódh sé thart agus ligfeadh sé air nár chuala sé muid.

Tharla lá gur chuir Daniel ceist air faoi Samson. ‘Níl sé fíor go bhfuil taibhsí ar Samson, a Uasail Woodcock?’ Stán Fear na nÉan air. ‘Tá a fhios agat, taibhsí,’ arsa Daniel, agus chuir sé blaincéad thar a cheann agus ghluais sé thart an seomra. Bhí a lámha sínte amach aige agus é ag ligean air go raibh sé ag caoineadh agus ag geonaíl ach é sna trithí gáire san am chéanna. ‘Mar seo, a Uasail Woodcock. Taibhsí. Creideann Gracie iontu, ach níl siad fíor, an bhfuil?’ Ba é sin an t-aon uair amháin a chonaic mé fearg ar Fhear na nÉan. Chuir sé eagla an domhain orm nuair a chonaic mé é mar seo agus sheas mé siar go dtí go raibh mé i mo sheasamh agus mo dhroim leis an bhalla agus gan mé ábalta dul níos faide. Shiúil sé a fhad le Daniel, tharraing an blaincéad de, fuair greim daingean ar a ghuailí agus thosaigh a chroitheadh go garbh.

‘Taibhsí!’ a scairt sé. ‘Taibhsí! An bhfuil a fhios agaibh cad is taibhse ann? Bhuel inseoidh mise daoibh. Is

ionann taibhse agus anam duine nach dtig suaimhneas air in am ar bith mar gheall ar an náire atá air. Is spiorad é a bhfuil sé i ndán dó an domhan a shiúl go deireadh an tsaoil. Tá taibhsí ann agus tá siad in Samson. Ní thig leat iad a fheiceáil, ní thig leat iad a chluinstin, ach tá a fhios agam go bhfuil siad ann. Tá siad uilig ann, na fir uilig as Samson a bhfuil náire orthu, m'athair ina measc.' Ba léir go raibh brón an domhain air agus é ag labhairt. 'Tá a spiorad go fóill in Samson. Tá siad uilig ann agus beidh go deo ach ab é go dtig mallacht Samson a thógáil, ach ab é go dtig liom iad a thabhairt slán. Go dtí an lá sin, beidh mallacht ar an áit sin. Mar sin de, fan amach as. Fanaigí an bheirt agaibh amach as.' Ina dhiaidh sin, ní raibh sé de mhisneach agam féin ná ag Daniel labhairt ar Samson arís.

Níor chaith muid an oiread ama agus ba mhaith linn le Fear na nÉan ar eagla go bhfaigheadh duine éigin amach. Bhí a fhios againn gur chuidigh sé go mór linn nuair a d'fheicfeadh daoine muid ag seoladh ár mbád ar an lochán faoi Gweal Hill ó am go ham agus go mbeadh ailibí againn dá gcuirfeadh daoine ar bith ceist. Bhí na healaí imithe anois agus bhí muid ábalta dul chuig an lochán arís leis na báid. I rith an earraigh sin bhí mé ag obair go cruá ag deisiú agus ag athphéinteáil na mbád

uilig a bhí againn agus bhí Daniel ag obair go cruá ar phuifín eile a dhéanamh as bloc adhmaid. Ba é seo an seachtú ceann. Ní raibh sé sásta leis na sé cinn roimhe. Ní bheadh sé réidh, a dúirt sé, go dtí go mbeadh sé foirfe, iomlán foirfe. Bhí an chuma ar an scéal go raibh gach ceann a rinne sé ag éirí níos cosúla le puifín, agus bheinn féin bródúil as ceann ar bith acu, ach ní raibh seisean sásta leo. Tharraing sé cuid mhór sceitsí agus ghreamaigh iad den tábla le biorán sa bhothán ar an dóigh ar theagasc Fear na nÉan dó.

Agus muid ag obair go dian i dteach na mbád lá fliuch Bealtaine lena chéile, chuala muid callán toll a shíl muid a bhí i bhfad ar shiúl. Níor thug muid mórán airde air ag an am. Shíl muid go mb'fhéidir go raibh long den Chabhloch ag cleachtadh scaoileadh roicéad amuigh ar an fharraige – chuala muid é seo cuid mhaith uaireanta roimhe – agus chonaic muid roinnt long liath cogaidh ag seoladh cóngarach do na hoileáin le roinnt seachtainí anuas agus na gunnaí móra le feiceáil orthu. Níorbh é go dtí an lá dár gcionn go bhfuair mé amach cad é a bhí ann nuair a bhí an scéal ag Athair.

Bhí sé imithe go St. Mary's an mhaidin sin leis na gliomaigh agus na cráifisceanna ar rug muid orthu a dhíol. Rinne sé é seo gach Céadaoin nuair a bhíodh an

fharraige ciúin go leor. Bhí mé féin agus Máthair thíos ar na carraigeacha ag iascaireacht nuair a chonaic muid é ag stiúradh a bháid isteach sa ché. D’amharc muid air agus é ag cur amach an t-ancaire agus ag léim isteach san uisce thanaí. D’aithin muid gur tháinig athrú air agus é ag siúl ar an trá chugainn. Shiúil sé go gasta ar an ghaineamh, ag léim ó chloch go cloch agus ag léim thar na slabhraí ancaire agus é ag teacht. Thioctadh liom lámh Mháthar a mhothú orm, agus bhí a fhios agam go raibh sí á déanamh féin réidh do scéal éigin, ach ní raibh barúil ar bith agam cad é a bheadh ann.

‘A Clemmie,’ a scairt sé, chomh luath agus a bhí sé cóngarach go leor dúinn. ‘A Clemmie, tá sé déanta agam agus mothaím deich mbliana níos óige dá bharr. Ba chóir dom é a dhéanamh tamall fada ó shin.’ Bhí aoibh an gháire air anois mar a bhíodh tráth dá raibh agus ní raibh a fhios agam cén fáth nach raibh Máthair ag amharc air. Bhí sé amhail is nach raibh sí ag iarraidh a fháil amach cad é a bhí déanta aige. ‘An cuimhin leat an pléascán a chuala muid maidin inné? Bhuel, chuir siad long trádála eile go tóin poill, a Clemmie,’ arsa Athair agus é ag leanúint air, ‘tharla sé níos lú ná cúig mhíle ón áit seo. Bhí siad ar fhomhuireán. Bhí siad díreach ag fanacht amuigh ansin agus bhuail siad í agus chuir siad

go tóin poill í. Fir mhaithe a bhí iontu agus tá siad uilig marbh anois. D'ínis muintir St. Mary's an scéal dom nuair a bhí mé thall ar maidin. Chonaic mé féin cúpla fear ina luí marbh ar an trá. Tháinig siad isteach ar an fharraige ar maidin. Fir óga a bhí iontu, an bheirt acu, iad díreach réidh leis an scoil, gan iad ach leath m'aoise féin, a Clemmie. Bhuel, ba é sin é, bhí mo sháith agam. Shocraigh mé ag an bhomaite sin nach raibh sé ceart ná cóir domsa a bheith i mo sheasamh ansin ag an taobh ag amharc orthu. Nach fíor sin, a Clemmie, tá a fhios agat nach raibh sé ceart ná cóir? Tá mairnéalaigh de dhíth orthu agus is mairnéalach maith mise, níos fearr ná cuid mhaith acu. Tá muidne, muintir na Scillí, ar na seoltóirí is fearr ar domhan; tá sé sa dúchas againn! Cibé ar bith, liostáil mé, a Clemmie. Tá dosaen nó níos mó againn as na hoileáin ag liostáil, ach is mise an chéad duine as Bryher. Tá sé uilig socraithe agam. Chuaigh mé isteach sa Chabhlach. Ghlac mé le Scilling an Rí.\*

Mhóthaigh mé lámh Mháthar ag teannadh orm agus d'amharc mé suas uirthi. Bhí sí ag déanamh miongháire leis. 'Níl mé ag dul a bheith ag argóint leat,' ar sise. 'Ní

\* Má ghlacann tú le Scilling an Rí téann tú isteach san arm. Is é an rud a tharla go bhfuair na fir óga a chuaigh isteach san arm tuarastal lae, agus scilling a bhí ann.

éistfeá liom ar aon nós, an éistfeá? Bhí a fhios agam go mbeifeá ag liostáil luath nó mall, bhí a fhios agam go dtiocfadh an t-am.'

'Ní bheidh ganntanas airgid ort, a Clemmie,' arsa Athair. 'Tá sé uilig oibrithe amach agam. Beidh mise ag cur airgid abhaile an t-am ar fad. Tá an tuarastal ceart go leor, bíodh a fhios agat, scilling agus pingin an lá. Ní gá duitse ná do Gracie bheith ag obair leis na bláthanna ná na prátaí mura maith libh. Beidh go leor ann don bheirt agaibh, ná bí buartha.'

'Níl mé buartha faoi sin. Níl mé buartha faoin airgead,' arsa Máthair. 'Beidh mise agus Gracie maith go leor go dtí go dtiocfaidh tú ar ais, nach mbeidh, a Gracie? Beidh muid ceart go leor leis na bláthanna agus na prátaí; seans go bhfaigheadh muid cúpla gliomach fosta fiú, ní bheadh a fhios agat. Ní hiad na fir amháin atá ábalta breith ar na gliomaigh, bíodh a fhios agat. Níl mé buartha faoi na rudaí sin, is fútsa atá mé buartha.'

'Buartha fúmsa?', arsa Athair. 'Ná bí amaideach,' agus thóg sé mé gur chuir sé ar a ghuailí mé. 'Ta tú ag éirí níos troime gach lá, a Gracie,' ar seisean agus mé ag cur mo lámh thart ar a mhúineál. 'Ba ghnách leatsa greim a fháil ar m'fhéasóg nuair a bhí tú beag, an cuimhin leat sin? Is iontach liom go bhfuil féasóg ar bith



fágtha orm.’ Shiúil muid ar ais chuig an teach agus muid níos sásta ná mar a bhí muid le roinnt míonna anuas. ‘Ná bí tusa buartha faoi rud ar bith, a Clemmie,’ ar seisean. ‘Beidh mé ar ais roimh i bhfad. Ní mhairfidh an cogadh seo rófhada anois agus mise páirteach ann.’

‘Ní mhairfidh, a thaisce,’ arsa Máthair. ‘Ní mhairfidh agus tusa páirteach ann.’ Chuir sí a lámh thart air agus leag a ceann ar a ghualainn.

‘Cén uair a bheas tú páirteach sa chogadh, a Athair? a d’fhiafraigh mé de agus mé thuas ar a ghuailí.

‘Roimh i bhfad,’ ar seisean.

Agus tharla sé roimh i bhfad. Tharla sé go hiontach gasta. I gceann seachtaine, bhí mé féin agus Máthair inár seasamh ag an ché in St. Mary’s agus bhí Athair ag tabhairt croí isteach dom. Bhí cuma iontach maith air agus a éide ghorm air. Ní raibh mé ag caoineadh mar a bhí gach duine eile. Is dócha nach raibh mé ag caoineadh de bhrí go raibh an oiread sin bróid orm as. Agus mé ag fágáil slán leis, thug mé póg dó agus tharraing mé ar a fhéasóg. Rinne sé gáire agus dúirt de chogar, ‘Tabhair aire do do mháthair dom, a Gracie.’ Is cuimhin liom gur smaoinigh mé gur chóir dó sin a rá le Máthair cionn is go mbíodh sise i gcónaí ag tabhairt aire domsa. Ansin leag sé lámh ar lámh Mháthar, chuimil a grua agus d’fhág

slán aici. ‘Slán agat, a Clemmie. Coinnigh do mhisneach.’  
D’imigh sé leis suas an cosán agus isteach sa long.

D’fhan muid go dtí go raibh an long chomh fada sin ar shiúl nach dtiocfadh linn Athair a dhéanamh amach i measc na bhfear eile a bhí ag croitheadh láimhe ar dheic na loinge. ‘Ar a laghad, tá spion maith arís air,’ arsa Máthair. Fuair sí greim ar mo lámh agus d’imigh muid linn. ‘Ar a laghad, tá sé sásta anois.’

‘Ní chuirfidh siad a long go tóin poill, an gcuirfidh?’ a d’fhiafraigh mé de Mháthair ar an bhealach ar ais go Bryher.

‘Is cinnte nach gcuirfidh, a Gracie, ná labhair air fiú. Beidh sé ar ais, fan go bhfeice tú.’

D’inis mé d’Fhear na nÉan an lá dár gcionn gur liostáil m’athair agus go raibh sé ag dul a bheith ina mhairnéalach sa chogadh agus chuir sé cuma bhrónach air féin agus chuir a lámh ar mo cheann. ‘Tabharfaidh mise agus Daniel aire duit,’ ar seisean. ‘Tabharfaidh muidne aire duitse agus do do mháthair, nach dtabharfaidh, a Daniel? Beidh mise mar a bheadh athair ann go dtí go dtiocfaidh sé ar ais; cad é mar a bheadh sé sin?’

‘Bheadh sé sin go breá,’ arsa mise. ‘Go díreach go dtí go dtiocfaidh sé ar ais, áfach.’

## 7 Samson

NÍ RAIBH AN SAOL MAR AN gCÉANNA Ó D'IMIGH Athair. Bhain mé sult as an aird a thug gach duine orm ar feadh tamaill cionn is go raibh m'athair ag troid sa chogadh, ach d'éirigh an bhearna a d'fhág sé ina dhiaidh níos mó agus níos mó le himeacht ama. Nuair a thosaigh aithreacha eile a ghlacadh páirt sa chogadh, níorbh fhada go dtí nár thug siad aird ar bith orm agus nach raibh mé speisialta ar chor ar bith.

D'éirigh maith go leor liom féin agus le Máthair ag an tús. Rinne Máthair cinnte de go ndeachaigh gach rud ar aghaidh mar a chuaigh roimhe. 'Lá éigin, roimh i bhfad,' ar sise, 'lá ar bith anois, tiocfaidh d'athair isteach ar an gheata sin agus suas an cosán agus ba mhaith liom go bhfeicfeadh sé go bhfuil gach rud mar a d'fhág sé é. Idir

an dá linn, caithfidh muidne dul ar aghaidh lenár saol, nach gcaithfidh?’

Mar sin de, d’oibrigh sí go crua an lá ar fad gach lá ag obair thuas sna pairceanna ag cur síolta, ag tabhairt isteach feamainne le cuidiú leis na bláthanna fás. Is minic a chuaigh sí amach ar an bhád fosta ar lorg gliomach agus mise ar scoil. D’impigh mé uirthi cead a thabhairt dom fanacht sa bhaile le cuidiú léi in áit dul ar scoil. Is dócha gur mhothaigh sí, áfach, nach ag smaoineamh uirthi a bhí mé ach orm féin, agus ní éistfeadh sí liom. Chuir sí ar scoil mé gach lá an samhradh sin. Mar sin de, b’éigean dom cur suas leis an Uasal Wellbeloved, taitníodh sé liom nó ná taitníodh. D’fhág mé Máthair sa bhaile lena cuid oibre féin a dhéanamh taobh istigh den teach agus obair Athar a dhéanamh taobh amuigh.

Is beag deis a bhí agam anois cuairt a thabhairt ar Fhear na nÉan ná ar Prince, agus ní raibh deis ar bith agam na báid a chur ag seoladh ar an lochán. Tháinig dusta agus líonta damhán alla ar na báid i dteach na mbád, agus nuair nach mbíodh Daniel amuigh ag cuidiú linn sna páirceanna – agus is minic a bhíodh – chuaigh sé féin chuig an teach ar Heathy Hill. Rinne mé iarracht sólas a thabhairt dom féin leis an smaoineamh nach

mbeadh orm na gabhair uafásacha sin a bhleán, ach níor thug sé sin móran sólais dom. Chronaigh mé Prince agus chronaigh mé Fear na nÉan. Nuair a chonaic mé Daniel ag imeacht leis féin, ba bhreá liom dul leis, ach bhí a fhios agam nach raibh mé ábalta. Bhí orm cuidiú le Máthair agus, mar sin de, d’fhan mé sa bhaile.

D’imigh an samhradh agus tháinig an fómhar agus tháinig tinneas ar Mháthair. Bhí sí ag íoc go daor as na huaireanta fada amuigh sna páirceanna agus amuigh ar an bhád. Tháinig casacht uirthi agus tháinig ionfhabhtú ar a brollach agus b’éigean di fanacht sa teach, áit a raibh sé te. Chonaic mé fosta go raibh a droim ag cur isteach uirthi. Bhí sé deacair uirthi fiú suí ar a cathaoir ag deireadh an lae. Rinne sí iarracht é a chur i bhfolach orm, ar ndóigh, ach ní raibh sí ábalta. Ba iad na litreacha a sheol Athair chuici, cé nár sheol sé iad chomh minic sin, an t-aon sólas a fuair sí agus a choinnigh a misneach. Léigh sí iad os ard domsa arís agus arís eile, agus ansin chuir sí iad ar an mhatal os cionn an tsoirn in aice le treathlach Fhear na nÉan a thug mé dóibh don Nollaig. Mhóthaigh mé gur amharc sí orthu go minic sna tráthnónta dorcha sin amhail is go raibh sí ag iarraidh go gcuirfeadh siad neart inti.

Lá de na laethanta sin nuair a fuair Máthair litir ó

Athair agus nuair a bhí an obair uilig déanta, mhothaigh mé go dtiocfadh liom í a fhágáil agus dul le Daniel go teach Fhear na nÉan. Nuair a chuaigh mé chuig an teach anois, chuir Fear na nÉan fáilte mhór romham mar a bheadh cara ann nach bhfaca sé le fada an lá. Chuir sé i mo shuí mé ar cholbha na leapa cois na tine agus thug béile breá dom, cupán bainne te ón ghabhar agus an oiread aráin agus meala agus a thiocfadh liom a ithe – agus bhí mé ábalta cuid mhór a ithe. Bhí an chuma ar an scéal gur bhain seisean an oiread céanna suilt as gach greim a d’ith mé agus a bhain mé féin. Shuigh sé os mo chomhair ina chathaoir ag claonadh a chinn agus ag déanamh miongháire liom go dtí go raibh gach rud ite agam. Is cuimhin liom an saidhbhéar sin ina shuí ar a ghualainn ag amharc orm go héadmhar agus go géar. Ní raibh mórán dúile agam san éan sin agus thiocfadh liom a fheiceáil nach raibh mórán dúile aige ionamsa. Ligh mé an mhil de mo mhéara go callánach d’aon ghnó ionas go mbeadh éad ar an tsaidhbhéar liom.

Choinnigh Fear na nÉan a fhocal agus bhí sé mar a bheadh athair ann dom. Thug sé aire domsa agus do Mháthair amhail is gur aingeal coimhdheachta é. Go minic an chéad rud ar maidin, nuair a d’oscail Máthair doras an tí, fuair sí builín aráin ina shuí ar leac an dorais,

nó b'fhéidir uibheacha, nó bainne nó prátaí, agus in amanna bheadh pota mór meala ann. 'Bia ó Neamh,' arsa sise go minic agus í ag cur a lúidín isteach sa phota agus á lí. 'Bia ó Neamh. Tá na daoine iontach cineálta. Ach ní féidir linne bheith beo ar chineáltas na ndaoine, a Gracie. Ní bheadh d'Athair sásta, ní bheadh sé ceart ná cóir.' Ba bhreá liom a insint do Mháthair ainm an duine a thug an bia dúinn, ach ní raibh sé de mhisneach agam ar eagla nach mbeadh cead agam dul chuige choíche arís.

Is minic a rinne mé iarracht mo bhuíochas a ghabháil le Fear na nÉan as an chineáltas ach lig sé air nár thuig sé, nó bhí a fhios aige cad é a bhí mé ag dul a rá agus thiontaigh sé agus rinne neamhaird orm. Sa deireadh, b'éigean dom é a scríobh ar pháipéir dó agus tabhairt air é a léamh.

'Go raibh maith agat as an mhil,' a scríobh mé i litreacha móra, agus tharraing mé pictiúr de scaoth beach ar a bharr.

Rinne sé miongháire liom. 'Gabh buíochas leis na beacha,' ar seisean.

'Go raibh maith agat as na huibheacha.'

'Gabh buíochas leis na cearca,' ar seisean.

'Go raibh maith agat as an bhainne.'

‘Gabh buíochas le Betsy agus Bertha,’ a d’fhreagair sé. Chuir mé grainc orm féin ansin.

‘Go raibh maith agat as an arán,’ a scríobh mé.

‘Gabh buíochas le Dia as sin,’ ar seisean.

Thug Daniel iasc a fuair sé ag Droppy Nose Point dúinn corruair, agus ní bhíodh ocras orm ná ar Mháthair mar sin, a bhuíochas leis an bheirt acu. Bhí an geimhreadh ag teacht, áfach, agus bhí imní ar Mháthair; agus níorbh é cúrsaí bia amháin a chuir imní uirthi. ‘Cúrsaí airgid, a Gracie,’ ar sise oíche amháin agus mé i mo luí in aice léi sa leaba – luigh muid le chéile sa leaba chéanna ó d’imigh Athair. ‘Cuireann d’athair a oiread agus is féidir leis chugam, ach ní leor punt agus deich scilling in aghaidh na míosa. Caithfidh mé síolta prátaí agus bleibíní a cheannach i mbliana agus an bád a dheisiú ar a bharr sin. Caithfidh mé bail a choinneáil ar an bhád go dtí go dtiocfaidh d’athair ar ais. Ní bhfuair duine ar bith mórán gliomach i mbliana ach oiread. Ní raibh duine ar bith ag iarraidh na cinn a fuair mise a cheannach. Le fírinne, níl duine ar bith á gceannach anois. An cogadh is cúis leis sin is dócha. Ó, a Gracie, tá fuath agam ar an chogadh seo agus ar an dóigh a bhfuil muid. Caithfidh mé an cíos a íoc fosta. Bheadh muid ceart go leor dá dtiocfadh liom dul a iascaireacht. Dá dtiocfadh liom



breith ar roinnt mhaith iasc cúpla uair sa mhí, thioctadh liom iad a dhíol agus bheadh go leor airgid againn le muid a choinneáil ag dul.’

‘Thioctadh liomsa sin a dhéanamh, a Mháthair,’ arsa mise agus mé i mo shuí in aice léi. ‘Thioctadh liomsa dul a iascaireacht, thioctadh liom cinnte. Thioctadh le Daniel teacht liom, a Mháthair. Rachaidh muid amach ar bhád Athar agus gheobhaidh muid cuid mhór iasc duit. Chuaigh mé amach le hAthair minic go leor, nach ndeachaigh? Tá eolas mo bhealaigh agam. Tá Daniel iontach maith ag láimhseáil bád; tá a fhios sin agat, a Mháthair.’

‘Níl cead agat,’ arsa Máthair. ‘Tá Daniel ró-óg ar aon nós. Tá an bheirt agaibh ró-óg le dul amach a iascaireacht libh féin. Beidh muid ceart go leor gan na héisc. Beidh muid ceart go leor. Nuair a éireoidh mé níos láidre, a Gracie, rachaidh muid amach le chéile.’

‘Le do thoil, a Mháthair.’

‘Níl cead agat, a Gracie,’ ar sise. ‘Ní thabharfaidh mé cead duit, agus sin a bhfuil de. Tá Deireadh Fómhair ann cheana féin. Bheadh scéal eile ann dá mbeadh an samhradh ann, ach má théann tú amach ar an fharraige an t-am seo den bhliain, agus má éiríonn an ghaoth, tá seans ann nach dtiocfaidh tú ar ais. Chaillfeadh muid

tusa agus an bád agus cad é a déarfainn le d’athair nuair a thioctadh sé abhaile? Níl cead agat, a Gracie, an gcluineann tú mé? Tá sé róchontúirteach.’ Bhí a fhios agam, áfach, nach raibh dóigh ar bith eile ann leis an airgead a bhí de dhíth uirthi a fháil, agus bhí a fhios agam nach mbeadh sé deacair tabhairt ar Daniel teacht liom.

An tráthnóna dár gcionn agus é scamallach agus dath liath ar an spéir agus ar an fharraige, thóg mé féin agus Daniel bád de chuid a athar amach. Bhí sé níos lú ná bád s’againne, lugar ceithre troithe déag a bhí ann a shíl Daniel a bheadh furasta a láimhseáil. Níor dhúirt muid a dhath agus níor inis muid do dhuine ar bith mar bhí a fhios againn nach dtabharfadh siad cead dúinn. D’fhan muid go dtí nach raibh duine ar bith ar an trá agus shleamhnaigh muid an bád isteach san fharraige go hiontach cúramach. Chuir muid an seol in airde chomh luath agus a bhí muid thart ar an rinn. Ní bheadh duine ar bith ábalta muid a fheiceáil ansin. Sheol muid thart ar Samson, Droppy Nose Point agus i dtreo Scilly Rock. ‘An áit is fearr do na pilséir,’ arsa Daniel. ‘Sin an rud a deir Athair i gcónaí. Beidh muid ar ais sula n-éireoidh sé dorcha agus ní bheidh a fhios ag duine ar bith go raibh muid ar shiúl. Thig leat a insint do do mháthair gur rug mise orthu agus mé ag iascaireacht ar na carraigeacha,

nach dtig?

Mar sin de, chuir muid baoite ar na duáin, chuir síos an dorú agus taobh istigh de leathuair an chloig bhí moll mór iasc againn. Dhá dhosaen pilséar ar a laghad agus doingean mara mór amháin. Bhí muid ag iascaireacht idir Gweal agus Scilly Rocks. Is dócha gurbh é an doingean mara mór a fuair muid a chuir fonn orainn fanacht tamall beag eile lena fheiceáil an dtiocfadh linn ceann eile a bheadh níos mó, fiú, a fháil. Pé rud a tharla, bhí muid chomh sáite sin san iascaireacht nár mhothaigh muid an drochaimsir ag teacht. An áit a raibh muid ag iascaireacht, bhí Scilly Rock agus an fharraige mhór taobh thiar dinn. Bhí an bád ag bogadh go réidh ar bharr na farraige a bhí deas ciúin. Bhí mé díreach i ndiaidh breith ar an philséar is mó nuair a mhothaigh mé ceo os ár gcionn. D’amharc mé thar mo ghualainn. Ní raibh Scilly Rock le feiceáil. Ní raibh an spéir le feiceáil ach oiread. Bhí balla liath ceo ag teacht inár dtreo ar bharr na farraige. Ní thiocfadh linn rud ar bith a dhéanamh, bhí sé rómhall. Bhí an ceo thart orainn sula raibh deis ag Daniel a dhorú a thógáil. Ní raibh Gweal ná Bryher le feiceáil anois agus bhí muid fágtha linn féin, cailte ar an fharraige mhór. Ní raibh gaoth ar bith ann agus mhothaigh muid nach raibh muid ag dul áit ar bith. Is

cuimhin liom gur labhair muid de chogar, amhail is go raibh an ceo beo agus é ábalta éisteacht linn. Ní raibh mé róbhuartha, ní ar dtús ar aon nós, mar bhí an fharraige ag lapadaíl go deas réidh in éadan an bháid agus ní raibh an chuma uirthi go raibh dochar ar bith inti. Ar a bharr sin, bhí Daniel liom agus bhí an bheirt againn amuigh sa cheo roimhe. Shíl an bheirt againn go raibh muid eolach go leor ar an fharraige thart ar Bryher lenár mbealach a dhéanamh abhaile.

‘A fhad is a choinníonn muid Scilly Rock taobh thiar dín, thig linn ár mbealach a dhéanamh abhaile furasta go leor,’ arsa Daniel go séimh.

‘Ach cad é mar a thig linn sin a dhéanamh mura bhfuil muid ábalta é a fheiceáil?’ arsa mise de chogar, agus mé ag fáil greim ar an mhaide rámha a thug sé dom. ‘Ní thig liom é a fheiceáil a thuilleadh.’

‘Thig linn é a chluinstin, áfach, nach dtig?’ ar seisean. ‘Éist.’ Agus is cinnte go dtiocfadh liom na tonnta beaga a chluinstin ag bualadh in éadan Scilly Rock mar a bhuaíl siad fiú ar na laethanta is ciúine. ‘An gcluineann tú é?’ ar seisean. ‘Coinnigh an fhuaim sin taobh thiar dín agus beidh muid ábalta ár mbealach a dhéanamh abhaile. Caithfidh sé go bhfuil Gweal díreach ar aghaidh ón áit seo. Níl borradh ar an fharraige agus níl contúirt

ar bith ann go rachaidh muid isteach ar na carraigeacha. Ní gá dúinn ach fanacht cóngarach don chósta an bealach ar fad thart agus tiocfadh muid isteach ag Popplestones.’

Thosaigh muid a rámhaíocht. I ndiaidh gach cúpla buille, stop muid le héisteacht leis an fharraige thart ar Scilly Rock. Níorbh fhada, áfach, gur thosaigh mé a smaoinemh nach raibh Gweal san áit a shíl mé a raibh sé. Bhí muid ag rámhaíocht anois ar feadh tamall fada go leor le Gweal a bhaint amach. Shíl mé ansin gur chuir an sruth cor bealaigh orainn, go raibh muid anois áit éigin idir Samson agus Bryher, agus go dtiocfadh liom an fharraige thart ar Scilly Rock a chluinstin go fóill píosa maith ar shiúl taobh thiar dinn. Ní raibh Daniel féin cinnte de sin níos mó. Bhí muid ag tarraingt ar na maidí rámha go dtí nach raibh ár lámha ábalta tarraingt a thuilleadh, ach ní raibh talamh le feiceáil ag teacht amach as an cheo. I ndiaidh leathuair an chloig eile, d’admhaigh muid beirt dá chéile go raibh muid cailte. Shuigh muid agus greim againn ar na maidí rámha agus d’imigh muid le sruth. D’éist mé go géar ag iarraidh an fharraige a chluinstin ag briseadh in éadan na gcarraigeacha, rud ar bith a chuideodh linn eolas an bhealaigh a fháil. Bhí an chuma ar an cheo, áfach, go

raibh sé ag múchadh fhuaim na farraige go díreach mar a bhí sé ag múchadh radharc na n-oileán a bhí a fhios againn a bhí thart timpeall orainn. Ní raibh fiú na héin mhara le cluinstitín agus an dorchadas ag titim thart orainn chomh maith leis an cheo.

Aisteach go leor, chuir an dorchadas ar ár suaimhneas muid, mar ar a laghad bhí muid cleachta leis. Fiú Daniel nach raibh dúil aige de ghnáth sa dorchadas, bhí seisear sásta nuair a tháinig sé. D’amharc muid amach uainn ag iarraidh teacht ar sholas ar bith sa dorchadas seo a chuideodh linn ár mbealach a dhéanamh abhaile slán sábháilte. Shuigh muid cóngarach dá chéile sa chiúnas agus an seol tais thart orainn le muid a choinneáil te, agus muid ag amharc amach ar an oíche a bhí dubh dorcha. D’éist muid go cúramach ag iarraidh an fharraige a chluinstín ag briseadh ar an trá nó ag briseadh in éadan na gcarraigeacha.

Go minic i rith na hoíche fada sin, shíl muid gur chuala muid an fharraige ag briseadh ar an trá agus bhíodh muid ag rámháíocht chomh gasta agus a thioctadh linn ina treo ar feadh roinnt bomaití. Ansin, shuigh muid go ciúin ag éisteacht léi arís, go díreach lena fháil amach nach raibh rud ar bith le cluinstitín ar chor ar bith agus go raibh an intinn ag imirt cleas orainn.

Sin nó bhí muid ag rámhaíocht sa treo chontráilte – ní raibh muid cinnte. Bhí sé iontach doiligh rud ar bith a dhéanamh amach sa dorchadas seo a bhí thart orainn. Bhí dóchas againn cuid mhaith uaireanta an oíche sin, ach níor mhair an dóchas i bhfad agus gach uair a tharla sé seo bhíodh díomá an domhain orainn agus mhothaigh muid níos measa ná riamh.

D’imigh an mothú as mo chosa leis an fhuacht agus ní raibh mé ábalta na maidí rámha a mhothú i mo lámha níos mó. Bhí tuirse an domhain orm agus bhí fonn millteanach codlata orm. Bhí mé ag iarraidh éirí as agus dul a chodladh. Ach ní ligfeadh Daniel dom.

‘Coinnigh ag dul, a Gracie,’ ar seisean. ‘Níl barúil againn cá háit a bhfuil muid, an bhfuil? Tá a fhios againn go bhfuil muid sioctha fuar agus go n-éireoidh muid níos fuaire má bhímid inár suí anseo, mar sin de, coinneoidh muid ag rámhaíocht. Coinneoidh muid ag rámhaíocht go dtí go n-éireoidh muid te agus tógfaidh muid sos agus tosóidh muid a rámhaíocht arís. Seans go bhfuil muid ag rámhaíocht amach ar an fharraige mhór, ach ar a laghad beidh muid te. Ní thig linn suí anseo gan rud ar bith a dhéanamh.’ Agus choinnigh muid ag rámhaíocht agus Daniel ag scairteadh amach na rithime le muid a choinneáil le chéile.

D'fhoghlaim mé an oíche sin go dtig leat amhrán ar bith a rá le rithim na maidí rámha, más rud é go n-athraíonn tú rithim an amhráin. Bhí muid leath bealaigh fríd an amhrán 'Deich mBuidéal Ghlasa' don dara huair nuair a chonaic mé an solas agus stop mé ag rámhaíocht. Bhí an solas ag preabadh, an cineál solais a fheiceann tú nuair a dhruideann tú do shúile agus nuair a amharcann tú ar chúl do chaipíní súile. Níor chreid mé ar dtús é mar ní raibh mé ag iarraidh go mbeadh díomá orm arís, ach nuair a chonaic Daniel fosta é, bhí a fhios agam nach raibh mo shúile ag imirt cleas orm. Sa deireadh, chuala muid fuaim na farraige ag briseadh ar an trá agus bhí muid iontach sásta.

Bhuail an bád in éadan na trá fiú sula bhfaca muidne í. Scríob bun an bháid an trá agus é ag stopadh. Léim muid amach as agus tharraing muid é chomh hard agus a thiocfadh linn ar an chéad tonn eile a tháinig isteach agus chuir muid an t-ancaire ar an ghaineamh. Chreid an bheirt againn go raibh muid ar Popplestones go dtí go bhfuair muid amach nár thrá dhuirlinge í. Ina áit sin, mhothaigh muid go raibh muid ag dreapadh i measc na ndumhcha. Bhí muid ag siúl go míshocair tríd an fhraoch agus an raithneach i dtreo an tsolais a bhí ag lonrú sa spéir os ár gcomhair mar a bheadh gealach



oráiste ann. Stop Daniel go minic agus scairt sé, ‘An bhfuil duine ar bith ann? Duine ar bith ann?’

Ach múchadh a ghuth sa dorchadas agus sa cheo agus ní raibh macalla ar bith le cluinstitín. Níor chuala mé ach freagra amháin, madadh ag tafann áit éigin i gcéin.

‘A Prince?’ a scairt mé. ‘An tusa atá ann, a Prince?’

‘Tá d’íntinn ag imirt cleas ort,’ arsa Daniel. ‘Níl a dhath ann, níor chuala mise a dhath. Goitse, téimis chuig an tsolas.’

Bhí sé nimhneach agus deacair ag dul suas. Bhí an fraoch ag stróiceadh mo chos agus mé ag leanúint Daniel suas an cnoc. Chonaic muid cruth dorcha seantí sa dorchadas agus rith muid ina threo; ach doras ar bith ní raibh le feiceáil air, ní raibh fuinneog ná díon air ach oiread. Ní raibh fágtha ach ballóga an tí, tinteán ag gach taobh de agus leaca fuinneog. Thiocfadh liom an solas a fheiceáil ag lonrú os ár gcionn trí cheann de na fuinneoga. Nuair a tháinig muid amach as an teach i dtreo an tsolais, d’eirigh ár gcoiscéimeanna iontach callánach i gciúnas na hoíche. Bhí muid ag siúl ar mholl bairneach. Shíl mé ar dtús gurbh iad na bairnigh go fóill a bhí mé a chluinstín agus mé ag siúl, ach ansin mhothaigh mé an toit agus chonaic mé bladhaire oráiste ag léim suas sa dorchadas. Bhí an solas a chonaic muid

anois ina thine mhór agus rith muid ionsuirthi. Ní raibh muid buartha anois faoinár gcosa nimhneacha. Bhí muid ag glaoch amach agus muid ag rith. Ach duine ar bith ní fhaca muid. Bhí an tine mar a bheadh crann mór trí thine ann agus é ag titim isteach air féin. Chuir an tine teas ionainn, agus nach muidne a bhí buíoch as! Léim muid suas agus síos. Bhí idir áthas agus fhaoiseamh orainn.

Bhí sé tamall maith sular tháinig muid chugainn féin agus sular thosaigh muid a éirí buartha arís. Bhí muid inár suí agus na cosa trasna ar a chéile againn os comhair na tine. Bhí muid ag baint sult mór as an teas nuair a dúirt Daniel, ‘A Gracie, ní dóigh liom go bhfuil muid in Bryher. Is é an rud atá mé ag iarraidh a rá, an bhfuil tusa eolach ar theachín ar bith in Bryher cosúil leis an cheann a chonaic muid thíos ansin, an ceann sin gan an díon? An bhfaca tú ceann riamh in Bryher cosúil leis an cheann sin?’

‘B’fhéidir gur in Tresco atá muid?’ arsa mise.

‘A Gracie,’ arsa Daniel agus é ag briseadh maide agus á chaitheamh ar an tine, ‘níl ach an t-aon áit amháin ann a bhfuil tithe mar sin uirthi. Samson, a Gracie. Sílim gur tháinig muid i dtír in Samson.’

Níor smaoinigh mé go dtí sin ar an áit a raibh muid.

Ba chuma liom. Bhí mé breá sásta go díreach bheith slán sábháilte, beo agus te arís. ‘Ní hé seo Samson,’ arsa mise, agus mé ag teacht níos cóngaraí dó; nuair a d’amharc mé thart orm, bhí an dorchadas ag titim thart orainn arís. ‘An bhfuil tú cinnte?’ arsa mise de chogar.

‘Tá mé cinnte,’ ar seisean.

## 8 Páistí Longbhriste

BA É AN TINE AN TAON RUD A THUG SÓLÁS DÚINN i rith na hoíche sin, oíche a mhothaigh muid a bheith iontach fada agus a chuir uafás orainn. Ó am go ham phléasc na haibhleoga ar an tine agus d'éirigh na spréacha in airde san aer go dtí nach raibh fágtha ach ciorcal d'aibhleoga dearga. Choinnigh an eagla múscailte muid, an eagla nach raibh a fhios againn cad é a bhí amuigh ansin sa dorchadas thart timpeall orainn, agus an eagla go dtitfeadh duine againn ina chodladh agus go mbeadh an duine eile leis féin i ndorchadas na hoíche. Tháinig eagla an domhain orainn nuair a chuala muid siosarnach sa fhraoch taobh thiar dín, nuair a chuala muid faoileán ag scréachach nó fiú nuair a chuala muid rón ag geonaíl amuigh sa chuan áit éigin thíos fúinn.

Labhair muid le chéile an oíche ar fad. Bhí muid ag labhairt, thar rud ar bith eile, ionas nach mbeadh orainn éisteacht leis na trupanna thart orainn. Bhí mé i gcónaí ag iarraidh ar Daniel mé a chur ar mo shuaimhneas agus is cinnte go raibh freagra aige ar gach ceist. Bhí sé deacair agam é a chreidiúint, áfach, ó am go ham.

‘An síleann tú go bhfuil Fear na nÉan anseo?’ a d’fhiafraigh mé. ‘Cad é mar atá a fhios agat gurbh eisean a las an tine?’

‘Bhuel, is eisean an t-aon duine amháin a thagann go Samson, nach é?’ a d’fhreagair Daniel. ‘Caithfidh sé gurbh eisean a bhí ann, luíonn sé le ciall. Agus cuimhnigh gur tusa an duine a chuala Prince ag tafann nuair a tháinig muid i dtír. Tá siad anseo áit éigin, caithfidh sé go bhfuil. Chomh luath agus a bheidh sé geal, tiocfaidh muid ar an teach a bhfanann sé ann – an t-aon teach amháin ar an oileán a bhfuil díon air – sin an rud a d’inis sé dúinn, nach cuimhin leat? Ní gá dúinn ach teacht ar an teach agus beidh seisean ann. Níl sé ábalta an t-oileán a fhágáil sa cheo seo, an bhfuil? Ná bí buartha, a Gracie.’

‘Ach ní thuigim cad chuige ar las sé an tine,’ arsa mise. ‘Ach ab é go bhfuil sé ag déanamh comhartha le duine amuigh ar an fharraige. B’fhéidir gurbh é sin é, a

Daniel. B'fhéidir gurbh é sin an rud atá sé a dhéanamh. Cad é do bharúil, a Daniel, nárbh é sin an rud a rinne na smuigléirí agus na creachadóirí fadó? Sin an rud a chuala mise ar aon nós.'

'Smuigléir?' arsa Daniel agus é ag gáire. 'Fear na nÉan ina smuigléir? Ná bí amaideach.'

'B'fhéidir,' arsa mise. 'Cad chuige nach mbeadh?'

'A Gracie,' arsa Daniel. 'Dá mbeifeá i do smuigléir agus tú ag iarraidh comhartha a dhéanamh le long amuigh ansin, an ndéanfá sin sa cheo throm?'

'Maith go leor,' arsa mise. 'Má tá gach rud ar eolas agatsa, inis dom cad chuige ar las sé tine amuigh in áit uaigneach mar seo?'

'Ag Dia atá a fhios.' Chroith Daniel a ghuailí. 'B'fhéidir go bhfuil eagla air roimh an dorchadas. Tá a fhios agam go lasfainn féin tine dá mbeinn liom féin san oíche. Ar aon nós, is leisean an t-oileán! Nár chónaigh sé anseo? Thig leis a rogha rud a dhéanamh. Thig leis tine a lasadh áit ar bith is mian leis. Níl muinín agat as go fóill, an bhfuil, a Gracie? I ndiaidh gach ruda atá déanta aige dúinn, níl muinín agat as go fóill.'

'Agus cad é a tharlós mura bhfuil sé anseo ar chor ar bith?' arsa mise. 'Cad é a tharlós mura bhfeicimid ar maidin é? Shílfeá go gcluinfadh Prince muid faoin am

seo agus go dtiocfadh sé ar ár lorg.’

‘Tá sé anseo, a Gracie, is cinnte go bhfuil. Fan go bhfeice tú.’

‘Ach cad é a tharlós má tá na scéalta sin fíor?’ arsa mise de chogar. ‘Cad é a tharlós má tá na scéalta uilig a d’inis Athair dom fíor agus má tá mallacht ar Samson, go díreach mar a d’inis Charlie Webber dó? Cad é a tharlós dúinne ansin? Ní gá ach cos a leagan ar an oileán agus beidh tú faoi mhallacht go deo. Is é sin an rud a dúirt sé. Is é sin an rud a tharla do Charlie Webber.’

‘Amaidí,’ arsa Daniel. ‘Níl ann ach amaidí. Tá a fhios ag achan duine nach bhfuil ann ach scéalta.’

‘Cad chuige nach dtugann duine ar bith eile cuairt ar Samson mura bhfuil ann ach scéalta?’

‘Is é rud atá eagla orthu, sin an fáth,’ arsa Daniel. ‘Tá eagla orthu.’

‘Bhuel, tá eagla ormsa fosta,’ arsa mise. ‘Tá rud éigin faoin áit seo, a Daniel, ní mhothaíonn sé mar is ceart. Agus ní hé an dorchadas an rud atá i gceist agam. Ní mise an duine a bhfuil eagla air roimh an dorchadas, an mé? Tá taibhsí anseo, a Daniel. Thig liom iad a mhothú thart orainn. D’inis Fear na nÉan dúinn go raibh siad ann, nár inis? Agus is taibhse acu a athair féin. Is é sin an rud a dúirt sé.’

‘Tá a intinn ag imirt cleas air,’ arsa Daniel. ‘Is é an rud atá mé a rá, dá mbeifeá leat féin ar an oileán seo, go dtosódh d’intinn a imirt cleas ort. I ndeireadh na dála, is seanduine é, nach ea? Ar aon nós, níor dhúirt sé go bhfaca sé taibhse, ar dhúirt?’

‘Níor dhúirt, ach ...’

‘Bhuel,’ arsa Daniel. ‘Éist, a Gracie, an bhfaca tusa taibhse riamh? An bhfaca?’

‘Ní fhaca.’

‘Mar sin de, mura bhfaca tú ceann acu, cad é mar atá a fhios agat go bhfuil siad ann? Níl a fhios agat, an bhfuil?’

‘B’fhéidir nach bhfuil, ach ...’

‘Bhuel, mura bhfaca tú iad agus mura gcreideann tú go bhfuil siad ann, tá a fhios agat go raibh a intinn ag imirt cleas air. Caithfidh sé go raibh. Agus níl sa mhéid sin a d’inis d’athair duit faoi mhallachtaí, faoi thithe bheith á ndó go talamh agus faoin fhiabhras, níl iontu ach scéalta, a Gracie. Tá a fhios agat go síleann gach duine go bhfuil Fear na nÉan as a mheabhair, nach síleann?’

‘Síleann.’

‘Bhuel, an bhfuil sé?’

‘Níl.’



‘Agus nár dhúirt Big Tim go raibh an mhire tógalach? Dúirt sé go mbeifeá ar mire dá leagfá lámh air. Leag tusa lámh air, nár leag, agus níl tusa ar mire?’

‘Níl mé.’

‘Bhuel, luíonn sé le ciall, níl ann ach scéalta mar a dúirt mé. Ar ndóigh ní thig leat creidiúint i rud ar bith nach dtig leat a fheiceáil, an dtig? Bhuel, an dtig?’

‘Ar aon nós, b’fhéidir nach bhfuil ábhar buartha againn,’ arsa mise. ‘B’fhéidir nach in Samson atá muid ar chor ar bith.’ Ach bhí a fhios agam i mo chroí istigh go raibh. Thiocfadh liom é a mhothú. Thiocfadh liom na taibhsí a mhothú ag stánadh orainn. Bhí siad amuigh ansin sa dorchadas. Bhí a fhios agam go raibh. Shuigh mé níos cóngaraí don tine agus chuir mé mo lámha thart ar mo ghlúine agus ghuigh mé agus ghuigh mé.

\*

Bhí an chuma ar an scéal gurbh iad na geabhróga a mhúscaíl ar dtús. Ba iadsan lena gcuid ceoil a d’fhógair go raibh an mhaidin ag teacht, fiú agus é giota beag dorcha go fóill. Má bhí éin eile ag gabháil cheoil fosta, níor chuala muid iad. Ba iad na greabhróga a bhí i gceannas ar an oileáin seo agus ba iad a chuir an ruaig ar an dorchadas. Bhí muid ag dúil go mbeadh an ceo imithe le héirí na gréine ionas go dtiocfadh linn dul

abhaile, ach ní raibh gaoth ar bith ann leis an ruaig a chur air, agus bhí a fhios againn go dtiocfadh le ceo an fhómhair fanacht thar na hoileáin ar feadh roinnt laethanta, go háirithe thar Samson. Ach ní raibh sé chomh tiubh céanna agus a bhí an tráthnóna roimhe. Ar a laghad thiocfadh linn deich méadar nó mar sin a fheiceáil romhainn. Bhí na greabhróga ag eitilt isteach agus amach as an cheo os ár gcionn. Dath liath a bhí orthu. Bhí siad ag scinneadh tríd an spéir agus an chuma orthu gur baineadh geit astu nuair a chonaic siad muid. Shílfeá le hamharc orthu go raibh fearg orthu linn agus thosaigh siad a thumadh go géar amach as an cheo leis an ruaig a chur orainn ón tine bheag a bhí fágtha againn. Ní raibh ceachtar againn ag iarraidh an tine a fhágáil agus aghaidh a thabhairt ar an oileán fhuar dhearóil, agus bhí imní mhór orm bualadh le Fear na nÉan. Bhí a fhios agam cé chomh feargach agus a bheadh sé go raibh muidne in Samson. Bhí mise ag iarraidh dul ar ais ar an bhád láithreach agus mo bhealach a dhéanamh go Bryher agus abhaile, is cuma cén cineál aimsire a bhí ann.

‘Beidh sé furasta go leor anois agus eolas an bhealaigh againn, nach mbeidh?’ arsa mise. ‘I ndeireadh na dála, níl ann ach cainéal cúng idir Samson agus Bryher.’

‘A Gracie,’ arsa Daniel. ‘Má théann muid amach sa cheo sin arís, beidh sé cosúil leis an lá inné. Síleann tú go bhfuil eolas an bhealaigh agat ach níl. Ní thig linn imeacht, ní go fóill. Mharódh m’athair mé dá scriosfainn an bád. B’fhearr liom cur suas le Fear na nÉan, fiú dá mbeadh sé crosta linn. Ach ní bheidh. Tá aithne agam air. Déarfaidh muid leis nach raibh an locht orainn. Agus ní raibh. I ndeireadh na dála, ní raibh sé beartaithe againn teacht i dtír in Samson, an raibh? Ní raibh ann ach gur tharla sé; tuigfidh sé. Goitse, téimis sa tóir air, siúlaimis chuig an teach s’aige, is cinnte go bhfuil sé ann.’ Bhí Daniel cinnte de. Ní thioctadh liomsa faic a dhéanamh nuair a bhí Daniel cinnte de rud éigin, agus bhí a fhios sin agam.

Thosaigh muid a fheadaíl le haird Prince a tharraingt. Bhí muid ag dúil go dtiocfadh linn teacht orthu dá gcluinfadh muid é ag tafann agus nach mbeadh orainn an t-oileán ar fad a chuardach. Níor fhreagair ach na greabhroga, áfach. Rinne muid iarracht gloach amach orthu. Chuir muid ár lámha timpeall ár mbéal, ach freagra ar bith ní bhfuair muid. Mar sin de, thosaigh muid a chuardach. Lean muid an bealach suas an cnoc agus chuardaigh muid an talamh is airde ar dtús, cionn is nach raibh an ceo chomh tiubh céanna thuas ansin.

Bhí na teachíní uilig a chonaic muid gan daoine gan díon. Chuaigh an ceo isteach ar na fuinneoga iontu sa dóigh go raibh siad mar a bheadh tithe taibhsí ann. Bhí siad mar a bheadh aghaidheanna fada ann a bhí ag cur toit amach as a súile, súile a bhí ag stánadh orainn, agus as a mbéil mhóra ghránna. Ní raibh mise sásta dul isteach i gceann ar bith acu. D’fhan mise taobh amuigh ar an charn mhór de bhairnigh a bhí taobh amuigh de gach teachín, a fhad is a bhí Daniel ag dul isteach leis féin lena fháil amach an raibh Fear na nÉan ann, ach ní raibh. Ní bhfuair sé ach roinnt seanchiteal meirgeach agus seanphotaí, péire bróg a raibh dath bán orthu leis an choincleach agus píopaí cré a bhí briste. Ní raibh tásca ná tuairisc ar Fhear na nÉan ná ar Prince, áfach.

Mhéadaigh mo dhóchas nach in Samson a bhí muid ar chor ar bith gach uair a tháinig muid ar sheanbhallóga teachín. Dá mba rud é gurbh in Samson a bheadh muid, bheadh teachín ann a mbeadh díon air – dúirt Fear na nÉan an méid sin – agus níor tháinig muid ar cheann ar bith. Mar sin de, nuair a tháinig Daniel amach as seanteach eile a bhí ag titim as a chéile a rá go raibh sé cinnte de go raibh gach teachín ar an oileán cuardaithe againn faoin am seo, labhair mise. ‘Is féidir nach bhfuil an ceart agat mar sin, b’fhéidir nach in Samson atá muid

ar chor ar bith. Is féidir gur in St. Martin's nó in St. Agnes atá muid go bhfios dúinne.' Ach ba é an freagra a thug Daniel orm a mhéar a dhíriú thar mo ghualainn i dtreo an cheo taobh thiar dinn.

Thiontaigh mé agus fiche méadar uaim thar an fhraoch thiocthadh liom teachín a dhéanamh amach, teachín a raibh dhá shimléar agus díon air. 'Is é sin é,' arsa Daniel. 'Sin an teach s'aige. Sin teachín Fhear na nÉan.' Agus rith sé tharam isteach sa fhraoch, agus é ag streachailt tríd go dtí gur bhain sé an teachín amach. D'oscail sé an doras de phlab. 'A Prince!' a scairt sé. 'A Prince!' D'fhan mé san áit a raibh mé, agus ní go díreach de bhrí go raibh eagla orm roimh Fhear na nÉan. Bhí mo chroí i mo bhéal le heagla agus níor mhothaigh mé rómhaith faoi rudaí. Chaill mé an lorg deireanach den dóchas a bhí agam. Bhí muid in Samson. Ní raibh dabht ar bith faoi, ní anois. Bhí mé fuar tuirseach ach níor bhain an crith a tháinig orm leis an fhuacht. Bhí sé amhail is gur mhothaigh mé lámh fhuar orm ag cur mallachta orm. Thiocthadh liom Daniel a chluinstin ag siúl taobh istigh den teachín. Níor tháinig Prince amach as an teachín de rith le fáilte a chur romham, ná ní raibh na faoileáin ina seasamh i líne ar an díon mar a bheadh siad dá mbeadh Fear na nÉan istigh.

‘Níl sé istigh ann,’ arsa Daniel agus é ina sheasamh sa doras. ‘Níl duine ar bith istigh ann. Bhí sé istigh, áfach. Tá an luathreach te sa teallach go fóill agus tá boladh Prince ann go fóill. Agus tá rud éigin eile ann, a Gracie. Goitse go bhfeice tú, go gasta,’ ar seisean, agus chuaigh sé isteach arís. Bhí mise idir dhá chomhairle. ‘Goitse, a Gracie,’ a scairt sé. ‘Goitse.’

Bhí an taobh istigh den teachín iontach cosúil le teach Fhear na nÉan ar Heathy Hill. Bhí tábla fada amháin ann, tine ag taobh amháin agus sorn ag an taobh eile; ach bhí dhá leaba sa teachín seo, ceann ag gach taobh den teach. Bhí leaba amháin ann nach raibh cóirithe agus an chuma ar an scéal gur chorn duine éigin an tocht suas uirthi agus bhí na blaincéid ina luí in éadan an bhalla. Bhí seilfeanna thart timpeall an tseomra, ach bhí siad folamh. ‘Amharc,’ arsa Daniel, ag díriú a mhéire ar an mhatal os cionn an tinteáin.

Bhí sé greamaithe den bhalla os cionn an mhatail ar thacaí adhmaid. Shíl mise ar dtús gur lansa nó sleá de chineál éigin a bhí ann. Bhí sé tiubh ag an bharr. Idir an barr agus an bior géar ag an bhun, bhí se ar nós bíse. Bhí sé chomh leathan agus a bhí an teachín féin. Agus mé ag teacht níos cóngaraí dó, shíl mé go raibh sé snoite as píosa adhmaid a bhí níos gile ná na rudaí eile a bhí

snoite ag Fear na nÉan sa teach in Bryher. Bhí an craiceann air ag lonrú amhail is gur phéinteáil duine éigin le vearnais é. ‘Cad é atá ann?’ a d’fhiafraigh mé.

Shín Daniel a lámh amach gur mhothaigh sé go cúramach é agus an chuma air go raibh faitíos air. Ansin chuimil sé a mhéara síos an adharc ó thaobh go taobh. Níor thiontaigh sé. ‘Goitse go mothóidh tú é, a Gracie,’ ar seisean.

Bhí a fhios agam nuair a leag mé mo lámh air nach raibh sé déanta as adhmaid – bhí sé chomh mín le síoda agus chomh fuar le cloch. D’amharc muid ar a chéile.

‘Fíorchnámh atá ann, nach ea?’ arsa mise. Agus go tobann shíl mé go raibh a fhios agam cad é a bhí ann. ‘Is le haonbheannach é.’

‘Ní hea,’ arsa Daniel agus é ag magadh orm. ‘Ní le haonbheannach é. Níl a leithéid de rud ann agus aonbheannach.’

‘Cad é atá ann mar sin mura le haonbheannach é?’ a d’fhiafraigh mé.

‘Bhuel, níl a fhios agam,’ arsa Daniel, agus shín sé a lámha amach arís agus é ag iarraidh é a thógáil de na tacaí adhmaid. Is ar éigean a bhí sé ábalta é a bhogadh. ‘Ach tá mé cinnte de rud amháin, a Gracie, ní le haonbheannach é. Tá sé rómhór sa chéad dul síos. Ní

fheicfidh tú aonbheannach ach amháin sna scannáin agus sna leabhair scéalaíochta, agus ní fhaca mise ceann riamh a bhí chomh mór sin go mbeadh adharc mar seo air. Agus ná hínis dom gur le haonbheannach a bhí ina fhathach é mar ní chreidim sna fathaigh ná sna haonbheannaigh. Beidh a fhios ag Fear na nÉan cad é atá ann. Inseoidh seisean dúinn cá has ar tháinig sé.'

'Cá bhfuil sé?' arsa mise. 'Níl sé anseo, an bhfuil? Níl sé ar an oileán.'

'Níl an chuma air go bhfuil,' arsa Daniel, agus é gafa go fóill leis an adharc.

'Cé a las an tine mar sin?' a d'fhiafraigh mé de.

Ach níor fhreagair sé mé. Thiontaigh sé gur amharc sé orm. 'Tá tart orm,' ar seisean go tobann. 'An bhfuil tart ortsa? Bhí daoine ina gcónaí ar an oileán seo tráth,' arsa Daniel, 'caithfidh sé go bhfuil uisce ann áit éigin. Caithfidh sé go bhfuil tobar ann áit éigin; ní gá dúinn ach é a aimsiú. Goitse, a Gracie.' Shiúil sé amach as an teachín gan tiontú thart lena fháil amach an raibh mé á leanúint. D'amharc mé ar an adharc os cionn an mhatail den uair dheireanach agus rith mé ina dhiaidh.

Chuardaigh muid taobh an chnoic in aice leis an teachín ach tobar ar bith ní fhaca muid; mar sin de b'éigean dúinn áiteanna a chuardach níos faide amach.



Mar is mó a chuardaigh muid, mar is mó a bhí an tart ag teacht orainn. Ní raibh caint ar bith anois ar mhallachtaí, ar thaibhsí ná ar aonbheannaigh. Ní raibh muid ag argóint anois faoi rud ar bith ach amháin faoin áit is fearr le teacht ar uisce, mar bhí tart an domhain orainn anois agus ní thiocfadh linn smaoineamh ar rud ar bith eile. Caithfidh sé gur shiúil muid an t-oileán cúpla uair an lá sin ó thaobh go taobh. Thiocfadh linn Samson a fheiceáil thíos fúinn ó bharr an chnoic anois agus an ceo ag tosú a ghlanadh. Bhí ceo ann go fóill os cionn mhuineál an oileáin agus bhí an chuma ar na cnoic in Samson gur oileáin bheaga iad timpeallaithe leis an cheo.

Bhí an cuardach in aisce. Bhí muid inár suí go ciúin agus in ísle brí ag barr an chnoic ag amharc sa treo a raibh Bryher ann, dar linn, i bhfolach faoin cheo. Bhí mé spíonta tuirseach agus míshásta faoin am seo, agus ní raibh fonn orm ná an spiorad ionam leanúint ar aghaidh leis an cuardach. Bhí mé díreach ag iarraidh dul abhaile.

‘Téimis ar ais chuig an bhád, le do thoil, a Daniel,’ arsa mise ag impí air. ‘Níor mhaith liom fanacht anseo níos faide. Tá fuath agam ar an áit seo. Téimis ar ais chuig an bhád, le do thoil.’

‘A Gracie,’ ar seisean go tobann, agus é do mo tharraingt i mo sheasamh. ‘Sin é, is é sin é. Cad chuige nár smaoinigh mé ar an bhád roimhe seo? Maith go leor, ní bheidh deoch againn; ach beidh bia againn. Éist, a Gracie, ní thig linn imeacht go dtí go n-imeoidh an ceo, tá a fhios agat nach dtig; ach ní thig linn suí anseo ag fanacht leis sin. Mar sin de, cad chuige nach n-itheann muid bricfeasta?’

‘Bricfeasta?’ arsa mise.

‘Pilséar nó doingean mara,’ arsa Daniel, agus aoibh áthasach ar a aghaidh. ‘Bíodh do rogha féin agat. Tá tine againn, nach bhfuil? Tá sí te go leor le rudaí a chócaráil; bíodh geall go bhfuil. Agus tá iasc againn, thiar ar an bhád, nach bhfuil?’

Ba leor an smaoineamh go raibh bia ar fáil le ruaig a chur ar an tart agus ar an tuirse láithreach. Rith muid beirt le chéile tríd an fhraoch ard i dtreo na trá a bhí faoi bhrat ceo go fóill mar ar fhág muid an bád an oíche roimhe. Bhí an cnoc chomh crochta sin agus bhí mise ag rith chomh gasta sin nach raibh mo chosa ábalta coinneáil suas liom. Thit mé ar mhullach mo chinn isteach sa fhraoch, agus mé ag rolladh agus ag rolladh go dtí gur stop mé sa deireadh ar fhéar bog a raibh cac coiníní air. Nuair a d’éirigh mé, chonaic mé go raibh

Daniel ar a cheithre bhonn in aice liom. Ní raibh sé buartha faoi mo shláinte ar chor ar bith. Bhí sé ag scaradh na raithní os a chomhair.

‘Tobar atá ann, a Gracie!’ a scairt sé amach. ‘Tobar atá ann! Fuair muid an tobar.’

Bhí an tobar ag bun an chnoic agus clocha thart air. D’amharc muid beirt isteach ann le chéile, ach bhí sé ródhórcha le rud ar bith a fheiceáil. Shín mé mo lámh amach leis an uisce a mhothú, ach ní raibh rud ar bith ann. Thóg Daniel cloch mhór agus chaith isteach í ach splais ar bith níor chuala muid. Chuala muid í ag preabadh uair amháin, dhá uair. Cloch ar chloch a bhí ann. Bhí an tobar tirim. Shuigh Daniel siar ar a ghogaide. ‘B’fhéidir gurbh é sin an fáth ar fhág na daoine an t-oileán,’ arsa mise. ‘Ní thig leat maireachtáil ar oileán gan uisce.’ Leis sin bhí Daniel ina sheasamh arís.

‘Is cuma,’ ar seisean, ‘tá na héisc againn i gcónaí.’

Roghnaigh muid na pilséir a ithe cionn is go raibh siad beag agus go dtiocfadh linn iad a chócaráil go gasta, ach bhí an boladh uatha chomh deas sin agus bhí muidne chomh hocrach sin nach ndearna muid ach iad a leathchócaráil. D’ith muid an taobh amuigh de gach ceann acu agus chaith muid an chuid eile chuig na faoileáin agus na geabhróga le hiad a choinneáil sásta.

Ní raibh riamh dúil ar bith agam sna pilséir, agus níl ó shin, ach an lá sin ar Samson d'ith muid ár sáith agus níor bhlaís mé iasc riamh chomh deas sin. Sílim gur ith muid an oiread céanna de luathreach ón tine agus a d'ith muid d'iasc, ach ba chuma linn.

Bhí mé ag glanadh mo lámh ar an fhéar nuair a mhothaigh mé an coinín den chéad uair. Bhí sé ina shuí sa raitheach ag amharc orainn gan é ach roinnt troithe uainn, agus bhí dath iomlán dubh air. Bhí an chuma air nach raibh mórán eagla air, agus shíl mé go ndéanfainn iarracht dul níos cóngaraí dó. Bhí mé ag lámhacán go mall chuige agus mé faoi chúpla orlach uaidh nuair a scairt Daniel, 'A Gracie!, a Gracie!' Rith an coinín ar nós na gaoithe isteach sa raitheach agus ní fhaca mé ina dhiaidh sin é. Bhí Daniel ina sheasamh agus é ag gáire leis. Bhí iontas orm agus bhí fearg orm fosta gur chuir sé eagla ar an choinín. 'Tá sé ag imeacht, a Gracie, tá sé ag imeacht!' a scairt sé.

'Is cinnte go bhfuil sé ag imeacht,' a scairt mise go borb. 'Cad é a shíleann tú a dhéanfaidh coinín má scairteann tú air mar sin?'

'Ní an coinín,' ar seisean. 'Ní hé an coinín atá i gceist agam, a Gracie, an ceo! An ceo! Amharc, a Gracie, tá sé ag imeacht!' Agus bhí an ceart aige, bhí an fharraige

mhór ghalánta le feiceáil ag lonrú thíos fúinn fríd an cheo.

‘Téimis abhaile, a Gracie,’ arsa Daniel. Agus ní raibh air é a rá an dara huair.

## 9 31 Deireadh Fómhair 1915

NÍ THIOCFADH LINN SAMSON A FHÁGÁIL INÁR ndiaidh gasta go leor, cé nach raibh an chuma air anois go raibh taibhsí ann agus an ghrian ag soilsiú air. Níor rith sé liom go dtí an bomaite sin, áfach, agus mé ar mo bhealach abhaile, go gcaithfidh sé go raibh Máthair iontach buartha fúm i rith an ama seo uilig. Bhí mé ag dúil go mór le hí a fheiceáil arís. Níor smaoinigh mé ar thaibhsí ná ar mhallachtaí anois; níor smaoinigh mé ach ar an áthas a bheadh orm nuair a bheinn sa bhaile léi arís. Smaoinigh mé fosta ar an deoch mhór uisce a d'ólfainn agus ar an dóigh a léimfinn isteach sa leaba. Bheinn ag tarraingt aníos an blaincéad thar mo chluasa agus ag dul a chodladh ar feadh tamall iontach fada.

Bhí a fhios againn beirt, áfach, cad é a bhí ag fanacht

linn sa bhaile. Bhí a fhios againn go mbeadh fiosrúchán mór ann agus go mbeadh fearg ar gach duine linn. Mar sin de, cé go raibh muid sásta go raibh muid ag fágáil Samson inár ndiaidh, ní raibh muid ag dúil leis an bhaile a bhaint amach. Is cuimhin liom nach raibh mórán gaoithe ann an lá sin. Mar sin de, níor bhac muid fiú leis an tseol a chur in airde. Bhí teas na gréine ag scaipeadh cibé ceo a bhí fágtha den fharraige agus muid ag rámháíocht go mall síos an cainéal thart ar Puffin Island i dtreo Bryher agus an bhaile.

‘Tá Athair ag dul mo bhualadh leis an strapa, mar a bhuaileann i gcónaí,’ arsa Daniel. ‘Is dócha go bhfuil sé tuillte agam i ndiaidh dom a bhád a thabhairt amach; ach beidh sé míle uair níos measa má insím dó go raibh muid in Samson. Bheadh sé iontach iontach feargach dá sílfeadh sé go raibh muid áit ar bith cóngarach don áit, tá a fhios agat an dóigh a bhfuil sé maidir le rialacha.’

‘Cad é atá muid ag dul a insint dóibh mar sin?’ a d’fhiafraigh mé.

‘An fhírinne,’ arsa Daniel, ‘ach amháin nach n-inseoidh muid dóibh go raibh muid in Samson. Chuaigh muid a iascaireacht agus bhí muid cailte sa cheo; sin a bhfuil de. Bhuel, bhí, nach raibh? Ní raibh a fhios againn cén áit a raibh muid agus is é rud a d’fhan

muid san áit a raibh muid gur scaip an ceo agus seo anois muid. Coinnigh é chomh cóngarach don fhírinne agus is féidir, a Gracie, ach in ainm Dé, ná hinis dóibh go raibh muid in Samson.'

'Ní gá dúinn rud ar bith a insint d'Fhear na nÉan ach oiread mar sin, an gá?' a d'fhiafraigh mise. 'Níl mé ag iarraidh rud ar bith a insint dó. Beidh fearg air, tá a fhios agam go mbeidh; agus ní maith liom an chuma a bhíonn air nuair a bhíonn fearg air. Thug sé rabhadh dúinn gan dul ansin, nár thug?'

Rinne Daniel a mhachnamh ar feadh bomaite. 'Is eisean an t-aon duine amháin ar domhan nach n-inseoinn bréag dó choíche. Is eisean an t-aon duine a bhfuil muinín agam as, a Gracie, seachas tusa ar ndóigh. Tá mé ag dul a chur in iúl dó an dóigh ar tharla sé. Tuigfidh sé, le fírinne. Tá a fhios agam go dtuigfidh sé.'

'Bhuel, beidh tú leat féin agus tú ag insint dó,' arsa mise. 'Níl mise ag dul chuige, ní go dtí go bhfuil a fhios agam nach bhfuil sé feargach linn. Agus cuir ceist air faoin rud sin a fuair muid sa teachín, adharc an aonbheannaigh nó cibé rud atá ann.'

'Maith go leor,' arsa Daniel. 'Rachaidh mise. Cuirfidh mise ceist air. Bímis ag rámhaíocht giota beag níos moille, a Gracie; níl deifir orm dul abhaile.'



Chonaic siad muid agus muid ag teacht isteach in aice le Puffin Island. Rith gach duine amach ar an trá. Bhí daoine ag rith ó theach go teach, agus ansin bhí siad ag rith go gasta ionsorainn. Faoin am ar chaith mé an t-ancaire amach, bhí beagnach gach duine a chónaigh san oileán ansin le bualadh linn. Thiocfadh liom Máthair a fheiceáil ina measc. Bhí dath bán ar a haghaidh agus cuma thuirseach uirthi faoina seál. Chroith mé lámh léi ach níor chroith sise lámh. Bhí teaghlach Daniel ann fosta, agus ba é Big Tim a tháinig ag spágáil amach chugainn le cuidiú linn an bád a tharraingt aníos ar an ghaineamh.

‘Tá tusa i dtrioblóid mhór anois,’ ar seisean agus aoibh mhór ar a aghaidh, ní le fáilte a chur romhainn ach le heagla a chur orainn.

Bhí muid ag caoineadh le faoiseamh ar dtús. Thug Máthair croí isteach dom ar feadh bomaite agus ansin fuair sí greim ar mo lámh agus shiúil romham síos tríd an scaifte. Níor labhair sí focal liom. Chonaic mé Aunty Mildred ag tabhairt póg do Daniel in ainneoin a chuid iarrachtaí éalú uaithi. Níorbh fhada, áfach, gur tháinig athrú ar Aunty Mildred agus gur thosaigh sí a chur ceisteanna crua ar Daniel. Sheas a dheartháireacha agus a dheirfiúracha thart timpeall air. Agus Máthair ag siúl

romham suas an trá, chuala mé guth garbh a athar taobh thiar dinn. ‘Fan go dté tusa abhaile. Fan go bhfaighe mé greim ort. Nach dána an mhaise duit bád de mo chuid a thabhairt amach gan cead a fháil uaim ar dtús. Beidh daor ort.’ Nuair a labhair Máthair Daniel ar a shon, scairt an t-athair uirthi fosta. ‘Tá an locht ortsa fosta, ag ligean dó a rogha rud a dhéanamh; agus amharc anois cad é atá déanta aige. Tá gach bádóir amuigh á chuardach agus tagann sé ar ais gan náire amhail is nár tharla rud ar bith i ndiaidh na trioblóide uilig a tharraing sé orainn. Gheobhaidh seisean greadadh ceart, fan go bhfeice tú.’

D’fhan Máthair go dtí go raibh muid fada go leor ar shiúl ón scaifte sular labhair sí. Dúirt sí gur tharraing mé náire uirthi os comhair gach duine. Cad é mar a thógfadh sí a ceann arís san oileán ina dhiaidh seo, agus gach duine den bharúil gur chuir sise amach ag iascaireacht mé agus mé chomh hóg sin? De réir a chéile scaoil sí an greim a bhí aici ar mo lámh agus shiúil muid ar aghaidh ar feadh tamall measartha fada gan focal as ceachtar againn. ‘Shíl mé go raibh tú cailte, a Gracie,’ ar sise. ‘Níor shíl mé go bhfeicfinn choíche arís thú. Chaith mé an oíche aréir ag smaoineamh ar an dóigh a n-inseoinn an scéal do d’athair nuair a thiocfadh sé

abhaile.’ Stop sí, chuir a lámh ar mo ghualainn agus d’ardaigh m’aghaidh ionas go raibh mé ag amharc idir an dá shúil uirthi. ‘Tá a fhios agam an fáth a ndeachaigh tú amach ar an bhád, a Gracie. Thig liom maireachtáil gan an t-airgead,’ ar sise, ‘ach ní thig liom maireachtáil gan tusa. Díolfaidh mé an bád más gá. Bheadh go leor againn leis an chíos a íoc go ceann bliain nó dhó eile agus bheadh go leor againn lenár sáith bia a cheannach don gheimhreadh. Thig le d’athair ceann eile a thógáil nuair a thiocfaidh sé ar ais. Ní rachaidh tú amach mar sin arís, an rachaidh, a Gracie? Tabhair gealltanais dom nach rachaidh. Choíche arís.’

‘Tugaim gealltanais,’ arsa mise agus thug sí póg dom ar chlár m’éadain.

‘Tá tú fuar,’ ar sise. ‘Tá tú sioctha fuar.’

‘Tá tart orm, a Mháthair, agus is measa sin ná an fuacht,’ arsa mise. Fuair mé deoch uisce sa deireadh, trí chupán mhóra agus bhí sé galánta. Chuir sí a luí mé ina dhiaidh sin agus buidéal te cloiche ag mo chosa agus shuigh sí ar an leaba in aice liom. Bhí mé ag fanacht lena cuid ceisteanna; ach níor labhair sí air ar chor ar bith. Níor dhúirt sí ach gurbh é seo an chéad uair ó d’fhág Athair go raibh sí sásta nach raibh sé sa bhaile. ‘Bheadh fearg an domhain air,’ ar sise. ‘Ach is dócha nach rachfá

a iascaireacht ar an chéad dul síos dá mbeadh sé sa bhaile, an rachfá? Níor ghá duit. Agus dá mbeadh a fhios aige cén fáth a ndeachaigh tú amach, a Gracie, bheadh sé bródúil asat, tá mé cinnte de sin, agus tá mise bródúil asat.'

'Ní fada go mbeidh sé sa bhaile,' arsa mise 'Ní fada, a Mháthair. Ní mhairfidh an cogadh go deo, an mairfidh?'

'Nach mairfidh?' ar sise ag ligean osna aisti. Bhí sí ag éirí le himeacht, agus í ag cur a seáil thart uirthi. 'A Gracie,' ar sise, 'b'fhearr gan dul amach ag súgradh le Daniel go ceann tamaill. Tá cuid mhór daoine in Bryher míshásta leat faoi láthair, tá a fhios sin agat. Tá cuid mhaith daoine ann, máthair Daniel ina measc, a shíleann go bhfuil tú ag cur Daniel ar bhealach a aimhleasa agus go bhfuil an locht ortsa. Sílim féin go bhfuil sibh chomh holc céanna lena chéile.'

Is annamh a bhíonn brionglóid agam, agus má bhíonn, is annamh a chuimhním uirthi; ach bhí brionglóid agam an oíche sin i ndiaidh dom teacht abhaile ó Samson agus bhí sí chomh soiléir sin nach ndearna mé riamh dearmad uirthi. Chonaic mé Athair tríd an cheo lá gréine ag marcaíocht ar aonbheannach geal bán trasna na farraige. Bhí a éide mairnéalaigh air agus bhí sé ag gabháil chomh

gasta sin gur thit a hata de. Bhí sé ag gáire nuair a léim sé den aonbheannach le greim a fháil ar an hata. Ach d'imigh an t-aonbheannach ar cosa in airde isteach sa cheo agus fágadh leis féin é, ina sheasamh ar bharr na farraige. Chuardaigh sé gach áit don hata ach ní raibh sé ábalta teacht air. Ní raibh an chuma air, áfach, go raibh sé ag cur isteach air cionn is go raibh sé ag gáire, ag gáire i rith an ama ar fad. Agus é ag dul síos san fharraige bhí sé ag gáire go fóill agus ag croitheadh láimhe liom. Bhí mé ag múscailt agus ag titim i mo chodladh arís an oíche sin ar fad agus bhíodh an bhrionglóid chéanna agam arís agus arís eile.

Bhí mé ag iarraidh mo bhrionglóid a insint do Daniel – ba eisean an t-aon duine amháin a dtiocfadh liom a insint dó, ach ní raibh deis agam. Ní raibh cead aige dul amach ag súgradh liom agus, mar sin de, ní fhaca muid a chéile ach anois agus arís nuair a chuaigh muid ar scoil, agus bhíodh páistí eile thart i gcónaí. Fiú ag am súgartha ar scoil, níor fágadh linn féin muid. Bhí an chuma ar an scéal go raibh gach duine ar an bhaile ag caint orainn. Bhí muid mar a bheadh laochra ann agus bhí lucht leanúna againn a bhí ag iarraidh a fháil amach cad é a tharla dúinn nuair a bhí muid cailte sa cheo. Mar is mó a d'inis muid dóibh, mar is mó a bhí siad ag

iarraidh tuilleadh a chluinstin, agus chum Daniel tuilleadh scéalta. Gach uair a d’inis sé an scéal, chuir sé rudaí breise leis le cuma níos fearr agus níos suimiúla a chur air. Níor thug duine ar bith seo faoi deara agus iad sáite sa scéal.

Thug mé faoi deara, áfach, nár tháinig Big Tim ná a chuid cairde le héisteacht le Daniel. Sheas siadsan le chéile i gcoirnéal an chlóis ag cogarnach le chéile agus ag amharc go feargach orainne thar a nguaillí. Rinne mé iarracht aird Daniel a fháil lena rá leis go raibh siad ag diabhláocht, ach níor thug sé aird ar bith orm. Go deimhin, le himeacht ama, mhothaigh mé nach raibh Daniel ag éisteacht liom níos mó ar chor ar bith. Níor thuig mé cad chuige, ach ní raibh Daniel mar an gcéanna ó tháinig muid ar ais ó Samson. Níorbh é gur sheachain sé mé. A mhalairt a bhí fíor, d’fhan sé cóngarach dom an lá ar fad agus mhothaigh mé go raibh sé ag iarraidh mé a chosaint ar rud éigin; ach bhí sé iontach ciúin liom. Is beag a labhair sé liom agus, nuair a labhair, ní raibh ann ach leathfhocail agus choinnigh sé ag amharc thart air féin amhail is go raibh sé ag fanacht le rud éigin tarlú. Fiú ar an bhealach ar ais ón scoil, agus muid linn féin ar an lána s’againne, bhí an chuma air gurbh fhearr leis siúl gan focal a labhairt. Thiocthadh liom a insint dó faoin

bhrionglóid a bhí agam ansin; ach bhí rudaí eile ann le labhairt orthu, rudaí a bhí i bhfad níos tábhachtaí.

‘Ar thug tú cuairt ar Fhear na nÉan go fóill?’ a d’fhiafraigh mé, agus ní den chéad uair. Chroith sé a cheann agus d’amharc sa treo eile. ‘Cén uair atá tú ag dul a thabhairt cuairt air mar sin?’ arsa mise. ‘Dúirt tú go gcuirfeá ceist air faoin adharc sin sa teachín.’

‘Cuirfidh go luath,’ ar seisean, agus shiúil sé síos an lána chuig a theach féin, agus a lámha go domhain ina phócaí.

‘Ar bhuail d’athair tú leis an strapa?’ a d’fhiafraigh mé de. Chlaon sé a cheann ach níor dhúirt sé rud ar bith eile. ‘An bhfuil sé nimhneach go fóill?’

‘Giota beag,’ ar seisean. ‘Feicfidh mé amárach thú.’ Rith sé suas an cosán chuig a theach.

‘Bí ag amharc amach faoi choinne Big Tim,’ a scairt mise ina dhiaidh. ‘Tá sé ag diabhláocht; tá a fhios agam go bhfuil, a Daniel.’ Chroith sé a lámh agus chuaigh isteach.

Shíl mé ag an am sin go raibh sé ciúin cionn is gur bhuail a athair é. Caithfidh sé gurbh é sin an fáth; ní thiocfadh liom smaoineamh ar rud ar bith eile a d’fhágfadh é chomh ciúin agus chomh brónach sin.

Tarlaíonn drochrudaí ar ghnáthlaethanta agus ní

bhíonn rabhadh ná réamheolas ar bith ann. Caithfidh sé go ndeachaigh seachtain thart, is dócha, ó tháinig muid ar ais ó Samson. Bhuail mé le Daniel ag an gheata mar ba ghnách, agus shiúil muid le chéile suas an lána leis an bhád a fháil ar scoil. Shiúil muid i gcónaí an bealach fada de bhrí gur shiúil Big Tim agus a chomrádaithe an bealach gairid, agus ba mhaith linn fanacht píosa maith amach uathu. Maidin ghaofar san fhómhar a bhí ann agus na duilleoga á seideadh i gciorcail síos an lána. Is cuimhin liom go raibh Daniel iontach aisteach an lá sin, fiú níos aistí ná mar a bhí roimhe. Choinnigh sé ag amharc thar a ghualainn, agus go díreach sular bhuail muid leis an chuid eile ag an bhád, labhair sé liom go hiontach ciúin, gan amharc orm fiú. ‘A Gracie, má tharlaíonn rud ar bith ar scoil inniu, fan amach as. Ná habair focal is cuma cad é a tharlaíonn, an dtuigeann tú?’ Ní raibh am ar bith agam ceist a thógáil, ní raibh fiú an t-am agam é a fhreagairt.

Bhí an turas báid go Tresco iontach garbh, ach thaitin sé liom ar an dóigh sin. Mhair an turas níos faide agus bhíodh i gcónaí seans ann go mbeadh orainn dul siar dá n-éireodh sé rógharbh i lár an turais, ach ní raibh orainn. Shuigh Big Tim ag tosach an bháid lena chairde mar ba ghnách; ach mhothaigh mé go raibh sé ag



stánadh orainn agus meangadh gáire ar a aghaidh. Bhí meangadh orthu uilig. D’amharc mé ar Daniel agus chonaic mé go raibh seisean ag stánadh ar a dheartháir. Bhí sé ag stánadh air go drochmheasúil.

Labhair an tUasal Wellbeloved go fíochmhar ag an tionól scoile in éadan na nGearmánach, na naimhde a raibh muid ag troid ina gcoinne. Dúirt muid ‘Amhrán an Rí’ chomh bríomhar agus a dúirt riamh. Ansin, sa rang matamataice, b’éigean dúinn tábla a seacht a rá os ard arís agus arís eile. As na ceachtanna uilig, ba é seo an ceann is mó a chuir isteach orm. Streachail mé tríd agus dúirt an múinteoir nach raibh sé maith go leor agus go mbeadh orm fanacht siar i rith am lóin agus é a scríobh amach fiche uair. Lean mé Daniel amach sa chlós ag am sosa. Shuigh muid le chéile, mar a shuigh go minic, in aice le bothán an ghuail. Rinne mé iarracht arís ceist a chur ar Daniel faoi Fhear na nÉan. ‘Ar inis tú an scéal d’Fhear na nÉan faoi Samson go fóill? Ar chuir tú ceist air cad chuige a raibh tine ann?’ Ach ní raibh an t-am aige an cheist a fhreagairt. Bhí siad ina seasamh thart timpeall orainn, thart faoi dheichniúr acu; agus bhí Big Tim ina sheasamh os ár gcomhair idir muid agus an spéir agus a ordóga faoina chrios aige. Bhí an ghrian ar chúl a chinn, ach bhí an meangadh cruálach ar a

aghaidh go fóill. Níor amharc mé chomh géar sin ar Big Tim roimhe sin. Is dócha gur fhás mé aníos leis agus go raibh mé róchleachta leis lena thabhairt faoi deara. Bhí a aghaidh chomh dearg le biatas agus bhí sé ag cur allais, ach nuair a d'éirigh mé i mo sheasamh, ní ar a aghaidh a bhí mé ag amharc ach ar an dorn mór druidte a raibh greim aige ar a chrios. Bhí meangadh ar a aghaidh agus bhrúigh sé mé i gcoinne an bhalla. Sheas Daniel idir an bheirt againn.

‘Lig di,’ ar seisean. ‘Ní raibh baint ná páirt aici leis.’

‘Tá sibh chomh holc lena chéile,’ arsa Big Tim. ‘Bíonn sibh i gcónaí le chéile, nach fíor sin? Má tá tusa ciontach, tá sise ciontach.’ Bhí an scaifte cairde ag tabhairt tacaíochta dó go hardghlórach taobh thiar de.

‘Ciontach as cad é?’ arsa Daniel. ‘Maith go leor, chonaic sibh mé ag teacht amach as teach Fhear na nÉan aréir. Cad é an dochar atá ann?’

‘Ach ní hé sin iomlán an scéil, an é, a Daniel dhil?’ Lean Big Tim ar aghaidh, agus é ag labhairt go tarcaisneach maslach. ‘Gasúr Gearmánach thú! Is gasúr Gearmánach é mo dheartháir óg. Ní thig leat é a shéanadh, a Daniel dhil.’ Chuir sé lámh ar Daniel gur bhrúigh sé siar i gcoinne an bhalla é in aice liomsa. ‘Chonaic muid thú. Chonaic muid thú cuid mhaith

uaireanta, nach bhfaca? Agus ní amháin aréir, a Daniel dhil. Dúirt Welly Belly linn súil a choinneáil amach ar son an Rí agus na tíre, rud a rinne muid; agus cad é a chonaic muid ach mo dheartháir óg ag rith ar Rushy Bay agus suas chuig teach Fhear na nÉan ar Heathy Hill. Bhí an t-ádh dearg orainn cionn is go raibh muid ag coinneáil súil airsean agus ar a theach le cúpla lá anuas. An bhfuil a fhios agat cad chuige, a Daniel dhil? Bhuel, is cinnte go bhfuil. Is é do chara, Fear na nÉan, an t-aon duine in Bryher nach ndruidéann a chuiríní san oíche mar ba chóir dó. Anois, cad chuige sin?’ Agus bhrúigh sé Daniel níos cruá i gcoinne an bhalla. ‘Bhuel, inseoidh mise duit, cionn is gur spiaire é. Is spiaire Gearmánach é. Tá sé ar thaobh na nGearmánach agus bíonn sé ag déanamh comharthaí le fomhuireáin na Gearmáine amuigh san fharraige, sin an fáth. Más spiaire eisean is cara le spiaire tusa, nach ea, a Daniel dhil?’

‘Ná bí amaideach,’ arsa Daniel, ‘ní dhéanfadh sé a leithéid sin. Níl dúil ar bith aige sa chogadh fiú. Deir sé nach mbíonn an bua ag taobh ar bith sa chogadh ar aon nós, agus nach fiú bheith ag troid. Níl sé ar son ceachtar den da thaobh.’

‘Nach bhfuil anois? Mar sin de, is ar thaobh na nGearmánach atá sé agus is spiaire é go díreach mar a

dúirt mé.’ Dhruid cairde Big Tim isteach thart orainn. Lean sé leis, ‘Sílfidh Athair go bhfuil sé seo iontach suimiúil nuair a inseoidh mé an scéal dó. Gheobhaidh tú an strapa arís, a Daniel dhil; sin i ndiaidh domsa tú a bhualadh.’

‘Thig leat do rogha rud a insint d’Athair,’ arsa Daniel, ‘ach ní thig leat a dhath ar bith a chruthú. Fág Fear na nÉan amach as, ní dhearna sé dochar do dhuine ar bith. Fág é amach as, an gcluineann tú mé? Níl cúirtíní aige, is é sin an fáth a dtig leat soilse a fheiceáil ag teacht óna theach, sin a bhfuil de.’ Bhí an chuma ar Big Tim gur chuir seo iontas air.

‘Níl cúirtíní ar bith aige?’ ar seisean. ‘Ní leithscéal ar bith é sin. Tá blaincéid aige, nach bhfuil? Tá blaincéid ag gach duine. Thiocfadh leis na blaincéid a chur ar na fuinneoga. Is spiaire é gan amhras agus tá tusa ag cuidiú leis, tá an bheirt agaibh ag cuidiú leis.’

‘Nach dtuigeann tú?’ arsa Daniel. ‘Tá fuath aige ar an chogadh, deir sé go ndéanann sé daoine fiáine de gach duine. Is cuma leis cé a bhaineann nó cé a chailleann.’

‘Is cuma leis, an mar sin atá an scéal?’ arsa Big Tim ag fáil greim ar chluas Daniel agus á casadh go fíochmhar. ‘Is cuma leis cé a bhaineann an cogadh? Is é sin an rud a shíl muid, nach é, a fheara? Mar sin de, seo an rud atá

muid ag dul a dhéanamh, a Daniel dhil. Nuair a bhainfidh mise an teach amach, tá mé ag dul a insint an scéil uilig fútsa agus faoi Fhear na nÉan d’Athair. Inseoidh seisean don Chabhlach agus tiocfaidh siad agus cuardóidh siad a áit agus ceisteoidh siad é go n-inseoidh sé gach rud dóibh. Agus mura mbíonn na freagraí cearta aige, tá a fhios agat an rud a tharlaíonn do na spairí, nach bhfuil? Scaoileann siad iad, iadsan agus a gcuid cairde.’ Agus chas sé cluas Daniel níos fíochmhaire, go dtí go raibh sé thíos ar a ghlúine. Tháinig fearg an domhain orm nuair a chonaic mé na deora ciúine i súile Daniel agus spreag sin mé le tabhairt faoi Big Tim agus le hiarracht a dhéanamh é a bhualadh, ach níorbh fhiú mo shaothar é. Ní raibh air fiú an greim a bhí aige ar Daniel a scaoileadh. Choinnigh sé mé fad a sciatháin uaidh agus rinne gáire orm agus mé ag croitheadh mo lámh go fiáin. Bhí mo lámha róghairid le greim a fháil air fiú. Scairt duine éigin amach go tobann go raibh an tUasal Wellbeloved ag siúl thart; agus fuair sé greim ar mo lámh, chas caol mo láimhe siar ar mo dhroim agus bhrúigh go talamh mé in aice le Daniel.

‘Sin an áit cheart don bheirt agaibh, thíos sa tsalachar dála na nGearmánach uilig. Ní fheicfidh sibh arís é; admhóidh sé gach rud agus inseoidh sé gach rud dóibh.

Níor mhaith liom bheith in bhur mbróga nuair a bhainfidh sibh an teach amach tráthnóna.’ Agus as go brách leis.

Chuidigh Daniel liom seasamh ar mo chosa. ‘Dúirt mé leat fanacht amach as,’ ar seisean, agus a lámh ar a chluas. ‘Dúirt mé leat, nár dhúirt?’

‘Ní scaoilfidh siad é, an scaoilfidh?’ arsa mise.

‘Is cinnte nach scaoilfidh, a Gracie. Gheobhaidh siad amach nach ndearna sé rud ar bith, ní d’aon ghnó ar aon nós; níl siadsan bómánta mar atá Big Tim. Ach tá an bheirt againne i dtrioblóid mhór anois. Inseoidh Big Tim do gach duine go raibh muid le Fear na nÉan agus ní thabharfaidh siad cead dúinn bualadh leis choíche arís – thig leat bheith cinnte de sin.’

‘A Daniel,’ arsa mise, agus mé do mo ghlanadh féin suas, ‘cad chuige ar inis tú dom nár thug tú cuairt ar Fhear na nÉan?’ Níor fhreagair sé mé. ‘D’inis tú dom nár thug tú cuairt air agus thug.’ D’amharc sé orm agus ansin thiontaigh go gasta.

‘Ní raibh mé ag iarraidh an scéal a insint duit, a Gracie.’ Labhair sé go ciúin amhail is go raibh sé ag labhairt leis féin. ‘Bhí sé féin ag dul a insint duit, a Gracie,’ ar seisean. ‘Faoin mhallacht, faoin mhallacht ar Samson. Go díreach mar a dúirt tú féin. Go díreach mar

a dúirt d’athair. Tá sé fíor, ach tá tuilleadh leis an scéal ...’ Go díreach ag an bhomaite sin chonaic siad an tUasal Wellbeloved ag teacht thart an coirnéal.

‘An bhfuil gach rud ceart go leor anseo?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Tá, a dhuine uasail,’ arsa Daniel.

‘Maith go leor, gabhaigí isteach, tá an sos thart. Tá an cloigín á bhualadh.’

I ndiaidh am lóin b’éigean dom fanacht istigh leis an tábla a seacht a scríobh amach fiche uair; agus choinnigh an tUasal Wellbeloved istigh mé an tráthnóna ar fad. Thug sé orm é a dhéanamh arís agus arís go dtí go mbeadh sé déanta mar is ceart agam. Ach níor éirigh liom é a dheanamh mar is ceart. Lean mé orm ag déanamh meancóg beag de bhrí nach raibh m’intinn dírithe ar obair scoile an lá sin. Bhí mé ag smaoineamh ar Big Tim agus ar mo lámh bheith á casadh siar ar mo dhroim arís agus bhí mé ag smaoineamh ar mhallacht Samson. An dtiocfadh an mhallacht ormsa nó ar Daniel ar dtús? Ní thiocfadh liom gan smaoineamh an mbeadh an teach dóite go talamh nuair a rachainn abhaile. Ní thiocfadh liom gan smaoineamh an mbeadh an fiabhras ar Mháthair, nó an mbeadh muid báite ar an bhealach ar ais go Bryher. Bheadh orm an scéal a insint do

Mháthair, le rabhadh a thabhairt di. Bheadh orm an scéal a insint di sula n-inseodh duine éigin eile di faoi Fhear na nÉan agus Samson; agus bhí a fhios agam go mbeadh an-díomá uirthi nár inis mé an fhírinne di ag an tús. Ní raibh mé ag dúil le dul abhaile ar chor ar bith.

D'fhág an bád ó Tresco muid ag an chuan mar ba ghnách agus ghlac muid bealach eile abhaile suas tríd an bhaile ar eagla go mbuailfeadh muid le Big Tim agus a chairde. Agus muid ag siúl i dtreo na dtithe, mhothaigh muid go raibh na daoine bailithe ag na doirse agus iad ag cogarnach, agus nuair a chonaic siad muid, isteach sna tithe leo. Chonaic muid iad ag amharc amach ar na fuinneoga orainn. An biocáire féin, fiú, d'amharc seisean an bealach eile agus muid ag siúl thart leis. Bhí a chasóg ag bolgadh sa ghaoth agus é ag siúl thart go gasta gan focal as, rud nár tharla go rómhinic.

Nuair a bhain muid an teach s'agamsa amach, bhí máthair Daniel ag fanacht ag an gheata agus fuair sí greim air go garbh agus d'imigh léi go hiontach gasta le Daniel go dtí a dteach féin. 'Cad é atá cearr?' a d'fhiafraigh sé. 'Cad é atá déanta agam anois?' ach focal ar bith níor dhúirt sí, agus mhothaigh mé nach raibh sí ag iarraidh amharc ormsa.

Bhí Máthair ina suí ina cathaoir mar ba ghnách, ach



níor ghnach léi bheith ina suí ag an am seo den lá. ‘Goitse, a Gracie, a thaisce,’ ar sise agus í ag labhairt i gcogar mínádúrtha. Nuair a d’ardaigh sí a ceann agus nuair a d’amharc sí orm, thug mé faoi deara go raibh sí ag caoineadh. ‘Chaill muid d’athair,’ ar sise.

‘Chaill muid é?’ arsa mise.

‘Tá sé ar iarraidh, a Gracie,’ ar sise agus thóg sí litir gur shín sí chugam í. Bhí dath dearg ar an chlúdach a bhí i mo lámha agus bhí an seoladh ar an taobh amuigh di scríofa le peann luaidhe. Bhí an litir taobh istigh. ‘Is oth le Céad-Tiarna na hAimiréalachta a chur in iúl duit go bhfuil J591671 An Mairnéalach Inniúil Peter Jenkins a bhí ar bord HMS Louis ar iarraidh sa chogadh 31 Deireadh Fómhair 1915.’

‘Ciallaíonn sé sin nach bhfuil sé ag teacht ar ais, nach gciallaíonn?’ arsa mise.

‘Ó cad chuige d’athair?’ arsa Máthair. ‘Cad chuige ar tharla sé seo dúinne?’

Bhí a fhios agam go maith freagra na ceiste sin.

## 10 Ruathar Maidine

BHÍ MÉ FAOI BHRÓN AN OÍCHE SIN MAR A BHEADH páiste ar bith a bhí díreach i ndiaidh a athair a chailleadh; ach nuair a chaoin mé, mhothaigh mé ciontach agus brónach ag an am chéanna. Ón bhomaite a léigh mé an litir ní raibh amhras ar bith orm ach gur mise ba chúis le bás m'athar. Mise a leag mo chos ar an oiléan, rud nach raibh cead againn a dhéanamh, agus tharraing mé mallacht Samson anuas orainn uilig. Luigh mé lánmhúscailte in aice le Máthair an oíche ar fad. Bhí mé ag iarraidh a rá liom féin go raibh seans ann ar a laghad nach ormsa a bhí an locht uilig, go raibh na mílte mairnéalach agus saighdiúir ag fáil bháis sa chogadh. Ach ba chuma cad é a déarfainn liom féin, ní thiocfadh liom é a chur amach as m'intinn gur mise agus mise

amháin ba chúis leis.

Bhí Máthair ina luí in aice liom an oíche sin mar a bheadh dealbh ann gan focal aisti. Bhí sise go mór faoi bhrón agus bhí pian uafásach ar a croí. Bhí greim aici ar mo lámh agus bhrúigh sí í nuair a thosaigh mé a chaoineadh ach níor labhair ceachtar againn. Bhí mé ag iarraidh gach rud a admháil, ach ní raibh sé de mhisneach agam. Ar aon nós, shíl mé nárbh fhiú, níorbh fhiú anois. Ní thabharfadh sé Athair ar ais agus ba é sin an t-aon rud a thabharfadh sólas di. Ba é sin an t-aon rud a thabharfadh sólas domsa chomh maith.

Bhí an lá dár gcionn uafásach ar fad agus na cuairteoirí uilig ag teacht chun tí nuair a chuala siad faoin litir a fuair muid. Tháinig cairde agus daoine muinteartha as gach coirnéal den oiléan lena meas a léiriú. Thug siad uilig bronntanais bheaga leo, pósae bláthanna nó pota subh mhilis; agus rinne siad uilig meangadh gáire agus dúirt cé chomh brónach agus a bhí siad, agus ansin d'fhág siad chomh ciúin agus ab fhéidir, cuid acu ar na barraicíní amhail is go raibh siad san eaglais. Bhí siad uilig iontach cineálta ar fad, ach mhothaigh mé, agus mé i mo sheasamh ar chúl chathaoir Mháthar ag amharc ar na daoine ag siúl tharainn, gur tháinig athrú ar gach duine acu, de bhrí nár labhair duine ar bith acu linn ar

an dóigh ar ghnách leo sula bhfuair Athair bás. Labhair siad in abairtí beaga gairide, go ciúin, agus iad ag amharc ar an talamh agus bhí an chuma orthu go raibh siad ag iarraidh imeacht. Bhí sé amhail is go raibh galar tógalach orainn; bhí siad tuisceanach ach bhí siad ag fanacht amach uainn ionas nach dtógfadh siadsan an galar.

Níor fhan ach Aunty Mildred, aintín Daniel, bean mhór a bhí i gcónaí ag tabhairt póg dó. D’fhan sise agus d’ól sí cupán tae a thug Máthair di agus labhair sí mar a labhair i gcónaí. Ba ise an t-aon duine, go bhfios dom, a labhair ar Athair. ‘Cinnte,’ ar sise, i ndiaidh di a rá cé chomh brónach agus a bhí sí, ‘is cinnte go raibh Peter s’agatsa ina fhear breá, iascaire maith, fear cróga; ach dúirt mise i gcónaí nár cheart dó tusa agus Gracie bheag a fhágáil ina dhiaidh agus páirt a ghlacadh sa chogadh. Dúirt mé leis ag an am. “A Peter,” arsa mise, “tá tú róshean le bheith ag glacadh páirt sa chogadh, tá go leor fear óg nach bhfuil bean agus clann acu.” Lig sí osna, agus í ag ól suimín as a cupán tae. ‘Ach ní éisteann siad, an éisteann, a thaisce? Síleann siad i gcónaí gur acu féin is fearr fios, nach síleann? Ní fiú labhairt leo.’ Nuair a d’éirigh sí le dul abhaile i ndiaidh di a thrí nó a cheathair de chupáin tae a ól, bhí sé ag éirí dorcha cheana féin. Thug sí croí isteach dom a bhí chomh fada agus chomh

láidir sin gur bheag nár mharaigh sí mé. ‘Mo leanbh bocht,’ ar sise, agus í ag tabhairt póg dom ar an chloigeann. ‘Mo leanbh bocht. Más féidir liom rud ar bith a dhéanamh le cuidiú leat, tá a fhios agat an áit a bhfuil mé.’ D’imigh sí sa deireadh.

Nuair a dhruid mé an doras ina diaidh agus nuair a thiontaigh mé thart, chonaic mé go raibh aoibh ar aghaidh Mháthar. Rinne sí gáire den chéad uair an lá sin agus d’imigh an brón dá haghaidh. ‘Buíochas do Dhia go bhfuil Aunty Mildred ann.’ Dhruid sí a súile agus chuir a cloigeann siar in éadan na cathaoireach. ‘Is aisteach an rud é, a Gracie, ach ní raibh riamh dúil agam sa bhean sin go dtí anois. Ní raibh dúil ag d’athair inti ach oiread.’

Chuala muid cnag ar an doras. ‘Duine éigin eile,’ arsa Máthair. ‘Tá na daoine iontach cineálta, a Gracie, tá siad iontach cineálta, ach níl a fhios agam an bhfuil mé láidir go leor le labhairt le duine ar bith eile. Tá mé tuirseach. Tá mé iontach tuirseach.’

‘Seans gur Daniel atá ann,’ arsa mise. ‘Níor tháinig seisean go fóill.’ Ach fiú agus mé ag oscailt an dorais, mhothaigh mé nárbh é Daniel é. Bhí Fear na nÉan ina sheasamh ansin sa dorchadas. Rinne sé aoibh bheag gháire liom, ach ní raibh comhartha ar bith uaidh gur aithin sé mé; agus ansin léim Prince suas orm agus é ag

tafann le háthas.

D’amharc Fear na nÉan agus Máthair ar a chéile trasna an tseomra. Shuigh Máthair suas ina cathaoir agus bhí a lámh ar a béal aici. Shín Fear na nÉan pota meala chuici. ‘Chuala mé faoi d’fhear céile,’ ar seisean. ‘Chuala mé faoin rud a tharla. Tá mé ag teacht le mo chomhbhrón a dhéanamh leat. Creid uaimse é, a Bhean Uasal, ní maith liom do bhris.’

‘An tUasal Woodcock atá ann, nach é?’ arsa Máthair. D’éirigh sí ina seasamh agus ghlac sí an pota meala uaidh. ‘Agus sílim go gcaithfidh mé mo bhuíochas a ghabháil leat as rudaí eile a thabhairt dom seachas an pota meala seo amháin, nach gcaithfidh? Tusa a bhí ann? Tusa a bhí ann i gcónaí. Tusa a bhí chomh cineálta sin liomsa agus le Gracie an t-am ar fad.’ Ach bhí Fear na nÉan ag siúl amach ar an doras fiú agus Máthair go fóill ag labhairt, agus Prince sna sála aige. ‘A Uasail Woodcock,’ a scairt Máthair ina dhiaidh, ‘tá cupán tae agam duit; tá sé go fóill te.’ Ach níor thiontaigh Fear na nÉan fiú. D’imigh sé leis síos an cosán agus isteach sa dorchadas.

‘Bhuel,’ arsa Máthair, ‘tá a fhios againn cé a bhí ann. Ach cad chuige, a Gracie? Ní thuigim é. Níor labhair mé leis riamh roimh an tráthnóna seo. Níos measa ná sin,

d'fhan mé amach uaidh i gcónaí, agus d'fhan Athair amach uaidh fosta.' Bhí sí ag amharc go díreach orm anois agus an pota meala go fóill ina lámha aici. 'Labhraíonn sé chomh haisteach sin. Is féidir gurb é sin an dóigh a labhraíonn sé, ach mhothaigh mé gur óna chroí a tháinig na focail agus gur chiallaigh na focail níos mó ná focail ó dhuine ar bith eile inniu. Bhí sé amhail is go raibh sé féin freagrach as, go raibh sé ag gabháil a leithscéil.'

Bhí mé iontach sásta nár labhair Máthair air ina dhiaidh sin go dtí go raibh muid inár luí le chéile sa leaba an oíche sin. 'Bhí mé ag déanamh mo mhachnaimh,' ar sise, 'ar an mhadadh, ar mhadadh Fhear na nÉan. An bhfaca tú an madadh sin riamh, a Gracie? Bhí an chuma airsean go bhfaca sé tusa roimhe, agus é ag léim suas ortsa, amhail is gur seanchairde sibh, a Gracie? A Gracie?' Ach bhí mé ag ligean orm féin go raibh mé go domhain i mo chodladh. Bhí mé ag anáilú chomh domhain agus chomh rialta sin gur tháinig tuirse orm agus níorbh fhada gur thit mé i mo chodladh mar is ceart.

Mhúscaíl mé go tobann. Shíl mé ar dtús go mb'fhéidir gur faoileán a bhí ann ag bualadh na fuinneoige lena ghob, ach nuair a d'amharc mé amach ní raibh a dhath

ar bith ann. Bhí dath liath ag teacht ar an spéir cheana féin agus an mhaidin ag teacht. Thiocfadh liom craobhacha an chrainn darach a fheiceáil á lúbadh sa ghaoth. Shuigh mé suas sa leaba go mall ionas nach músclóinn Máthair, a bhí ina luí ar a taobh ag amharc sa treo eile. Chuala mé an tormán arís agus bhí a fhios agam cad é a bhí ann an iarraidh seo mar chuala mé an chloch bheag ag bualadh in éadan an chosáin thíos. Shleamhnaigh mé amach as an leaba agus anonn chuig an fhuinneog. Bhí Daniel ina sheasamh ar an chosán thíos ag amharc aníos orm, agus bhí sé ag tabhairt comhartha dom teacht anuas. Ghléas mé mé féin go gasta ag bun an staighre, chuir cóta mór orm cionn is go raibh sé iontach fuar, agus shleamhnaigh amach.

Níor labhair Daniel focal. Chuir sé méar lena liopaí le stop a chur liom cogarnach leis fiú. Shleamhnaigh muid síos an cosán agus amach ar an gheata agus ansin thosaigh muid a rith. Rith muid an bealach ar fad suas chuig barr Samson Hill sular stop muid le sos a ghlacadh. D’amharc mé anonn ar theach Fhear na nÉan, ach bhí gach rud dorcha ar Heathy Hill. Luigh mé síos ar an fhraoch agus mé tuirseach traochta agus chuaigh Daniel síos ar a ghogaide in aice liom. ‘Ní dhéanfaidh sé difear ar bith, a Gracie, is cuma cad é a deirim,’ ar seisean, ‘ach



tá mé iontach buartha, a Gracie, le fírinne, tá.’

‘Mallacht Samson atá ann, nach ea?’ arsa mise, agus chlaon sé a cheann. ‘Tá m’athair marbh agus tharla sé cionn is go ndeachaigh muid go dtí an t-oileán sin, nár tharla? Tá sé uilig fíor, nach bhfuil?’

‘D’inis Fear na nÉan an scéal ar fad dom,’ arsa Daniel. ‘Ach ní airsean atá an locht, a Gracie, agus ní ortsa atá an locht ach oiread. Rinne sé gach rud a thiocfadh leis.’

‘Cad é atá tú a rá?’

‘Inseoidh mé duit níos moille, a Gracie. Níl am ar bith againn anois. Caithfidh muid a insint dó; caithfidh muid rabhadh a thabhairt dó go gasta.’

‘Rabhadh a thabhairt dó?’ a d’fhiafraigh mé.

‘Faoi Big Tim agus a chairde,’ arsa Daniel ag leanúint ar aghaidh. ‘Chuala mé iad ag labhairt faoi. Ruathar maidine a thug siad air. Nach cuimhin leat an rud a dúirt sé ar scoil? Bhuel, d’inis Big Tim an scéal do m’athair, go díreach mar a dúirt sé go ndéanfadh sé. D’inis sé dó gur bhuaill mé le Fear na nÉan, agus d’inis sé an amaidí sin ar fad go raibh Fear na nÉan ina spiaire agus go raibh sé ag déanamh comharthaí le fomhuireáin na Gearmáine. Ar ndóigh chreid Athair gach focal uaidh. Bhuaill sé arís mé leis an strapa agus chuir chuig mo sheomra mé – sin

an rud a bhí Big Tim ag iarraidh air a dhéanamh ionas nach mbeinn ábalta rabhadh a thabhairt d'Fhear na nÉan go raibh siad ag dul a chuardach a thí. Agus tháinig na póilíní ó St. Mary's inné. Chuala mé iad ag labhairt le m'athair taobh amuigh den fhuinneog nuair a tháinig siad ar ais ó theach Fhear na nÉan. Ar ndóigh, níor tháinig siad ar rud ar bith agus bhí fearg orthu. D'inis siad do m'athair gan a gcuid ama a chur amú arís. Dúirt siad go raibh rudaí eile le déanamh acu seachas cuairt a thabhairt ar ghealt, ar fhear a bhí as a mheabhair ar fad. Amaidí, a dúirt siad. Cad é mar a thiocfadh le gealt mar sin bheith ina spiaire? Dúirt siad nár thuig sé fiú na ceistanna a chuir siad air. Ní dhearna sé ach a cheann a chlaonadh agus miongháire a dhéanamh. Dúirt siad nach dtiocfadh leis fiú labhairt mar is ceart. Ar aon nós, nuair a d'imigh siad, bhí m'athair iontach feargach le Big Tim agus thug sé amach dó a rá go ndearna sé ceap magaidh de os a gcomhair. Lig siad amach mé ag am tae agus chuaigh mé caol díreach chuig teach Fhear na nÉan le hinsint dó faoi d'athair. Bhí sé iontach buartha, a Gracie. Dúirt sé go raibh air cuairt a thabhairt ortsa agus ar do mháthair. Rinne mé iarracht é a stopadh; ach dúirt sé go raibh air dul chugaibh. Bhí air do mháthair a fheiceáil agus labhairt léi, duine le

duine, lena insint di cé chomh brónach agus a bhí sé. Cuireann sé an locht air féin, an dtuigeann tú. Dúirt mé leis go mbeifeá i dtrioblóid mhór dá mbeadh an chuma ar an scéal go raibh aithne aige ort. Dúirt mé leis gan ligean air féin gur aithin sé thú.’

‘D’aithin Prince mé,’ arsa mise, ‘léim sé suas orm, mar a léimeann i gcónaí. Tá a fhios ag Máthair go bhfuil rud éigin ag dul ar aghaidh, ach níl sí cinnte cad é atá ann. Sílim go bhfuil sí chomh tuirseach sin gur cuma léi. Ba chóir duit a insint domsa go raibh sé ag teacht,’ arsa mise.

‘Bhí mé ag dul a insint duit, a Gracie,’ arsa Daniel. ‘Bhí mé ar mo bhealach ar ais ó Heathy Hill le hinsint duit nuair a chuala mé iadsan.’

‘Cé?’

‘Big Tim agus a chairde, go díreach mar a d’inis mé duit. Caithfidh sé go raibh dosaen acu ann, taobh amuigh de theach na mbád; agus chuala mé Big Tim ag pleanáil ruathar na maidine, amhail is gur ginearál é. Dúirt se nár chóir dóibh na póilíní a chur amach chuig teach Fhear na nÉan. Dúirt sé gur chóir dóibh an cabhlach a chur amach, go bhfaigheadh siadsan an fhírinne as. Dúirt sé go raibh an fhírinne ar eolas aige féin ar aon nós. Spiaire a bhí i bhFear na nÉan, ní raibh

míniú ar bith eile ar an scéal; agus ar ndóigh, d'aontaigh siad uilig leis. Mura mbeadh duine ar bith eile sásta é a dhéanamh, dhéanfadh sé féin é. Bhí sé ag dul a theagasc ceacht crua d'Fhear na nÉan. Is é an rud deireanach a dúirt sé ná go mbuailfeadh siad le chéile an chéad rud ar maidin le ruathar a thabhairt ar an teach. Tá siad ag iarraidh é a ruaigeadh amach as an oileán go deo, a Gracie.'

'Nach ndearna duine ar bith iarracht é a stopadh?' a d'fhiafraigh mé.

'Ní dhéanann duine ar bith argóint le Big Tim, tá a fhios sin agat. Tá eagla orthu uilig roimhe,' arsa Daniel. 'Sin an fáth a gcaithfidh muidne dul chuig a theach ar dtús. Caithfidh muid deifir a dhéanamh sula mbeidh sé rómhall. Caithfidh muid rabhadh a thabhairt dó, a Gracie.' Tharraing sé suas ar mo chosa arís mé agus thosaigh muid a rith síos i dtreo Rushy Bay agus siar thar na dummcha i dtreo teach Fhear na nÉan.

Bhí sé ag éirí geal cheana féin. Nuair a bhain muid an teach amach, bhí sé folamh. Tháinig an dá ghabhar chugainn agus muid ag cuardach taobh amuigh. Ba ag an bhomaite sin a mhothaigh Daniel nach raibh an chairt ina gnátháit. 'Tá sé imithe ag bailiú adhmaid áit éigin, is dócha,' ar seisean. 'Tá sé ar Popplestones nó ar

Hell Bay. Caithfidh muid teacht air.'

Bhí muid ag siúl thart leis an lochán faoi Gweal Hill nuair a tharla gur amharc mé thar mo ghualainn. Chonaic mé iad, na scáilí s'acu idir muidne agus an spéir, ag rith ar an scrobarnach ar Samson Hill. 'Iadsan atá ann. Tá siad ag teacht,' arsa mise. 'Cad é a dhéanfaidh muid?'

'A dhath ar bith,' arsa Daniel. Fuair sé greim ar mo lámh agus tharraing sé ar aghaidh mé. 'Tá sé rómhall agus tá barraíocht acu ann.' Rith muid ar aghaidh i dtreo Popplestones.

Bhí an t-asal agus an chairt in aice leis na carraigeacha ag an taobh eile den trá, í ag bogadh ó am go ham agus an t-asal ag siúl in aice leis an fheamainn. Ar feadh bomaite, ní raibh muid ábalta rud ar bith eile a dhéanamh amach seachas sin, go dtí gur chuala muid Prince ag tafann. Bhí muid ábalta Fear na nÉan a fheiceáil anois, é ina sheasamh san uisce thanaí. D'éirigh scata faoileán in airde sa spéir agus d'éitil thart i gciorcal ag scréachach os a chionn. Chonaic muid ansin cruth fada dorcha ina luí ar imeall an uisce agus Fear na nÉan thíos ar a ghlúine in aice leis. Agus muid ag rith trasna an ghainimh, thiocfadh linn a fheiceáil go raibh sé ag iarraidh an rud seo a rolladh thart. Ba léir go raibh sé rómhór agus

róthrom le bogadh. Shílfeá le hamharc air gur bloc mór adhmaid a bhí ann ach gur bhog sé – bhog sé as a stuaim féin. Bhí ruball ollmhór air a bhí cosúil le gaotrán mór a d'éirigh agus a bhuaíl in éadan an uisce agus muid ag siúl ionsair. Rinne Fear na nÉan iarracht eile é a bhogadh agus thosaigh an t-ainmhí mara a lúbarnaíl agus d'ardaigh a cheann. Ní fhaca muid an adharc air go dtí an bomaite sin cionn is go raibh sí i bhfolach sa ghaineamh a bhí ar aon dath léi. Bhí adharc mhór fhada ar an ainmhí mara seo, cibé ainmhí mara a bhí ann, agus í ag gobadh amach as a cheann mór dubh. Níorbh é go dtí go raibh muid measartha cóngarach don ainmhí gur thuig muid cé chomh mór agus a bhí sé. Bhí sé chomh fada le bád beag ó bhun go barr. Caithfidh sé go raibh sé cúig troithe déag ar fad agus bhí an adharc chomh fada céanna arís. Bhí sé cosúil le míol mór. Ní raibh an chuma ar an adharc bhreá a bhí ar nós bíse go raibh sí ag teacht leis an chorp mhór chiotach.

‘An adharc, a Daniel,’ arsa mise. ‘Tá sí go díreach cosúil leis an adharc a fuair muid sa teachín sin in Sampson, nach bhfuil?’

‘Is é sin go díreach an rud a dúirt sé liom,’ arsa Daniel go ciúin. ‘Sin go díreach an rud a dúirt Fear na nÉan liom.’

‘Cad é atá tú a rá?’ a d’fhiafraigh mé, ach bhí Daniel ag rith leis chun tosaigh faoin am seo.

D’éirigh Fear na nÉan ina sheasamh go mall nuair a chonaic sé muid ag teacht. Stad Prince de bheith ag tafann agus ag ligean glamanna as, agus bhí sé ag rith suas an trá ionsorainn.

‘Buíochas do Dhia gur tháinig sibh,’ a scairt Fear na nÉan. ‘Níl mé ábalta é a bhogadh liom féin. Níl mé láidir go leor. Tá mé anseo an oíche ar fad ag iarraidh é a rolladh isteach san fharraige, ach tá sé róthrom.’

‘Cad é atá ann?’ a d’fhiafraigh mé. Shín mé amach mo lámh leis an ainmhí a mhothú ach tharraing mé siar í go gasta cionn is nach raibh sé de mhisneach agam. Bhí dath dubh breac air, ach bhí dath níos dorcha ar a dhroim ná áit ar bith eile.

Tharraing Daniel ar chóta báistí Fhear na nÉan ionas go mbeadh sé ag amharc air agus é ag labhairt. ‘Tá sé cosúil leis na cinn a mharaigh siad in Samson, nach bhfuil?’ a d’fhiafraigh Daniel. ‘Tá sé mar an gcéanna, nach bhfuil, a Uasail Woodcock?’

‘Go díreach mar an gcéanna,’ ar seisean. ‘Mise a fuair an chéad cheann an lá sin fosta.’ Agus d’amharc sé amach ar an fharraige. ‘Beidh na cinn eile amuigh ansin go díreach mar a bhí siad an uair dheireanach agus

tiocfaidh siad isteach go díreach mar a rinne siad an uair sin. Síleann siad go dtig leo cuidiú leis, an dtuigeann tú, ach ní thig. Caithfidh muid é a chur ar ais isteach san fharráige sula dtiocfaidh siad nó beidh siad uilig gafa ar an ghaineamh. Caithfidh muid é a bhogadh sula dtiocfaidh duine ar bith eile, tá mé ag insint daoibh. Má thagann siad air anseo beidh deireadh le Bryher. Tarlóidh sé uilig arís.'

'Cad é a tharlóidh?' a scairt mise. 'Cad é atá ag dul ar aghaidh? Cad é air a bhfuil sibh ag caint? Ní thuigim cad é atá ag tarlú. Inis dom cad é atá ag tarlú, inis dom, le do thoil.' Bhí mé ag caoineadh anois, agus brón, buairt, fearg agus frustrachas orm.

D'amharc Fear na nÉan anuas orm agus labhair níos ciúine agus níos soiléire ná riamh. 'I ndiaidh an ruda a tharla do d'athair bocht,' arsa Fear na nÉan, 'tá sé de cheart agatsa, thar dhuine ar bith eile, bheith ar an eolas faoin mhallacht ar Samson, agus cuirfidh mise ar an eolas thú. Ach níl mórán ama agam anois leis an scéal a insint duit; mar sin de, éist go cúramach, a Gracie. Tharla sé tamall fada ó shin, tamall iontach fada ó shin, ach tá cuimhne agam air amhail is gur inné féin a tharla sé. Bhí na daoine in Samson i gcónaí beo bocht. Is beag bia a bhí ag na daoine agus bhí an saol crua. Ach mhair



muid maith go leor go dtí an lá a tháinig na míolta móra. Mise a tháinig ar an chéad cheann acu ina luí ar an ghaineamh go luath an mhaidin sin, ag caoineadh ar lorg cuidithe. Rinne mé féin agus mo mháthair iarracht é a rolladh ar ais isteach san fharraige, ach ní raibh muid ábalta é a bhogadh.'

Bhog an míol mór arís ar an ghaineamh agus thiontaigh Fear na nÉan le hamharc air. 'Go díreach cosúil leis an cheann sin, go díreach mar an gcéanna,' ar seisean. 'Agus ag breacadh an lae bhí muintir an oileáin uilig ann, ach ní chuideodh siad linn, fiú m'athair féin, ní chuideodh sé linn. Agus an bhfuil a fhios agat cad chuige?' Chlaon mé mo cheann. 'Bhuel, inseoidh mise duit, a Gracie. Bhuel, bhí tuilleadh míolta móra amuigh sa chuan agus mar is mó a bhí an míol mór a bhí gafa ar an ghaineamh ag screadaíl ar a mháthair, mar is mó a tháinig na cinn eile i dtreo na trá. Ní raibh le déanamh ag muintir an oileáin ach fanacht agus bhí a fhios sin acu. Faoi mheán lae bhí na míolta móra uilig gafa ar an ghaineamh, ag screadaíl amach ar a chéile, ag caoineadh go truacánta. Bhí mo mháthair ag impí orthu gan é a dhéanamh, bhí mise ag impí orthu, ach níor éist siad linn. Bhí a n-intinn déanta suas acu uilig. Dúirt siad go raibh go leor eabhair sna hadharca sin le cuid mhór

airgid a dhéanamh do mhuintir an oileáin agus le gach duine a dhéanamh iontach saibhir. Mar sin de, rinne siad slad orthu ar an trá faoi theas na gréine. Bhí an fhuil ag rith amach astu agus isteach sa ghaineamh, rud a d'fhág balscoidí dearga air. Rith an fhuil isteach san fharraige fosta agus bhí an fharraige níos deirge an tráthnóna sin ná mar a chonaic mise í riamh roimhe, fiú le luí na gréine. An mhaidin dár gcionn, a Gracie, mhúscail muid agus chonaic muid go raibh long i dtalamh ar oitir ghainimh.'

'An long taibhsí,' arsa mise. 'An long taibhsí ar inis Athair domsa fúithi.'

'Long taibhsí?' arsa Fear na nÉan. 'B'fhéidir gurbh ea. Bhí sí folamh, tá mé cinnte de sin. Ní raibh duine ná deoraí ar bord. Shíl siad go raibh an t-ádh dearg orthu – eabhar lá amháin agus long bhreá raice an chéad lá eile. Chuir siad ar snámh arís í an mhaidin dár gcionn leis an lán mara, agus sheol siad i dtreo Penzance. Chuaigh gach fear as an oileán uirthi, m'athair fosta, agus thug siad na hadharca leo lena ndíol ar tír mór – iad uilig seachas ceann amháin. Fuair muidne níos moille í, mé féin agus mo mháthair, leathchlúdaithe sa ghaineamh.'

'Sin an ceann a fuair muidne thall in Samson,' arsa

Daniel.

Lean Fear na nÉan ar aghaidh agus is ar éigean a stop sé lena anáil a tharraingt. ‘Níor tháinig duine ar bith acu ar ais. Ní fhaca mé m’athair ina dhiaidh sin. Chuaigh an long go tóin poill agus iad uilig ar bord. Bhí gach fear as Samson cailte. Dúirt mo mháthair go raibh mallacht ar Samson mar gheall ar an tsfad a rinne siad ar na míolta móra, ach níor chreid duine ar bith í. Dúirt siad go raibh sí ar mire, go raibh sí as a meabhair. Agus níor chreid siad í sna blianta ina dhiaidh sin nuair a chuaigh long i ndiaidh loinge go tóin poill ar na carraigeacha ar chósta Samson. Fuair breis agus caoga duine bás, a Gracie, nuair a chuaigh na longa sin go tóin poill. Fiú na fir ar éirigh leo an trá a bhaint amach, fuair siad bás go gairid ina dhiaidh sin. Dúirt gach duine nach raibh ann ach an mí-ádh, ach bhí a fhios agam féin agus ag Máthair gurbh í an mhallacht a bhí ann. Nuair a tháinig an t-ocras mór agus an galar ina dhiaidh sin, bhí a fhios againn cad é a bhí ann, ach go fóill féin níor chreid duine ar bith muid. Ní raibh le hithe againn ach bairnigh agus roinnt coiníní fiáine.’

‘Ar ith sibh na madaí?’ a d’fhiafraigh mé. ‘Dúirt Athair go raibh oraibh na madaí a ithe.’

Chlaon Fear na nÉan a cheann. ‘Nuair a bhíonn tú

stiúgtha ocrach, íosfaidh tú rud ar bith,’ ar seisean. ‘D’fhág na daoine eile an t-oileán, teaghlach i ndiaidh a chéile. Bhí mé féin agus mo mháthair inár gcónaí ar an oileán linn féin ar feadh dhá bhliain. Dúirt sí go raibh uirthi fanacht ar mhaithe leisean. Ní fhágfadh muid an t-oileán ar chor ar bith ach ab é gur thriomaigh an tobar. Níor thriomaigh an tobar sin riamh roimhe. Samhradh fliuch a bhí ann fosta. Ba í an mhallacht a thriomaigh an tobar, tá mé cinnte de sin, a Gracie. Ba í an mhallacht a chuir an ruaig orainn amach as an oileán.’

D’amharc Fear na nÉan suas ar na cnoic dhubha in Samson a bhí píosa maith uainn. ‘Rinne mé iarracht i rith mo shaoil ar fad mallacht Samson a thógáil. Rinne mé mo dhícheall i rith mo shaoil ar fad daoine a choinneáil amach as Samson. Sin an fáth a dtéim amach a rámhaíocht chuige nuair a bhíonn stoirm ann, nuair a fheicim an ceo ag teacht isteach. Bím ag iarraidh tine a lasadh ar bharr an chnoic le rabhadh a thabhairt do na longa fanacht amach as.

‘Tusa a bhí ann, mar sin,’ arsa mise. ‘Tusa a bhí ann maith go leor an oíche sin nuair a bhí mé féin agus Daniel cailte sa cheo.’

‘Mise a bhí ann,’ ar seisean go brónach. ‘Agus is mian liom anois nár las mé í. Tine s’agamsa a bhí ann a

tharraing sibh go Samson, a Gracie, agus a tharraing an mhallacht anuas oraibh. Agus anois tá d'athair bocht marbh.'

Chuala muid ag an bhomaite sin an chéad bhéic scáfar ar Heathy Hill taobh thiar dín. Thiontaigh muid. 'Amharc!' arsa Daniel, agus é ag díriú a mhéire ar thaobh an chnoic, áit a dtiocfadh linn Big Tim agus a chuid saighdiúirí a dhéanamh amach ag bogadh mar a bheadh scáilí ann sa dorchadas ar an fhraoch, le ruathar maidine a dhéanamh ar theach Fhear na nÉan. Chonaic muid na gabhair ag rith suas an cnoc agus iad ag méileach agus eagla an domhain orthu. Chuala muid na cearca ag scréachach agus na fuinneoga á mbriseadh.

'Táimid rómhall, a Gracie,' arsa Daniel. 'Tháinig muid le rabhadh a thabhairt duit, a Uasail Woodcock. Big Tim agus a chuid cairde atá ann. Mar a dúirt mé leat, síleann sé go bhfuil tú ag déanamh comharthaí le fomhuireáin na Gearmáine. Síleann sé gur spiaire thú.'

'Spiaire?' bhí an chuma ar Fhear na nÉan nár thuig sé an chiall a bhí leis an fhocal. Bhí an chuma air go raibh díomá agus brón air seachas fearg. 'Is cuma, ar aon nós,' ar seisean, ag tiontú thart. 'Is cuma faoi gach rud eile anois ach an míol mór. Caithfidh muid é a shábháil. Ní thig linn ligean dó bás a fháil. Tá an taoide ag dul

amach cheana féin. Mura rollann muid isteach san fharraige é arís beidh an fharraige rófhada amuigh le hé a bhrú isteach agus beidh sé rómhall.

‘Tá siad taobh istigh den teach anois, a Uasail Woodcock,’ arsa Daniel. ‘Níl mé ábalta duine ar bith acu a fheiceáil taobh amuigh anois.’

‘Guímis go bhfanfaidh siad taobh istigh,’ arsa Fear na nÉan. ‘Tá sé ag éirí níos gile an t-am ar fad. Má fheiceann siad anseo muid, beidh deireadh leis, go díreach mar a tharla in Samson nuair a tháinig na míolta móra an t-am sin.’

Is cuma cé chomh crua agus a bhrúigh muid an míol mór, ní raibh muid ábalta é a rolladh isteach san fharraige. Rinne mé féin agus Daniel iarracht neamhaird a thabhairt ar an challán a bhí le cluinstitín ag teacht ón teach agus muid ag brú ar an mhíol mhór le tréan iarrachta. Rinne muid ár seacht ndícheall an gaineamh a thochailt ag taobh amháin agus an míol mór a rolladh ar an dóigh sin, ach ní rachadh sé ach píosa beag sular bhrúigh an eite ar an taobh eile ar ais chugainn é. Bhí an chuma ar an scéal go raibh rudaí níos measa anois in ainneoin ár gcuid iarrachtaí. Bhí an míol mór ina luí anois sa pholl sa ghaineamh agus bhí an taoide ag dul amach agus an fharraige ag éirí níos faide uainn.

Shuigh muid siar le sos a ghlacadh agus lena fháil amach cad é ba chóir dúinn a dhéanamh. Bhí a fhios againn anois nach raibh maith ar bith ann iarracht eile a dhéanamh, ach chruinnigh muid ár misneach agus rinne iarracht eile. Bhrúigh muid le chéile ar an taobh chéanna, bhrúigh muid, uair amháin, dhá uair; agus ansin mhothaigh muid meáchan mór an ainmhí mór ag titim siar orainn. Thit sé go trom isteach sa pholl agus is beag nár thit sé ar mo lámh. Bhí mé i mo shuí ar an ghaineamh as anáil nuair a chuala mé glór Big Tim taobh thiar dinn.

‘Cad é atá agaibh ansin?’ Bhí siad ag teacht inár dtreo trasna na trá.

‘Amharc an mhéid atá ann!’ arsa duine acu; agus stop siad roinnt méadar uainn. Ba é Big Tim an chéad duine a labhair.

‘Bhuel, cad é atá ann?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Míol mór,’ arsa Daniel, ‘agus caithfidh muid é a bhrú isteach san fharraige arís sula bhfaighidh sé bás. Caithfidh muid. Mar má fhaigheann sé bás, deir Fear na nÉan go mbeidh mallacht orainn uilig in Bryher go díreach mar a bhí ar mhuintir Samson. Caithfidh sibh cuidiú linn, a Thaidhg. Má chuidíonn sibh uilig linn, beidh muid ábalta é a rolladh isteach san fharraige arís

go furasta.’

‘Deir Fear na nÉan,’ rinne Big Tim aithris ar Daniel agus thosaigh a chairde a mhagadh ar Daniel. ‘Deir Fear na nÉan. Tá seisean ar thaobh na nGearmánach, a Gracie. Déanann sé comharthaí le fomhuireáin na Gearmáine, b’fhéidir leis an cheann fiú a mharaigh d’athair. Bhuel, bhris muid gach fuinneog ina theach agus scrios muid teach na gcearc, agus tá cuid de na héin sin nach mbeidh ag eitilt arís; agus má fhanann sé, beidh muid ar ais arís, agus brisfidh muid níos mó ná na fuinneoga – brisfidh muid a chnámha. An gcluineann tú sin, a sheanamadáin? Imigh leat; níl fáilte romhat ar an oileán seo.’

D’éirigh Fear na nÉan ina sheasamh go mall agus shiúil go bacach i dtreo Big Tim. Lean Prince é agus é ag ligean glamanna as. Nuair a bhain sé Big Tim agus a chairde amach sheas siad siar. ‘Caithfidh sé gur tusa Big Tim,’ ar seisean. ‘Sílím go n-aithním thú. D’inis Daniel gach rud dom fútsa. Tá mé ag insint duit, mura dtig linn an t-ainmhí mara seo a rolladh isteach san fharraige arís sula bhfaighidh sé bás, gheobhaidh an t-oileán bás go díreach mar a fuair Samson bás. An gcluineann tú mé? An dtuigeann tú cad é atá mé a rá leat? Má tá grá agat do d’oileán, cuidigh linn nuair atá an t-am againn go



fóill.’

‘Cad chuige a gcuideodh muid leatsa i ndiaidh gach ruda atá déanta agat?’ arsa Big Tim agus é go fóill ag bogadh siar. ‘Ar aon nós, ní leatsa an míol mór sin, nó cibé rud atá ann; is linne uilig é. Má tá tusa ag iarraidh é a choinneáil duit féin, beidh ort é a tharraingt thar an líne lán mara, agus tá tú róshean agus rólag lena dhéanamh, nach bhfuil? Agus ní fiú mórán an bheirt seo, an fiú? Mar sin de, más leatsa é, is linne é chomh maith! Tá sé go díreach cosúil leis an adhmaid raice a tháinig i dtír anseo anuraidh. Roinn muid é, nár roinn? Roinn gach duine é. Tá an chuma air sin gur fiú pingin mhaith é fosta. Ní fhaca mé iasc chomh mór leis sin riamh, agus tá cuid mhaith iasc feicthe agam thar na blianta. Is fiú rud éigin an adharc sin fosta, tá mé ag déanamh.’

‘Ní thig libh, ní thig libh é a mharú,’ a scread Daniel, agus é ag impí ar chairde Thaidhg Mhóir anois. ‘Ná ligigí dó é a mharú. Chuala sibh cad é a dúirt Fear na nÉan. Tá sé uilig fíor, agus tá aithne mhaith agam air. Is fear maith é. Ní spaire é mar a deir Big Tim. Cad chuige a n-inseodh sé bréag? Nach dtig libh a fheiceáil go bhfuil sé ag iarraidh muid a shábháil?’

Ach ní raibh siad ag éisteacht, ní raibh duine ar bith

acu ag éisteacht. Bhí siad ag amharc amach ar an fharraige, agus iontas an domhain ar gach duine acu. Ní raibh a dhath ann ag an tús ach screadaíl agus caoineadh amuigh ar an fharraige mhór níos faide anonn ná Popplestones, fuaim a d'éirigh iontach ard de réir a chéile agus a bhí mar a bheadh rois mhór toirní ann agus na hainmhithe mara ag seitreach agus ag feadaíl. Taobh istigh de chúpla bomaite, bhí Popplestones beo leis na míolta móra. D'éirigh scairdeanna fada uisce san aer. Bhí droimeanna na n-ainmhithe ag briseadh fríd an fharraige gach áit sa chuan, roll siad thart agus chuaigh faoin fharraige arís. Rith cairde Big Tim suas an trá ar chosa in airde, ach d'fhan seisean linne agus muid uilig faoi dhraíocht ag an radharc seo. Bhí an míol mór in aice linn ag lúbarnaíl agus ag rolladh ina uaigh sa ghaineamh. Bhí a eireaball ag bualadh thart ar an talamh le teann feirge agus frustrachais, agus bhí a chaoineadh anois ag coinneáil comhcheoil leis an chuid eile amuigh ag Popplestones.

‘Tháinig siad,’ a scairt Fear na nÉan. ‘Tá sé rómhall, tá sé rómhall!’

‘A leithéid de rath!’ a scairt Big Tim. ‘A leithéid de rath! Caithfidh sé go bhfuil na dosaenacha acu ann. Ach ní thig linn breith orthu linn féin; beidh cuidiú de dhíth

orainn. Tá mé ag dul a fháil cuidiú.’ Agus thosaigh sé a rith suas an trá le bheith lena chairde. ‘Tá muid ag imeacht anois, ach beidh muid ar ais agus maróidh muid gach ceann acu, a Fhear na nÉan.’

‘Cad é atá sé a rá?’ a d’fhiafraigh Fear na nÉan de Daniel. ‘Ní thuigim cad é atá sé a rá. An bhfuil sé ag dul a fháil cuidiú? Ní thig liom a fheiceáil cad é atá sé a rá; labhraíonn sé róghasta dom. An bhfuil sé ag dul a fháil cuidiú?’

‘Níl,’ arsa Daniel. ‘Tá sé ag dul a fháil mhuintir an oileáin uilig lena dtabhairt anseo, ach níl siad ag dul cuidiú linn. Tá siad ag dul a mharú na míolta mara, a Uasail Woodcock, agus ní thig linn iad a stopadh. Beidh barraíocht acu ann.’

‘Níl sé ag dul a tharla arís,’ arsa Fear na nÉan. ‘Ó, a Dhia dhílis, ní arís. Caithfidh muid iad a stopadh, caithfidh muid iad a stopadh.’

## 11 An Seans Deireanach

RINNE MUID ÁR NDÍCHEALL STOP A CHUR LEIS NA míolta móra teacht róchóngarach don trá. Bhí muid ag scairteadh agus ag screadaíl orthu ar imeall na farraige, chaith muid clocha agus adhmaid raice leo fosta, ach níor éirigh linn ach cúpla ceann a bhualadh leo agus bhí an chuma ar na cinn a bhuail muid nár chuir sé isteach orthu ar chor ar bith. Bhí scata faoileán Fhear na nÉan ag eitilt os a gcionn agus iad ag scréachach leo ach níor chuir siad isteach ná amach orthu ach oiread. I rith an ama, bhí siad ag teacht níos cóngaraí agus níos cóngaraí don trá agus bás cinnte i ndán dóibh. Nuair a lig an míol mór a bhí gafa ar an trá fead lag as, bhí an chuma ar an scéal gur chuir sé isteach go mór ar na cinn eile amuigh sa chuan. Bhí siad ag rolladh agus ag bualadh in éadan

a chéile agus ag ligean feadanna astu agus ag seitreach agus ní stopfadh siad go dtí go stopfadh an míol mór a bhí gafa ar an ghaineamh ag ligean feadanna as. Ach bhí an chuma orthu go raibh siad ag teacht níos cóngaraí don trá le gach iarracht a rinne siad. Bhí an chuma ar an scéal anois nach dtiocfadh linn rud ar bith a dhéanamh le stop a chur leo teacht i dtír.

‘A Gracie,’ arsa Fear na nÉan, ‘gabh thusa ar ais chuig an mhíol mhór agus déan iarracht é a choinneáil socair. Cuimil le do lámh é, labhair leis, abair amhrán, déan rud ar bith a chuirfidh stop leis feadanna a ligean as.’ Agus bhain sé de a hata báistí agus thug domsa é. ‘Ní thig linn ligean dó éirí tirim ach oiread, a Gracie, bain úsáid as an hata seo mar a bheadh buicéad ann.’

Mar sin de, chuaigh mé chuig an fharraige gur líon mé an hata le huisce agus chuaigh mé siar agus aniar chuig an mhíol mór. Thosaigh mé ar a cheann ag doirteadh an uisce thar a shúile agus a bhéal. Bhí an chuma air gur thug sé faoiseamh dó. Chaoch sé a shúil agus roll sé a cheann agus an t-uisce ag rith thar a chraiceann agus isteach sa ghaineamh. Labhair mé go ciúin leis i rith an ama uilig. Is cuimhin liom gur shíl mé go raibh sé ábalta mé a thuiscint nuair a d’amharc mé isteach ina shúile, gur thuig sé gach aon fhocal uaim.

Bhí mé thíos ar mo ghlúine ar an ghaineamh in aice leis, ag cuimilt a chinn in aice lena pholl séidte os cionn a shúl, nuair a chonaic mé iad ag teacht ar ais. Bhí siad ag deifriú leo ar an chosán faoi Gweal Hill, agus Big Tim ag rith chun tosaigh orthu. Bhí an chuma ar an scéal go raibh muintir an oileáin uilig leis. Bhí arm de chineál éigin i lámh gach duine acu; forc, tua, grafóg nó speal. D’iompair athair Daniel harpún ar a ghuailí. Chuardaigh mé Máthair ina measc ach ní thioctadh liom í a dhéanamh amach. Bhí an biocáire ann, a chasóg sáite ina bhríste aige agus bhí an tUasal Wellbeloved ann fosta, agus é ag siúl go teann lena bhata siúil in aice le hathair Daniel.

‘Fan san áit a bhfuil tú, a Gracie,’ arsa Fear na nÉan, ‘agus coinnigh socair é má thig leat.’ Faoin am ar bhain siad an trá amach, sheas Fear na nÉan, Daniel agus Prince idir iadsan agus an míol mór a bhí gafa ar an ghaineamh. Níor labhair duine ar bith ar feadh bomaite. Sheas siad uilig ag amharc ar Fhear na nÉan, ar an mhíol mhór, ormsa agus ar Daniel le hiontas agus iad ag cogarnach lena chéile go díograiseach. Níorbh é go dtí go bhfaca siad droimeanna dubha na míolta móra ag briseadh an uisce amuigh sa chuan gur thosaigh siad a labhairt os ard.

‘Amharcaigí,’ a scairt Big Tim agus lúcháir mhór air agus scian mhór ina lámh aige. ‘Nár inis mé daoibh? Nár inis mé daoibh? Tá na dosaenacha acu amuigh ansin. D’inis mé daoibh go raibh.’

‘Narbhal atá ann,’ arsa an tUasal Wellbeloved. ‘Is ea, creidim gur narbhal atá ann. Bhuel, cé a chreidfeadh é? Is ar na cineálacha fireanna amháin a bhíonn na hadharca, bíodh a fhios agaibh. Tá sé píosa maith ar shiúl óna bhaile féin. Bíonn na hEiscimigh ag seilg na míolta móra sin ar chósta na Graonlainne. Níl a fhios agam faoin spéir cad é atá sé a dhéanamh anseo? Dá dtiocfadh liom radharc níos fearr a fháil air....’ Nuair a shiúil sé ionsorainn, thosaigh Prince a thafann, agus d’oscail sé a bhéal go leathan gur nocht sé a fhiacra. Bhí a mhúineál teann le fearg. Sheas an tUasal Wellbeloved san áit a raibh sé.

‘Éist, a Uasail Woodcock,’ arsa athair Daniel, agus é ag fáil greim ar lámh an Uasail Wellbeloved agus á tharraingt siar. ‘Is cuma linne cad é atá ann. Míol mór, narbhal, ní dhéanann sé difear ar bith dúinne. Is é an fheoil an t-aon rud a bhfuil suim againn ann agus an t-eabhar fosta, ar ndóigh. Déanfaidh muid airgead astu sin, a Uasail Woodcock. Is linne rud ar bith a thagann i dtír, sin mar atá rudaí anseo; tá a fhios sin agat.’ Níor

labhair Fear na nÉan ach d’amharc sé ar an líne de mhuintir an oileáin a bhí ina seasamh os a chomhair. ‘Agus maidir leatsa, a Daniel Pender,’ arsa athair Daniel, ag díriú a mhéire ar Daniel, ‘goitse anois nó buailfidh mé leis an strapa thú go díreach anois os comhair na ndaoine seo uilig. Níl cead agat bheith anseo leis an fhear seo. Dúirt mé leat arís agus arís eile.’ D’fhan Daniel san áit a raibh sé in aice le Fear na nÉan.

‘Thig leat mé a bhualadh leis an strapa más maith leat, a Athair,’ a scairt sé, ‘ach caithfidh tú éisteacht leis an Uasal Woodcock. Caithfidh tú eisteacht leis. Muna n-éisteann, beidh muid uilig cailte, gach duine againn. Caithfidh tú éisteacht leis, a Athair.’

‘A Uasail Woodcock,’ arsa athair Daniel, agus é ag éirí go hiontach mífhoighneach, ‘an bhfuil tusa ag dul a bhogadh an mhadaidh sin nó an mbogfaidh mise é? Níor mhaith liom tú féin nó an madadh a ghortú.’

‘Ní thig leis tú a chluinstin, a athair’, arsa Daniel. ‘Tá sé bodhar. Ní thuigeann sé duine ar bith seachas mise agus Gracie.’

‘Bodhar?’ arsa athair Daniel, agus ba léir gur chuir sé seo iontas air. ‘Maith go leor, mar sin. Abair thusa leis, a Daniel. Abair leis gur le gach duine an míol mór agus go bhfuil muid ag dul a mharú agus na cinn eile in



Popplestones chomh maith. Abair leis gur sin an dóigh a bhfuil rudaí anseo agus nach dtig leis muid a stopadh. Abair leis seasamh siar.'

Labhair Daniel go ciúin agus chlaon Fear na nÉan a cheann le taispeáint dó gur thuig sé. Chuir sé lámh ar ghualainn Daniel, sheas go díreach agus d'amharc ar athair Daniel. 'Beidh oraibh mise a mharú ar dtús, mar sin,' ar seisean. 'Caithfidh an míol mór seo dul isteach san fharraige arís – sin an áit cheart dó. Ansin caithfidh muid na cinn eile a bhrú amach san fharraige. Má fhaigheann fiú ceann amháin acu bás, tiocfaidh an mhallacht anuas oraibh, an mhallacht a tháinig anuas ar Samson nuair a bhí mise óg, tiocfadh an mhallacht sin anuas ar Bryher agus beidh an mhallacht oraibh go deo. Caithfidh sibh cuidiú liom sula mbeidh sé rómhall.'

'Ó bíodh ciall agat,' arsa Big Tim á bhrú féin chun tosaigh. 'Níl an t-am againn éisteacht leis an tseanamadán seo. Thiocfadh leis na míolta móra amuigh ansin tiontú thart am ar bith agus bheadh siad uilig cailte againn.' Agus thosaigh an slua a shiúl ionsorainn go mall.

'Seas amach as an bhealach, a Uasail Woodcock,' arsa athair Daniel. 'Tá a fhios agat gurb é sin an dóigh a bhfuil rudaí anseo. Seas amach as an bhealach anois.' Leis sin bhí Prince ar a chosa agus é ag tafann agus ag

ligean glamanna as. Thosaigh na daoine go díreach os a chomhair a chúlú, ach choinnigh an chuid eile ag teacht go dtí go raibh muid uilig beagnach timpeallaithe acu. Shílfeá gur mhothaigh an míol mór go raibh sé i gcontúirt mar thosaigh sé a ligean feadanna as agus a lúbarnaíl agus a bhualadh a eireabail ar an talamh taobh thiar de. Go tobann, bhí an cuan in Popplestones beo leis na míolta móra.

‘Ná déan é, a athair,’ a scairt Daniel agus é ag seasamh siar in aice liomsa. ‘Ná déan é. Éist leis. Tá sé ag insint na fírinne. Tá a fhios agam go bhfuil.’ Ach ba léir ón chuma chrua ar a n-aghaidheanna nach raibh siad ag éisteacht leis ar chor ar bith agus iad ag druidim isteach orainn.

‘Fanaigí.’ Chuala mé glór ag teacht ó chúl an scaifte, glór a d’aithin mé go maith. ‘Fanaigí!’ Thiontaigh gach duine thart. Bhí siad ina dtost láithreach. Sheas siad ar leataobh agus mo mháthair ag siúl chun tosaigh. Bhí Aunty Mildred in aice léi. D’amharc Máthair ormsa ar dtús agus ansin ar Fhear na nÉan. ‘Bhí tú i do shuí go luath ar maidin, a Gracie,’ ar sise. ‘Ní raibh a fhios agam cén áit a ndeachaigh tú.’

‘Bhí orm imeacht, a Mháthair,’ arsa mise, agus mé ag éirí i mo sheasamh. ‘Bhí orm imeacht. Tháinig Daniel

faoi mo choinne. Bhí Big Tim agus an chuid eile ag dul a dhéanamh ruathar maidine ar theach Fhear na nÉan. Chuala Daniel iad ag caint air agus, mar sin de, bhí orainn rabhadh a thabhairt dó.'

'An raibh, anois?' arsa Máthair, agus í ag amharc thart uirthi féin. Bhí faobhar ar a glór nár chuala mé riamh roimhe. 'An raibh a fhios sin agatsa, a Uasail Pender?' a d'fhiafraigh sí, agus d'amharc athair Daniel go fóchmhar ar Big Tim.

'Bhuel, bhí sé tuillte aige,' arsa Big Tim. 'Bhí sé ag déanamh comharthaí le fomhuireáin na Gearmáine, tá a fhios agam go raibh. Chonaic muidne é, nach bhfaca?' Ach níor thug duine ar bith dá chuid cairde tacaíocht dó anois.

Shiúil Máthair a fhad le Big Tim agus d'amharc air idir an dá shúil. 'Níl a fhios agat rud ar bith, a Tim Pender; mar ní dhéanann tú machnamh ar rud ar bith agus ní dhearna tú riamh. Déanann tú rudaí gan ceist a chur ort féin. Níl ionat ach maistín agus cladhaire. Mo náire thú.' Thiontaigh sí gur labhair sí leis an scaifte. 'Chuidigh an seanduine seo liomsa agus le Gracie. D'fhág sé mil, bainne agus arán ar leac mo dhorais nuair a bhí bia de dhíth orainn go géar. Bhur ndála féin, tá aithne agam air le blianta fada anois agus níor labhair

mé leis, ach ní dhearna sé dochar do dhuine ar bith i rith an ama sin uilig. Tuigim go bhfuil eagla ar gach duine againn roimhe, agus go ndeir muid lenár gcuid páistí fanacht amach uaidh; ach le fírinne, cad é an dochar atá déanta aige do dhuine ar bith?’ Níor labhair duine ar bith. Tháinig Máthair a fhad liomsa gur thóg sí mo lámh. ‘Níl a fhios agam cad é atá ar bun ag Gracie agus Daniel, agus níl a fhios agam cén fáth a bhfuil an tUasal Woodcock ag iarraidh na hainmhithe mara sin a shábháil. Tá a fhios agam gur cheart dúinn ar a laghad éisteacht leis agus leis an bheirt pháistí. Caithfidh muid cead cainte a thabhairt dóibh. Má tá sibh ag iarraidh na míolta móra a mharú ina dhiaidh sin, beidh cead agaibh. Beidh siad ann go fóill.’ Níor fhan sí le freagra, ghlac sí leis gur aontaigh siad léi. Mar sin de, thiontaigh sí gur labhair sí le Daniel. ‘Inis dúinn, a Daniel. Inis dúinn iomlán an scéil.’ Agus níor labhair duine ar bith ina héadan.

Rinne mé iontas den dóigh ar éist gach duine léi gan focal astu. Ag smaoineamh siar air, sílim go raibh iontas ar gach duine faoin athrú mhór a tháinig uirthi. Is cinnte nach bhfaca mise í ag labhairt chomh húdarásach ná chomh paiseanta sin riamh. Is é an t-aon rud atá ar eolas agamsa gur sheas siad uilig siar gan focal astu, fiú

Big Tim, agus gur fhan siad agus náire orthu ag fanacht le Daniel tús a chur leis an scéal.

Thiontaigh Daniel chuig an Uasal Woodcock. ‘An inseoidh mé dóibh?’ a d’fhiafraigh sé agus chlaon an seandúine a cheann.

‘Inis dóibh,’ ar seisean, ‘inis dóibh gach rud. Ach déan deifir, a Daniel, déan deifir. Níl aon am le spáráil.’

D’éist siad go hiontach cúramach le Daniel agus é ag míniú an dóigh a bhfaca Fear na nÉan agus a mháthair na fir ag déanamh slad ar na míolta móra in Samson na blianta fada ó shin, agus ar an dóigh a ndearna siad iarracht iad a stopadh ach nár éirigh leo, gurbh é saint agus cruálacht mhuintir an oileáin a tharraing an mhallacht anuas ar Samson. D’inis sé an scéal uafásach ar fad dóibh faoin tslad a rinne siad in Samson, faoin long taibhsí, faoin ocras agus faoin ghalar a lean ina dhiaidh, faoi na longa uilig a chuaigh go tóin poill nuair a bhuaíl siad in éadan na gcarraigeacha ar chósta Samson, faoi na madaí ar ith na daoine iad le fanacht beo.

De réir mar a bhí an fhírinne ag teacht amach faoi na seanráflaí, d’éist muintir an oileáin go hiontach cúramach leis an scéal. Chuala siad gur fhág na daoine, teaghlach i ndiaidh teaghlach, go dtí gur thriomaigh an tobar sa

deireadh agus go raibh ar Fhear na nÉan féin agus a mháthair an t-oileán a fhágáil.

Níor labhair duine ar bith ar feadh tamall fada. D’amharc siad ar a chéile agus cuma mhíshocair orthu, agus ba é Big Tim a labhair. ‘Nach cuma, níl a fhios againne an bhfuil fírinne ar bith le rud ar bith a deir sé. Thiocthadh leis bheith ag cumadh scéalta, nach dtiocfadh? Cá bhfuil an fhianaise?’

‘Tá an fhianaise in Samson,’ arsa Daniel. ‘Chonaic mise í – agus chonaic Gracie í fosta. Chonaic muid an adharc, nach bhfaca, a Gracie? Tá sí i dteachín an Uasail Woodcock in Samson, ar crochadh os cionn an tsoirn. Go díreach cosúil leis an cheann seo,’ ar seisean, ag díriú a mhéire ar an mhíol mhór.

‘An raibh tusa istigh ansin, a Gracie? a d’fhiafraigh Máthair díom. ‘An raibh tú istigh in Samson?’

‘Ní raibh neart againn air, a Mháthair,’ arsa mise. ‘Tharla sé an oíche sin a chuaigh muid a iascaireacht nuair a thit an ceo. Níor inis mé duit riamh mar bhí a fhios agam go mbeadh fearg ort. Ní raibh a fhios againn cén áit a raibh muid, le fírinne, a Mháthair, ní raibh. Ní thiocthadh leat do mhéar a fheiceáil romhat. Chonaic muid an solas agus thosaigh muid a rámhaíocht ina threo. Shíl muid gurbh é Bryher é ar dtús, ach fuair

muid amach ina dhiaidh sin gurbh í an tine a las Fear na nÉan ar Samson. Lasann sé tine ar Samson nuair a thagann drochaimsir le rabhadh a thabhairt do mhuintir na long go bhfuil carraigeacha móra ann.'

Go tobann bhí Máthair ina seasamh in aice liom. Bhí a lámha ar a cromáin aici agus í ina seasamh os comhair an scaifte. 'Bhuel?' ar sise. 'Cad leis a bhfuil sibh ag fanacht? Mura ndéanann muid deifir, beidh na míolta mór uilig ar an trá agus ní bheidh seans ar bith againn iad a chur ar ais isteach san fharraige. Tá seol de dhíth orainn ionas go dtig linn é a rolladh air agus tá rópaí de dhíth orainn fosta. Tá capall nó asal de dhíth orainn, nó an dá rud, b'fhéidir, le hé a tharraingt ar ais isteach san fharraige. Déanaigí deifir.' Níor thóg duine ar bith ceist an iarraidh seo. A mhalairt a tharla. Bhí fuadar faoi gach duine. Ar dhóigh éigin, spreag Máthair gach duine ar an oileán le cuidiú linn. D'eagraigh an biocáire agus Aunty Mildred gach fear, bean agus páiste le seasamh i líne ar imeall an uisce. Caithfidh sé go raibh céad duine ann ag siúl isteach san fharraige i líne le stop a chur leis na míolta móra teacht isteach ar an trá. Agus an fharraige go coim orthu, bhí siad ag feadaíl agus ag scairteadh agus ag splaiseáil, a fhad agus a bhí an tarrtháil ag tosú taobh thiar díobh.

Ba é athair Daniel a stiúir an obair dheacair leis an mhíol mhór a bhí gafa ar an ghaineamh a chur ar ais san fharrage. ‘Caithfidh muid é a chur ar ais san fharrage go hiontach cúramach, amhail is gur bád é,’ ar seisean. Thochail siad trinse domhain ag taobh amháin de agus nuair a tháinig an seol, leag siad é isteach sa trinse. Ansin thochail siad an taobh eile den trinse ina raibh sé agus bhrúigh siad é go cúramach, á luascadh ó thaobh go taobh go dtí gur shleamhnaigh sé síos ar an tseol. Ghlac sé dosaen fear le hé a bhrú, Fear na nÉan, An tUasal Wellbeloved agus athair Daniel ina measc, sula raibh an míol mór san áit cheart.

D’fhan mise in aice le ceann an mhíl mhóir i rith na tarrthála fad a bhí na páistí eile, Big Tim ina measc, ag fáil buicéid uisce le craiceann an mhíl mhóir a choinneáil fliuch. Bhí sé ag éirí iontach tuirseach anois. Ní raibh sé ag lúpadaíl chomh minic céanna anois agus ní raibh feadaíl ná seitreach ar bith as. Bhog sé go ciúin ó am go ham. Bhí a shúile beaga druidte ar feadh roinnt bomaití agus shíl mé ag an am sin go mb’fhéidir go raibh sé marbh. Tháinig sé chuige féin nuair a dhoirt duine éigin buicéad uisce ar a cheann, ach níor mhair sé rófhada. D’oscail sé a bhéal mór faoina adharc le ligean don uisce rith isteach fríd a fhiacra. Labhair mé leis i rith an ama



ar fad, ag iarraidh é a chur ar a shuaimhneas chomh maith agus a thiocthadh liom agus ag insint dó nach mbeadh sé rófhada sula mbeadh sé amuigh san fharraige arís lena chuid cairde. Thiocthadh liom a anáil a mhothú ar mo mhéara agus mé ag cuimilt bharr a chinn in aice lena pholl séidte. Ní raibh sé ag anáil chomh minic céanna anois agus bhí an anáil níos doimhne anois, amhail is go raibh sé ag titim ina chodladh. Nó b'fhéidir go raibh sé ag fáil bháis go mall.

Cheangail siad Friend agus asal eile leis an seol. Bhí an chuma ar an scéal ar dtús nach mbeadh siad láidir go leor leis an obair a dhéanamh. Chuaigh a gcosa go domhain isteach sa ghaineamh agus iad á tharraingt agus níorbh ag an míol mór. Níl a fhios ag duine ar bith cad é an rud a dúirt Fear na nÉan de chogair i gcluais Friend, ach pé rud a bhí ann, ba leor é. Níorbh fhada ina dhiaidh sin go raibh siad ag tarraingt an mhíl mhóir trasna an ghainimh fhliuch chun na farraige. Thóg dosaen fear an seol, seisear acu ar gach taobh, thóg siad an seol ionas gur chuir siad an míol mór isteach san fharraige arís i gcineál de leaba luascáin. Sheas mise siar ag amharc orthu leis an chuid eile agus na tonnta ag rith thar a dhroim agus de réir a chéile tháinig sé ar ais chuige féin. Ar chomhairle Fhear na nÉan, d'fhág muid

ansin é ar feadh tamall fada ar a shuaimhneas san uisce thanaí, le ham a thabhairt dó teacht go hiomlán chuige féin, sa dóigh go mbeadh sé ábalta snámh arís. Thosaigh sí a lúpadaíl agus a splaiseáil arís, agus lig fead mhór fhada as, rud a chuir lúcháir mhór orainn. Bhí an chuma ar an scéal go raibh Fear na nÉan sásta anois agus bhrúigh muid amach é san uisce domhain i dtreo na míolta móra eile amuigh sa chuan. Bhí spleodar mór ann nuair a bhain sé an chuid eile amach agus lig siad feadanna áthais agus búiríl astu agus iad sásta go raibh siad uilig le chéile arís. Míol mór amháin i measc na gceann eile a bhí ann anois agus ní raibh mé cinnte ina dhiaidh sin cé acu ceann a bhí ann.

Shíl mise, mar a shíl gach duine againn, go raibh an obair uilig déanta, go raibh siad le chéile arís agus go rachadh siad amach san fharraige mhór; ach ar feadh tamall fada, bhí an chuma orthu nach raibh siad sásta an cuan a fhágáil in ainneoin ár gcuid iarrachtaí iad a ruaigeadh isteach san fharraige mhór. Ba é Big Tim a dúirt gur chóir bualadh ar thráidirí stáin agus ar iarann le heagla a chur orthu, agus chuir na daoine fásta na páistí abhaile le miotal de chineál éigin a fháil lena úsáid mar a bheadh drumma ann. Smaoineamh maith a bhí ann, agus an chéad uair a bhuail muid uilig ar na píosaí

miotail a bhí againn, thiontaigh na míolta móra agus shnámh siad amach, ach stop siad ag béal an chuain. Thosaigh siad a ligean feadanna agus búiríl astu a bhí chomh hard sin gur mhothaigh muid go raibh siad ag tabhairt freagraí ar na drumaí. In áit an ruaig a chur orthu, is cosúil gur chuir siad suim sna drumaí agus go raibh siad tógtha leo.

Rinne muintir an oileáin iarracht mhór an lá ar fad an ruaig a chur orthu. Ghlac muid uilig seal san uisce anois cionn is go raibh sé rófhuar fanacht rófhada ann. Thug daoine anraith te agus arán chuig an trá agus las siad tine i gcoirnéal na trá le gach duine a choinneáil te. Bhí go leor bia ann an lá ar fad. Shíl muid go raibh an bua againn nuair a chonaic muid dhá mhíol mhóra ag snámh amach san fharraige mhór thar Gweal Rock. Níor lean an chuid eile iad, áfach, agus le teacht na hoíche bhí an chuid is mó de na míolta móra gafa in Popplestones go fóill, gan iad ábalta, nó gan iad sásta a mbealach a dhéanamh amach as.

Bhí mé féin, Fear na nÉan agus Daniel inár suí cois na tine ag ithe an anraith nuair a bhí smaoineamh eile ag Fear na nÉan. Bhí dath bán ar a aghaidh leis an fhuacht agus leis an tuirse, ach go tobann bhí spleodar ina ghlór. ‘Amharc an áit a bhfuil siad,’ ar seisean, ag éirí

ina sheasamh agus ag díriú a mhéire ar an chuan. ‘Amharcaigí orthu.’ Bhí grúpa mór míolta móra ina luí lena chéile sa dorchadas ar an taobh thall de Popplestones. ‘An tine atá ann,’ ar seisean. ‘An tine atá ann. Tá siad chomh fada agus is féidir leo ón tine. Ní maith leo an tine.’

Toirsí bladhairí, lampaí ola, carnáin adhmaid raice, bhain muid úsáid as gach rud, rud ar bith a rachadh trí thine. Las muid tinte ar na carraigeacha ag an chuan. Ansin chuaigh Fear na nÉan agus líne mhór fhada de mhuintir an oileáin isteach san uisce go coim ag croitheadh na dtoirsí os a gcionn agus shiúil siad i dtreo na míolta móra. Dúirt siad linne fanacht ar an trá. Bhí sé róchontúirteach do na páistí anois bheith amuigh san fharraige sa dorchadas agus na míolta móra ag bualadh a n-eireaball in éadan an uisce agus an ghaoth ag éirí. D’fhan muid mar sin ag amharc ar an líne de thoirsí agus iad ag dul isteach sa chuan.

Roinnt bomaití ina dhiaidh sin, thug siad Fear na nÉan ar ais. D’iompair athair Daniel agus an biocáire é amach as an fharraige. Dúirt athair Daniel gur cosúil gur bhuaile tonn mhór é agus gur leag sí é agus go raibh sé anois as anáil. Chuir siad ina shuí é os comhair na tine.

‘Beidh mé ceart go leor,’ arsa Fear na nÉan agus é ag

streachailt le héirí. ‘Lig dom dul amach ansin. Tá gach duine de dhíth amuigh ansin.’

‘Sílim go bhfuil go leor déanta agat, a Uasail Woodcock,’ arsa an biocáire. ‘Tá siad ag tiontú, tá siad ag imeacht. Beidh muid ceart go leor gan tú anois. Is beag nach raibh tú báite amuigh ansin. Fan thusa anseo agus lig do scíth.’ Agus in éadan a thola, d’fhan sé. Chuir Máthair blaincéad thart air agus bhailigh mé féin agus Daniel agus eisean le chéile le hé a choinneáil te, agus tháinig Prionsa gur luigh sé ag ár gcosa. ‘Is féidir go mbeidh gach rud ceart go leor, a pháistí,’ arsa Fear na nÉan.

‘Is féidir go mbeidh gach rud ceart go leor sa deireadh.’

Ba í an líne de thoirsí a chuir an ruaig ar na míolta móra sa deireadh agus a thiomáin amach san fharraige mhór iad. Lig siad uilig fead mhór amháin eile astu agus bhí siad ag seirreach leo agus na scairdeanna uisce ag dul suas san aer nuair a bhí siad ag snámh thar Gweal Island. Bhí muidne uilig inár seasamh ansin sa dorchadas agus lig muid liú mór áthais asainn. Ní raibh Fear na nÉan sásta go fóill, áfach. Bhí seisean ina sheasamh arís faoin am seo. Thug sé ar gach duine tinte a lasadh ar an trá le bheith cinnte nach dtiocfadh siad ar ais i rith na

hoíche; agus fiú nuair a d'fhág gach duine Popplestones le dul abhaile, ní raibh seisean sásta imeacht.

D'iarr Máthair air teacht linne. Bhí sí ag impí air teacht. 'Abair leis go bhfuil sé iontach fuar, a Daniel, agus nach dtig leis dul a chodladh i dteach nach bhfuil fuinneog ar bith ann. Tá sé fliuch go craiceann. Abair leis go gcaithfidh sé teacht abhaile linn.'

Dúirt Daniel leis ach rinne Fear na nÉan miongháire agus chlaon a cheann. 'Beidh mé te go leor in aice leis an tine agus fanfaidh Prince in aice liom le cuideachta a choinneáil liom, nach bhfanfaidh, a Prince? Is féidir go rachaidh mé amach ar an bhád níos moille nuair a éireoidh sé geal. Tá mé ag iarraidh bheith cinnte de go bhfuil siad imithe – caithfidh mé bheith cinnte de nach dtiocfaidh siad ar ais. Tabhair leatsa an bheirt pháistí sin agamsa abhaile sula dtiocfaidh an slaghdán orthu.' Agus muidne ag imeacht, scairt sé orainn gan a cheann a thiontú. 'Tá sé uilig thart anois, a pháistí. Tá deireadh le mallacht Samson, tá muid slán sábháilte anois. Geallaim daoibh go mbeidh gach rud go maith anois. Fan go bhfeice sibh.'

D'fhág muid ansin é faoi sholas na tine agus Prince in aice leis. Agus muid ag imeacht, chonaic muid na faoileáin ag teacht anuas gur shuigh siad in aice leis. Go

tobann tháinig an saidhbhéar ar leathchois gur sheas sé ar a ghualainn.

Ní fhaca duine ar bith Fear na nÉan choíche arís. Fuair siad a hata dubh báistí a tháinig i dtír ar Hell Bay roinnt laethanta ina dhiaidh sin, ach ní fhaca muid a bhád ina dhiaidh sin. Shíl mise i gcónaí go raibh a fhios aige nach mbeadh sé ag teacht ar ais. Ach ab é sin, ní fhágfadh sé Prince ina dhiaidh ar an trá. Chomh maith leis sin, fuair muid píosa de theachtaireacht scríofa le sliogáin an mhaidin dár gcionn ar an trá in aice leis an mhadadh. Bhí na sliogáin scaipthe ach thiocfadh linn na litreacha 'Z.W.' a dhéanamh amach go fóill.

## 12 An Deireadh

NÍ FHACA MÉ RIAMH AN OIREAD SIN DAOINE SAN eaglais agus a bhí maidin Dé Domhnaigh, fiú ag an Nollaig. Seirbhís a bhí ann, dar leis an bhíocáire, ní d'fhear cróga amháin as Bryher, ach do bheirt fhear cróga a thug a saol do gach duine againn. Níor chuala mé mórán dár dhúirt sé. Bhí an guth leadránach sin aige a chuaigh ar aghaidh agus ar aghaidh agus a d'fhág go raibh sé dodhéanta éisteacht leis ar feadh tamall fada. Is cuimhin liom go raibh mé i mo shuí sa tsuíochán tosaigh, Máthair ina suí ar thaobh amháin díom agus Daniel ar an taobh eile agus mé ag déanamh go raibh mé iontach tábhachtach agus gan mé leath chomh brónach agus ba chóir dom a bheith. Ghuigh mé, nó rinne mé iarracht, ach tháinig na focail amach mar a bheadh



smaoineamh ann in áit paidre sa deireadh. Bhí mé ag smaoineamh ar cé chomh maith agus a bheadh sé dá mbuailfeadh Athair agus Fear na nÉan lena chéile ar neamh, agus chuir mé ceist orm féin cad é a déarfadh siad fúmsa. Bhí Daniel ina shuí agus na guailí cromtha aige. Bhí coiléar cruá air. Bhí a chuid gruaige iontach néata agus í scuabtha go síodúil. Shiúil muid abhaile le chéile. Bhí fearg ar Daniel, áfach.

‘Níl muinín acu as go fóill,’ ar seisean. ‘I ndiaidh gach ruda atá déanta aige dóibh, ní chreideann siad go fóill é. Dúirt Athair liom fanacht amach ó Samson. Deir sé go bhfuil sé ag iarraidh bheith cinnte de go bhfuil deireadh le mallacht Samson. Deir sé gur maith an scéalaí an aimsir. Tá eagla air go fóill, a Gracie. Tá eagla orthu uilig, seachas Aunty Mildred. Ní chuireann rud ar bith eagla uirthi. Níl ach an t-aon dóigh amháin ann leis an scéal a chruthú dóibh, a Gracie. Beidh orainn dul isteach leis an adharc sin a thabhairt ar ais. Má fheiceann siad sin, beidh orthu gach rud a chreidiúint, nach mbeidh? Fiú athair, fiú Big Tim.’

Ach ar feadh dhá sheachtain i ndiaidh na seirbhíse cuimhneacháin, tháinig na gálaí gaoithe agus ní raibh bád ar bith ábalta Bryher a fhágáil. Bhí sé róchontúirteach fiú le dul trasna an chainéil ar an fhoscadh go Tresco.

Chiallaigh sé sin nach raibh scoil ar bith ann agus bhí mé iontach sásta leis sin. Thug muid Prince abhaile linn go Southill Cottage, agus tháinig na gabhair uafásacha sin fosta, rud a chuir samhnas orm. Dúirt Máthair go raibh ar dhuine éigin aire a thabhairt dóibh, ach ní raibh athair Daniel sásta ainmhí ar bith a ligean cóngarach dá theachsa, agus mar sin de bhí ormsa iad a bhleán dhá uair sa lá. Bhí orainn cearca Fhear na nÉan agus Friend a fhágáil thuas ar Heathy Hill, ní cionn is nach raibh muid ag iarraidh iad a thabhairt linn, ach cionn is nach dtiocfadh linn breith orthu. Gach lá agus na gálaí gaoithe ann, chuaigh mé féin agus Daniel suas ansin le bia a thabhairt dóibh. Bhí muid ag dúil go mbeadh muid ábalta breith orthu lena dtabhairt abhaile; ach bhí siad i gcónaí róghlic, fiú agus ocraas orthu.

Mhúscail muid maidin agus bhí an ghaoth imithe; bhí an crann darach taobh amuigh de m'fhuinneog socair. Luigh mé ansin in aice le Máthair ag dúil go mbeadh an fharrage socair fosta i ndiaidh na ngálaí gaoithe agus go mbeadh muid ábalta dul ar scoil an lá sin. Mhóthaigh mé go raibh sé aisteach nuair a thosaigh cloigín na heaglaise a bhualadh, mar maidin Luain a bhí ann, dar liomsa; ach bhí mé sásta go leor a rá liom féin go raibh mé contráilte agus go mbeadh lá eile saor ón

scoil agam. Luigh mé siar ar an cheannadhairt arís agus bhí mé ar tí titim i mo chodladh nuair a shuigh Máthair siar go tobann.

‘Ní hé seo an Domhnach,’ ar sise. ‘Tá cloigíní na heaglaise á mbualadh agus ní hé seo an Domhnach.’

‘An bhfuil tú cinnte nach é seo an Domhnach?’ a d’fhiafraigh mise. ‘Is féidir gurb é.’

‘An Luan atá ann, a Gracie,’ arsa Máthair, ‘agus an chuma air gur lá deas atá ann, agus tá tusa ag dul ar scoil. Amach as an leaba leat.’

‘Cad chuige a bhfuil na cloigíní á mbualadh má tá an Luan ann?’ a d’fhiafraigh mé.

‘Níl barúil agam, ach pé rud atá ann thig leis fanacht go dtí i ndiaidh an bhricfeasta.’ D’éirigh Máthair. ‘Goitse anois, a Gracie, déan deifir nó caillfidh tú an bád scoile.’ D’amharc sí trasna na leapa orm. ‘Agus go díreach le bheith cinnte de nach gcaillfidh tú an bád sin, siúlfaidh mise leat chuig an chuan; gheobhaidh muid amach ansin cén fath a bhfuil siad ag bualadh an chloigín sin.’

Tháinig Prince linn agus é ag smúrthacht gach geata agus muid ag siúl thart. Bhí a eireaball á luascadh ó thaobh go taobh aige. Bhí an cloigín á bhualadh an t-am ar fad agus muid ag siúl. Ní raibh Daniel ag fanacht liom mar a bhíodh de ghnáth, agus bhí an chuma ar

gach teach ar shiúil muid thart leis go raibh sé folamh. Bhí na doirse tosaigh oscailte amach ar fad. Stop an cloigín á bhualadh faoin am ar bhain muid teach Auntie Mildred amach. Bhí muid go díreach ag siúl thart lena geata nuair a chuala muid an scaifte den chéad uair. Agus muid ag siúl thart an coirnéal, chonaic muid go raibh an cuan thíos fúinn dubh le daoine. Ní thiocfadh leat an cuan a fheiceáil, bhí an oiread sin daoine ann. Bhí an bád scoile ann ach ní raibh duine ar bith ag dul ar bord. Bhí bád eile in aice leis, ceann a tháinig ó St. Mary's. Bhí gach duine ag gáire, ag bualadh bos agus bhí liú áthais astu. Ansin thóg siad fear, fear a raibh éide ghorm air, thóg siad suas ar a nguailí é agus thosaigh a shiúil chugainn suas an cosán agus an scaifte mór á leanúint. Shuigh Prince ar a chosa, rud a rinne sé go minic nuair a bhí air a mhachnamh a dhéanamh faoi rudaí.

‘Cé hé sin, a Gracie?’ arsa Máthair, agus í leathdhallta ag an ghrian. ‘Cad chuige an rírú uilig?’

Rith Daniel ar cosa in airde chugainn agus é ag scairteadh orainn. ‘Múinfidh sé sin ceacht dóibh, a Gracie, múinfidh sé sin ceacht dóibh. Beidh orthu muid a chreidiúint anois. Tá deireadh leis, go díreach mar a gheall sé a bheadh sé. Tá deireadh le mallacht Samson.

Nach bhfuil a fhios agat cé atá ann, a Gracie, nach bhfuil a fhios agat?’

Agus bhí a fhios agam anois. Bhí a fhios ag Máthair fosta, ach ní thiocfadh léi a súile a chreidiúint. Nuair a chuir siad Athair síos ar an talamh arís, shín duine acu bata siúil chuige agus thit ciúnas ar an scaifte. D’amharc sé ar Mháthair agus ansin bhain de a chaipín mairnéalaigh. ‘Giota beag rómhall don bhricfeasta, a Clemmie?’ Stán Máthair air. ‘Bhuel, ná bí ag amharc orm mar sin. Mise atá ann, a Clemmie, le fírinne, mise atá ann. Deir siad liom go bhfuil mé in ainm a bheith marbh, ach níl. Nár inis siad duit go raibh mé ag teacht? Tá an chuma ar d’aghaidh nár inis. Cad é a chaithfidh mé a dhéanamh lena chruthú duit? Seo, tabhair dom do lámh, a Clemmie, mothaigh sin. Mise atá ann. Inis dom gur mise atá ann nó beidh mé féin in amhras. Chuaigh an long ar a raibh mé go tóin poill, a Clemmie – bhuaile toirpéad í ar chósta Gallipoli agus chuaigh sí síos taobh istigh de dhá bhomaite. Níor tháinig duine ar bith eile slán as ach mise. Bhí greim agam ar ghiota de bhád tarrthála ar feadh lae agus oíche agus thóg iascairí mé an lá dár gcionn. Ní thig leat é a chreidiúint, an dtig? Ní thiocfadh liomsa ach oiread, thig liom a insint duit. Tá an t-ádh dearg orm, a Clemmie. Níor chóir dom bheith

anseo, ach seo mé. Tá mé amuigh ar saoire thinnis. Ghortaigh mé mo chos nuair a thit mé isteach san uisce, ach ní bheidh an bata siúil seo de dhíth orm rófhada.’ D’amharc Athair síos orm. ‘Síob abhaile, a Gracie?’ a d’fhiafraigh sé. ‘Ar do bhealach ar scoil, an raibh? Bhuel beidh ar an Uasal Wellbeloved dul gan thú don lá inniu, nach mbeidh? Gabh aníos,’ ar seisean agus é ag dul síos ar a ghogaide le ligean dom dul suas ar a ghuailí. ‘An bhfuil tú ag teacht, a Clemmie?’ ar seisean agus thóg sé a lámh. ‘Tá ocras an domhain orm.’

An tráthnóna céanna chuaigh gach bád ó Bryher trasna na farraige faoi sholas geal na gréine isteach go Samson. Níor fhan duine ar bith in Bryher, fiú Big Tim. Mar sin féin, mhothaigh mé gurbh eisean an duine deireanach a leag cos ar Samson nuair a bhain muid amach é.

Rinne siad iontas den adharc os cionn an mhatail sa teachín – agus bhí gach duine ag iarraidh í a chuimilt le bheith cinnte de nach raibh sé déanta as adhmaid. Chuaigh muid thart ar an oileán. Bhí na coiníní móra dubha le feiceáil gach áit agus rith Prince ina ndiaidh an tráthnóna ar fad gan toradh ar bith aige. Rith sé ar fud an oileáin mar a bheadh ainmhí fiáin ann agus tháinig mé air ina luí ar leaba Fhear na nÉan ina theachín, agus

a anáil i mbarr a ghoib aige.

‘Tá tart air,’ arsa mise. ‘Tá deoch de dhíth air.’

‘Beidh uisce sa tobar anois,’ arsa Daniel. ‘Tá mé cinnte go mbeidh; caithfidh sé bheith ann anois.’ Agus rith muid síos taobh an chnoic le chéile agus Prince ag rith go gasta inár ndiaidh. Agus iontas na n-iontas, bhí an tobar lán, lán go béal. Luigh muid uilig síos ar an talamh, chuir ar mbéal isteach ann agus d’ól linn.

D’ól gach duine uisce as an tobar in Samson an lá sin amhail is gur deoch íocshláinte a bhí ann, agus ina dhiaidh sin, ní raibh duine ar bith amhrasach faoi scéal Fhear na nÉan; níor chuala mise go raibh, ar aon nós.

Má théann tú choíche go dtí na Scillí, gabh isteach go Samson agus caith am ag amharc thart. Tá na seanteachíní ann go fóill, carnán de shliogáin bhairnigh taobh amuigh de gach ceann acu; agus feicfidh tú an tobar lán uisce. Níl duine ar bith ina chónaí ann anois, agus ní bheidh agat mar chuideachta ach na geabhróga agus na coiníní dubha. Mothóidh tú iontach uaigneach.



INVESTORS  
IN PEOPLE | Silver





# An Fáth Ar Tháinig Na Míolta Móra

*‘Cuireann Fear na nÉan daoine faoi gheasa.  
Níor cheart dúinn labhairt leis. Níl cead againn.’*

Tugadh rabhadh do Gracie agus Daniel fanacht ar shiúl ón fhear mire darb ainm Fear na nÉan. Faigheann siad teachtaireacht ar an ghaineamh, áfach, a chuireann in iúl dóibh go bhfuil taobh eile ar an scéal.

Ansin, téann siad ar strae sa cheo agus tagann siad i dtír ar oileán tréigthe Samson – ar cheart dóibh scéal Fhear na nÉan go bhfuil mallacht ar an oileán a chreidiúint?

*‘Scéal a bhfuil an mhistéir agus an phiseog go smior ann’  
Joanna Carey*

**MICHAEL MORPURGO**  
An Scothscéalai

Pictiúir an Chlúdaigh  
Olegusk / Shutterstock.com  
photographer2222 / Shutterstock.com

**COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234

Email: [info@ccea.org.uk](mailto:info@ccea.org.uk) Web: [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

